Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

AN GHNÍOMHAIREACHT UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais | **2014**

AN GHNÍOMHAIREACHT UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL

Tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) freagrach as an gcomhshaol a chaomhnú agus a fheabhsú mar shócmhainn luachmhar do mhuintir na hÉireann. Táimid tiomanta do dhaoine agus don chomhshaol a chosaint ó éifeachtaí díobhálacha na radaíochta agus an truaillithe.

Is féidir obair na Gníomhaireachta a roinnt ina trí phríomhréimse:

Rialú: *Déanaimid córais éifeachtacha rialaithe agus comhlíonta comhshaoil a chur i bhfeidhm chun torthaí maithe comhshaoil a sholáthar agus chun díriú orthu siúd nach gcloíonn leis na córais sin.*

Eolas: *Soláthraímid sonraí, faisnéis agus measúnú comhshaoil atá ar ardchaighdeán, spriocdhírithe agus tráthúil chun bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht ar gach leibhéal.*

Tacaíocht: *Bímid ag saothrú i gcomhar le grúpaí eile chun tacú le comhshaol atá glan, táirgiúil agus cosanta go maith, agus le hiompar a chuirfidh le comhshaol inbhuanaithe.*

Ár bhFreagrachtaí

Ceadúnú

- Déanaimid na gníomhaíochtaí seo a leanas a rialú ionas nach ndéanann siad dochar do shláinte an phobail ná don chomhshaol:
- saoráidí dramhaíola (*m.sh. láithreáin líonta talún, loisceoirí, stáisiúin aistrithe dramhaíola*);
- gníomhaíochtaí tionsclaíocha ar scála mór (*m.sh. déantúsaíocht cógaisíochta, déantúsaíocht stroighne, stáisiúin chumhachta*);
- an diantalmhaíocht (*m.sh. muca, éanlaith*);
- úsáid shrianta agus scaoileadh rialaithe Orgánach Géinmhodhnaithe (*OGM*);
- foinsí radaíochta ianúcháin (*m.sh. trealamh x-gha agus radaiteiripe, foinsí tionsclaíocha*);
- áiseanna móra stórála peitril;
- scardadh dramhuisce;
- gníomhaíochtaí dumpála ar farraige.

Forfheidhmiú Náisiúnta i leith Cúrsaí Comhshaoil

- Clár náisiúnta iniúchtaí agus cigireachtaí a dhéanamh gach bliain ar shaoráidí a bhfuil ceadúnas ón nGníomhaireacht acu.
- Maoirseacht a dhéanamh ar fhreagrachtaí cosanta comhshaoil na n-údarás áitiúil.
- Caighdeán an uisce óil, arna sholáthar ag soláthraithe uisce phoiblí, a mhaoirsiú.
- Obair le húdaráis áitiúla agus le gníomhaireachtaí eile chun dul i ngleic le coireanna comhshaoil trí chomhordú a dhéanamh ar líonra forfheidhmiúcháin náisiúnta, trí dhíriú ar chiontóirí, agus trí mhaoirsiú a dhéanamh ar leasúchán.
- Cur i bhfeidhm rialachán ar nós na Rialachán um Dhramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (DTLL), um Shrian ar Shubstaintí Guaiseacha agus na Rialachán um rialú ar shubstaintí a ídíonn an ciseal ózóin.
- An dlí a chur orthu siúd a bhriseann dlí an chomhshaoil agus a dhéanann dochar don chomhshaol.

Bainistíocht Uisce

- Monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar cháilíocht aibhneacha, lochanna, uiscí idirchriosacha agus cósta na hÉireann, agus screamhuiscí; leibhéil uisce agus sruthanna aibhneacha a thomhas.
- Comhordú náisiúnta agus maoirsiú a dhéanamh ar an gCreat-Treoir Uisce.
- Monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar Cháilíocht an Uisce Snámha.

Monatóireacht, Anailís agus Tuairisciú ar an gComhshaol

- Monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht an aeir agus Treoir an AE maidir le hAer Glan don Eoraip (CAFÉ) a chur chun feidhme.
- Tuairisciú neamhspleách le cabhrú le cinnteoireacht an rialtais náisiúnta agus na n-údarás áitiúil (*m.sh. tuairisciú tréimhsiúil ar staid Chomhshaol na hÉireann agus Tuarascálacha ar Tháscairí*).

Rialú Astaíochtaí na nGás Ceaptha Teasa in Éirinn

- Fardail agus réamh-mheastacháin na hÉireann maidir le gáis cheaptha teasa a ullmhú.
- An Treoir maidir le Trádáil Astaíochtaí a chur chun feidhme i gcomhair breis agus 100 de na táirgeoirí dé-ocsaíde carbóin is mó in Éirinn

Taighde agus Forbairt Comhshaoil

- Taighde comhshaoil a chistiú chun brúnna a shainaithint, bonn eolais a chur faoi bheartais, agus réitigh a sholáthar i réimsí na haeráide, an uisce agus na hinbhuanaitheachta.

Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta

- Measúnacht a dhéanamh ar thionchar pleananna agus clár beartaithe ar an gcomhshaol in Éirinn (*m.sh. mórphleananna forbartha*).

Cosaint Raideolaíoch

- Monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil radaíochta, measúnacht a dhéanamh ar nochtadh mhuintir na hÉireann don radaíocht ianúcháin.
- Cabhrú le pleananna náisiúnta a fhorbairt le haghaidh éigeandálaí ag eascairt as taismí núicléacha.
- Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí thar lear a bhaineann le saoráidí núicléacha agus leis an tsábháilteacht raideolaíochta.
- Sainseirbhísí cosanta ar an radaíocht a sholáthar, nó maoirsiú a dhéanamh ar sholáthar na seirbhísí sin.

Treoir, Faisnéis Inrochtana agus Oideachas

- Comhairle agus treoir a chur ar fáil d'earnáil na tionsclaíochta agus don phobal maidir le hábhair a bhaineann le caomhnú an chomhshaoil agus leis an gcosaint raideolaíoch.
- Faisnéis thráthúil ar an gcomhshaol ar a bhfuil fáil éasca a chur ar fáil chun rannpháirtíocht an phobail a spreagadh sa chinnteoireacht i ndáil leis an gcomhshaol (*m.sh. Timpeall an Tí, léarscáileanna radóin*).
- Comhairle a chur ar fáil don Rialtas maidir le hábhair a bhaineann leis an tsábháilteacht raideolaíoch agus le cúrsaí práinnfhreagartha.
- Plean Náisiúnta Bainistíochta Dramhaíola Guaisí a fhorbairt chun dramhaíl ghuaiseach a chosc agus a bhainistiú.

Múscailt Feasachta agus Athrú Iompraíochta

- Feasacht chomhshaoil níos fearr a ghiniúint agus dul i bhfeidhm ar athrú iompraíochta dearfach trí thacú le gnóthais, le pobail agus le teaghlaigh a bheith níos éifeachtúla ar acmhainní.
- Tástáil le haghaidh radóin a chur chun cinn i dtithe agus in ionaid oibre, agus gníomhartha leasúcháin a spreagadh nuair is gá.

Bainistíocht agus struchtúr na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil

Tá an ghníomhaíocht á bainistiú ag Bord lánaimseartha, ar a bhfuil Ard-Stiúrthóir agus cúigear Stiúrthóirí. Déantar an obair ar fud cúig cinn d'Oifigí:

- An Oifig Aeráide, Ceadúnaithe agus Úsáide Acmhainní
- An Oifig Forfheidhmithe i leith cúrsaí Comhshaoil
- An Oifig um Measúnú Comhshaoil
- An Oifig um Cosaint Raideolaíoch
- An Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha

Tá Coiste Comhairleach ag an nGníomhaireacht le cabhrú léi. Tá dáréag comhaltaí air agus tagann siad le chéile go rialta le plé a dhéanamh ar ábhair imní agus le comhairle a chur ar an mBord.

AN GHNÍOMHAIREACHT UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL

Tuarascáil Bhliantúil an GCC 2014

© An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 2015

Cé go ndearnadh gach iarracht cruinneas an ábhair atá san fhoilseachán seo a chinntiú, ní féidir cruinneas iomlán a ráthú. Ní ghlacann an Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil ná an t-údar/na húdair le freagracht ar bith as caillteanas ná as damáiste a tharla nó a mhaítear a tharla, go páirteach nó ina iomláine, de thoradh ar dhuine ar bith bheith ag gníomhú nó gan bheith ag gníomhú mar gheall ar aon ábhar atá san fhoilseachán seo. Is ceadmhach an foilseachán iomlán seo, nó cuid de a atáirgeadh gan tuilleadh ceada, fad is go n-admhaítear an fhoinse.

Arna foilsiú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Éire

Arna dearadh ag Yellowstone Communications Design

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Bosca Oifig Phoist 3000,
Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Co. Loch Garman, Éire

Íomhánna le caoinchead ó fhoireann an GCC

ISBN: 978-1-84095-596-5

Tá leagan amach na tuarascála seo struchtúrtha agus ailínithe chun ár bPlean Straitéiseach, 2013 – 2015 a léiriú – *Obair le Daoine Eile chun Comhshaol Níos Fearr a Chruthú.*

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Príomhstaidreamh 2014

CEADÚNÚ

194 ceadúnas eisithe

8,500 tuairisceán agus fógra ceadúnaí measúnaithe

270 leasú teicniúil críochnaithe

FORFHEIDHMIÚ

347 cuairt tugtha ar láithreáin dramhuisce uirbigh

62 iniúchadh déanta ar láithreáin uisce óil

1,350+ cuairt tugtha ar láithreáin thionsclaíocha agus dramhaíola (.i. cigireacht agus iniúchadh)

DLÍTHIÚIL

29 Treoir Eisithe ar Uisce

14 chás ionchúisimh ar éisteadh leo sa Chúirt Dúiche

3 chás shibhialta éiste in ard-chúirteanna

2m+ cuairt ar shuíomh gréasáin an GCC **www.epa.ie**

360 tonna dramhaíl ghuaiseach feirme tugtha ag **3,000 feirmeoir** go **16 ionad bailiúcháin** (sonraí 2013 agus 2014)

2,650 ceist chomhshaoil ón bpobal freagartha

epa Office of Radiological Protection

Oifig nua um Cosaint Raideolaíoch bunaithe

3 léacht **de chuid an GCC tugtha ar Athrú Aeráide**

1,034 áit chónaithe tomhaiste le haghaidh **Radóin**

Laghdú 37% ar dhramhaíl tí a cuireadh in **ionaid líonta talún**, de réir na sonraí is déanaí

epa BeGreen PREVENTING WASTE & SAVING MONEY

€1.4m de choigilteas in-athdhéanta aitheanta i 38 gnó le haghaidh infheistíocht aonuaire €260k ag an GCC

epa STOP FoodWaste.ie

Reáchtáil **17 n-údarás áitiúla** an Dúshlán um Chur Amú Bia a Chosc le grúpaí pobail áitiúla a chuimsigh 350 teaghlach

Clár Táscairí Comhshaoil

Tá sraith de tháscairí lárnacha comhshaoil d'Éirinn curtha i láthair thíos, chomh maith leis an stádas/treocht comhshaoil le haghaidh gach ceann díobh. Tabhair cuairt ar www.epa.ie/irelandsenvironment/environmentalindicatorsdashboard chun níos mó sonraí a fháil agus le breathnú ar na sonraí bainteacha is déanaí.



Táscairí um Athrú Aeráide	Stádas/Treocht
Astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa – Teorainn Phrótacal Kyoto	😐
Réamh-mheastacháin le haghaidh Gás Ceaptha Teasa go dtí 2020	☹
Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa de réir Earnála	😐
Leibhéil Dé-Ocsaíd Charbóin san Atmaisféar	☹

Táscairí Aeir	Stádas/Treocht
Cáilíocht an Aeir – Dé-ocsaíd Nítrigine	☺
Cáilíocht an Aeir – Ábhar Cáithníneach	☺
Cáilíocht an Aeir – Ózón ar Leibhéal na Talún	☺
Astaíochtaí Aeir – Ocsaídí Nítrigine	☹

Táscairí Uisce	Stádas/Treocht
Cáilíocht Screamhuisce	😐
Cáilíocht Uisce Abhann	😐
Suíomhanna Abhann Ardchaighdeáin	☹
Cáilíocht Uisce Locha	😐
Cáilíocht Uisce Inbhir agus Cósta	😐
Cóireáil Dramhuisce Uirbigh	😐

Táscairí Dramhaíola	Stádas/Treocht
Aisghabháil agus Diúscairt Dramhaíola Cathrach	😐
Aisghabháil Dramhaíola ó Phacáistiú	☺
Atreorú Dramhaíola In-Bhithmhillte ó Líonadh Talún	😐
Fás Tuartha ar Dhramhaíl Chathrach	☹

Táscairí Dúlra	Stádas/Treocht
Daonraí Éan faoin Tuath	☺
Stádas Caomhantais na nGnáthóg Liostaithe	☹
Stádas Caomhantais na Speiceas Liostaithe	😐
Speicis faoi Bhagairt	😐

Táscairí Comhshaoil agus Sláinte	Stádas/Treocht
Cáilíocht Uisce Óil	😐
Cáilíocht Uisce Snámha	😐



CLÁR NA NÁBHAR

RÁITEAS AN ARD-STIÚRTHÓRA 1

MISEAN, FÍS AGUS LUACHANNA 2014 4

BAINISTÍOCHT AGUS STRUCHTÚR AN GCC 5

RIALÁIL 7

- Ceadúnú 8
- Forfheidhmiú 10
- Treoir 16

EOLAS19

- Monatóireacht agus Measúnú 20
- Taighde 28
- Tuairisciú 30

ABHCÓIDEACHT 35

- Oideachas 36
- Múscailt Feasachta 38
- Athrú Iompraíochta 40
- Obair le Daoine Eile 45

ATHRÚ AGUS LEASÚ A CHUMASÚ 49

- Daoine agus Struchtúir 50
- Próisis agus Teicneolaíocht 52
- Rialachas 54
- An Cumasc leis an IECR 56

AGUISÍNÍ 59

FOILSEACHÁIN 2014 60

COMHAIRLIGH AGUS COMHAIRLEOIRÍ A FOSTAÍODH IN 2014 62

AN T-ACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS, 1997 63

NA RÁITIS AIRGEADAIS 64

RÁITEAS AN ARD-STIÚRTHÓRA

Is áthas liom Tuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil le haghaidh na bliana 2014 a chur i láthair. Cuireann an GCC réimse leathan feidhmeanna reachtúla i bhfeidhm go héifeachtúil chun a misean a chur i gcrích, is é sin, *"an comhshaol a chosaint agus a fheabhsú mar shócmhainn luachmhar do mhuintir na hÉireann agus chun daoine agus an comhshaol a chosaint ar iarmhairtí díobhálacha radaíochta agus truaillithe"*.

Ar na príomhghníomhartha a rinne an GSS i rith 2014, bhí na nithe seo a leanas:

Cumasc an GCC agus an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch (IÉCR): Críochnaíodh cumasc an GCC agus an IÉCR mar chuid de Phlean Athchóirithe Earnála Poiblí an Rialtais go rathúil in am agus de réir an bhuiséid. Cuireadh tús le hoibriú Oifig nuabhunaithe an GCC um Chosaint Raideolaíoch ar 1 Lúnasa 2014.

Ceadúnú an GCC: D'eisigh an GCC 194 ceadúnas agus 270 leasú teicniúil in 2014. Tá príomhról ag an GCC chomh maith i gceadúnú áiseanna ina bhféadfadh truailliú suntasach comhshaoil tarlú, le cinntiú nach bhfuil a n-astaíochtaí ina mbaol do shláinte an duine ná don chomhshaol.

Forfheidhmiú Ceadúnas: Mar chuid dár ngníomhaíocht leanúnach forfheidhmithe, thug an GCC breis is 1,350 cuairt ar láithreáin thionsclaíocha agus dramhaíola (.i. cigireacht agus iniúchtaí) agus measúnú ar bhreis is 8,500 tuairisceán agus fógra ceadúnaí. Creideann an GCC gur dea-bheartas eacnamaíoch é beartas agus reachtaíocht comhshaoil chur i bhfeidhm go dian.

Ionchúisimh: Mar chuid de réimeas leanúnach forfheidhmithe an GCC, éisteadh le 14 ionchúiseamh sa Chúirt Dúiche in 2014. Éisteadh le trí chás shibhialta a bhí tionscanta ag an GCC sna hard-chúirteanna. Tá gníomhú méadaitheach á dhéanamh ag an GCC i gcoinne stiúrthóirí cuideachta a sháraíonn dlí comhshaoil, pointe ar leagadh béim air sa tuarascáil ar *Fhócas ar Fhorfheidhmiú Comhshaoil*, rud a eisíodh i mí an Mheithimh.

Dramhuisce agus Uisce Óil: Thug an GCC 347 cuairt ar shuíomhanna dramhuisce uirbigh agus 62 iniúchadh ar shuíomhanna uisce óil in 2014. Leanann an GCC de bheith mar rialtóir cháilíocht an uisce óil agus tá sí freagrach as forfheidhmiú leanúnach na gceadúnas dramhuisce uirbigh atá sannta d'Uisce Éireann anois.

Uisce Óil: Leanann an GCC de bhéim mhór a chur ar cháilíocht an uisce ólacháin in Éirinn. Tá na soláthairtí uisce poiblí tar éis feabhsú bliain i ndiaidh bliana ó chruthaigh an GCC Liosta Gníomhaíochta Feabhsúcháin (LGF) in 2008; Bhí 121 soláthar "i mbaol" ar an LGF ag deireadh 2014. Déantar tosaíocht de na soláthairtí ar an Liosta Gníomhaíochta Feabhsúcháin le haghaidh oibreacha feabhsúcháin.

Treoracha a Eisiúint ar Uisce: D'eisigh an GCC 29 treoir in 2014 agus bhain sé cinn acu seo le soláthairtí uisce óil i Ros Comáin. Dhírigh an GCC aird arís ar an ngá atá ann go bhforbródh Uisce Éireann Straitéis Náisiúnta ar Phíobáin Luaidhe a thabharfadh aird ar chomhairle a bhí foilsithe ag an GCC roimhe seo ar luaidhe.

Dramhuisce: Léirigh an *Tuarascáil ar Dhramhuisce Uirbeach*, rud a bhí foilsithe ag an GCC i mí na Nollag, léirigh sé gur theip ar 38 ionad uirbeach ar fud na hÉireann cloí leis na caighdeáin riachtanacha agus go raibh siad ag cur shláinte an phobail agus an chomhshaoil i mbaol. Ar na fáthanna a bhí leis na teipeanna, bhí easpa iomlán bonneagair le séarachas a chóireáil, bonneagar neamhleor nó droch-bhainistíocht/droch-oibriú an bhonneagair.

Uisce Snámha: Thuairiscigh údaráis áitiúla torthaí 1,581 sampla a tógadh ó uiscí snámha aitheanta i rith shéasúr snámha 2013 don GCC. Agus 97 faoin gcéad de na limistéir snámha (.i. 131 as 135) ag cloí le caighdeán íosta cáilitheach an AE, leanann uiscí snámha na hÉireann de bheith ar ardchaighdeán, cás a bhí deimhnithe ag an *Tuarascáil ar Uisce Snámha* .

Dabhcha Séarachais: Rinne údaráis áitiúla 987 cuairt chigireachta ar dhabhcha séarachais sa chéad bhliain de *Phlean Náisiúnta Cigireachta an GCC le haghaidh Córais Chóireála Dramhuisce Tí.* Ba é an ráta náisiúnta comhlíonta i gcás chigireacht na chéad bhliana ná 52 faoin gcéad. Tar éis don chigireacht a bheith déanta, thosaigh úinéirí tí ar bhearta riachtanacha a dhéanamh chun teipeanna a aithníodh a réiteach, agus faoi Nollaig 2014, bhí comhréir na gcóras a raibh ag éirí leo tar éis méadú go 76 faoin gcéad. Ba é an chúis ba choitianta le teip ná nach ndearadh sloda a bhaint.

An Chreat-Treoir Uisce: Ghlac an GCC le ról leathnaithe i gcomhordú agus maoirseacht chur i bhfeidhm na Creat-Treorach Uisce in 2014. Bunaíodh Líonra nua Bainistíochta Dobharcheantair agus é ag cuimsiú na n-údarás áitiúil go léir in éineacht le réimse gníomhaireachtaí náisiúnta, le cabhrú le feidhmíocht na hÉireann i gcosaint agus feabhsú ár n-acmhainní uisce a fheabhsú.

Dramhaíl a Chosc: Léirigh figiúirí dramhaíola 2013, rudaí a foilsíodh in 2014, athrú ó líonadh talún go haisghabháil fuinnimh, cás ar chóir fáilte a chur roimhe. Tá bearnaí sa bhonneagar náisiúnta dramhaíola go fóill, rud a chiallaíonn go mbraitear go neamhinbhuanaithe ar onnmhairiú dramhaíola.

Feirmeoireacht Chliste: Cuireadh tús le cur i bhfeidhm náisiúnta an tionscnaimh Feirmeoireachta Níos Cliste in 2014 tar éis céim thrialach roimhe sin. Díríonn an clár ar bhealaí le torthaí feirme a fheabhsú trí bhainistíocht fheabhsaithe acmhainní. Rinneadh tríocha measúnú éifeachtúlachta acmhainní ar fheirmeacha agus aithníodh coigilteas costais meánach €6,600 in aghaidh na feirme agus bhí breis is 600 feirmeoir páirteach i ngrúpaí plé ar fheirmeacha, áiteanna a roinneadh torthaí an mheasúnaithe. Agus é á stiúradh ag FAÉ (IFA) i gcomhar leis an GCC, tugann an tionscnamh eolas agus saineolas comhpháirtithe eile le chéile, amhail Teagasc, COBÁC agus ÚFIÉ (SEAI).

Úsáid Inbhuanaithe Acmhainní: Lean an Clár Náisiúnta um Chosc Dramhaíola, rud atá á stiúradh ag an GCC, lean sé de thorthaí móra a bhaint amach in 2014 i gcosc agus íoslaghdú dramhaíola trína chláir éifeachtúlachta acmhainní dar teideal *BíGlas*. Chomh maith leis an gcoigilteas sin a rinneadh tríd an gclár nua *Feirmeoireachta Cliste*, d'aithin torthaí 2014 ó chláir *BíGlas* amhail *Gnó Glas*, *Fáilteachas Glas* agus *Cúram Sláinte Glas*, d'aithin siad coigilteas eacnamaíoch be bhreis ar €7m, agus coigilteas breise féideartha €7m, ó infheistíocht thart ar €1.2m ag an GCC.

Athrú Aeráide: Thug réamh-mheastacháin gáis cheaptha teasa an GCC, rudaí a eisíodh i mBealtaine, thug siad le fios go bhfuil dúshláin mhóra roimh Éirinn má táimid le hathrú go geilleagar ísealcharbóin. Sa chás is fearr a d'fhéadfadh a bheith ann, d'fhanfadh astaíochtaí gáis cheaptha teasa mórán mar atá siad faoi láthair suas go dtí 2020. Tugann réamh-mheastacháin an GCC le fios go mbeadh astaíochtaí na bliana 2020 5 – 12 faoin gcéad faoi bhun leibhéil 2005. Tá sé seo i bhfad níos lú ná an sprioc go mbeadh leibhéil 2020 20 faoin gcéad faoi bhun leibhéil 2005. Thug na figiúirí sealadacha astaíochtaí le haghaidh 2013, rudaí a eisíodh i mí na Nollag, thug siad le fios gur tháinig méaduithe ar astaíochtaí ó earnálacha áirithe, go háirithe talmhaíocht agus iompar, dhá earnáil atá ar na hearnálacha is mó a chuireann le hastaíochtaí gáis cheaptha teasa cheana féin.

Sraith Léachtaí an GCC ar Athrú Aeráide: In 2014, thug triúr Comhchathaoirleach ar Mheithleacha den Phainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (PIAA) cuairt ar Éirinn chun léachtaí poiblí a thabhairt faoin tuiscint reatha eolaíoch ar athrú aeráide, réitigh fhéideartha ar na dúshláin a bhaineann leis agus roghanna le haghaidh oiriúnú. Craoladh dhá léacht ar an Idirlíon agus mar fhíseáin, agus cuireadh sleamhnáin agus tras-scríbhinní a bhain leis na trí cinn acu go léir ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC agus ar a cainéal ar YouTube.

Aer Glan: Fuair tuarascáil an GCC ar cháilíocht aeir in 2013 go bhfuil cáilíocht an aeir in Éirinn go maith go fóill, go háirithe i gcomparáid le Ballstáit eile an AE. Léirigh tuarascáil ar astaíochtaí aeir ó láithreáin atá ceadúnaithe ag an GCC ráta arda cloí le teorainneacha astaíochtaí truailleáin aeir atá sonraithe i gceadúnais thionsclaíocha agus bainistíochta dramhaíola.

Taighde an GCC: Cuireann clár taighde an GCC tacaíocht riachtanach ar fáil le brúnna a aithint, cur le beartas agus réitigh ar fhadhbanna comhshaoil a fhorbairt. Tá clár nua taighde den GCC le haghaidh 2014–2020 ag maoiniú taighde i réimsí na hAeráide, Uisce agus na hInbhuanaitheachta. Cuimseoidh sé suas le 600 taighdeoir agus nuálaí tionsclaíoch i rith a shaolré.

Taighde ar Fhraiceáil: Cuireadh tús le clár taighde 24 mí ar fhraiceáil in 2014, tar éis comhairliúchán poiblí in 2013. Tá an clár taighde ceaptha le bonn eolaíoch a chur ar fáil le cabhrú le rialtóirí, ó thuaidh agus ó theas, cinneadh eolach a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil sé sábháilte fraiceáil a cheadú ó thaobh an chomhshaoil de. Ní dhéanfar fraiceáil ar bith mar chuid den taighde.

Cosaint Raideolaíoch: Tar éis do GCC agus an IÉCR a bheith cumaiscthe ar 1 Lúnasa 2014, tá an GCC ar an údarás náisiúnta inniúil ar cheisteanna a bhaineann le radaíocht ianúcháin. Ar na freagrachtaí atá i gceist, tá rialáil ar úsáid foinsí radaíochta ianúcháin, monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil radaíochta agus measúnú a dhéanamh ar nochtadh daoine in Éirinn do radaíocht ianúcháin.

Radón: Reáchtáil an GCC feachtas tiomanta réigiúnach cumarsáide i mí na Samhna chun feasacht a mhúscailt ar na hardleibhéil dhainséaracha radóin i gContae Mhaigh Eo. Is í Maigh Eo ceann de na háiteanna is measa ó thaobh fairsinge radóin in áiteanna cónaithe.

Eolas Inrochtana: Sheol an GCC réimse tionscnaimh eolais atá bunaithe ar líne in 2014. Is fiú aird a thabhairt ar an tseirbhís léarscáilithe darb ainm *"Mo Chomhshaol Áitiúil"*, agus cuireann sé seo teacht éasca ar fáil ar eolas faoin gcomhshaol gar don áit a bhfuil cónaí ar dhaoine, a mbíonn siad ag obair nó ag súgradh.

Conclúid

Chuaigh triúr d'fhoireann an GCC ar scor in 2014. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil uaim féin, ón mBord agus ón bhfoireann le Marian Lambert, Jim Ryan agus Jim Hurley, triúr a d'oibrigh go dúthrachtach agus go haigeanta don GCC agus dár bpáirtithe leasmhara ar feadh blianta fada.

Tá príomhról ag an GCC i rialáil comhshaoil, soláthar eolais agus i dtacú leis an gcomhshaol. Is áthas liom a thuairisciú gur leanamar de na torthaí luachmhara sochaíocha as a n-aithnítear muid a chur ar fáil in 2014. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann go léir as a n-obair dhian agus a dtiomantas, go háirithe le Coiste Comhairleach an GCC agus le mo chomhstiúrthóirí as a dtiomantas agus a dtacaíocht.

Laura Burke
Ard-Stiúrthóir an GCC

MISEAN, FÍS AGUS LUACHANNA 2014

ÁR MBUNCHUSPÓIR:

An comhshaol a chosaint agus a fheabhsú mar shócmhainn luachmhar do mhuintir na hÉireann. Ár ndaoine agus an comhshaol a chosaint ar éifeachtaí díobhálacha radaíochta agus truaillithe.

ÁR BHFÍS

Comhshaol glan, folláin, dea-chosanta a thacaíonn le sochaí agus le geilleagar inbhuanaithe.

ÁR DTREOIRPHRIONSABAIL

Ár Maoirseacht

- Guth iontaofa neamhspleách údarásach ar son an chomhshaoil is ea muid.
- Déanaimid cinntí oibiachtúla agus iad bunaithe ar an bhfianaise agus an t-eolas eolaíoch is fearr atá ar fáil.
- Bainistímid ár n-acmhainní go héifeachtach agus go héifeachtúil chun luach a chur ar fáil don phobal.

Ár nObair

- Déanaimid rialáil ar bhealach cóir comhréireach trédhearcach, agus dírímid orthu siúd nach mbíonn comhlíontach.
- Déanaimid difríocht trí obair a dhéanamh le dreamanna eile chun iontaoibh, líonraí agus comhpháirtíochtaí a chruthú ar mhaithe le torthaí éifeachtacha a bhaint amach.
- Déanfaimid ár ndícheall go leanúnach feabhsú agus feabhas a bhaint amach trí fhoghlaim agus forbairt.

Ár Seirbhís

- Táimid nuálaíoch, oiriúnaitheach agus toilteanach bealaí nua agus solúbtha oibre a leanúint.
- Déanaimid seirbhísí a dhearadh agus a sholáthar ó dhearcadh an tsaoránaigh.
- Cuirimid ár seirbhísí ar fáil ar bhealach atá inniúil, cúirtéiseach agus sofhreagrach.

Ár gComhghleacaithe

- Oibrímid le chéile chun torthaí éifeachtacha a chur ar fáil.
- Tacaímid lenár gcomhghleacaithe, tá iontaoibh againn astu agus is mór againn iad, agus bímid ag cumhachtú a chéile chun cinntí a dhéanamh.
- Bímid oscailte agus macánta lena chéile.
- Tugaimid dúshlán a chéile agus spreagaimid a chéile go cuiditheach chun obair níos fearr a dhéanamh.

STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTÚIL AN GCC



Déanann a cúig phríomhoifig obair an GCC a chur i gcrích:

- An Oifig Aeráide, Ceadúnaithe, Taighde agus Úsáide Acmhainní
- An Oifig um Fhorfheidhmiú Comhshaoil
- An Oifig um Measúnú Comhshaoil
- An Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha
- An Oifig um Cosaint Raideolaíoch *

* Cumascadh an GCC agus an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch (IÉCR) ar 1 Lúnasa 2014. Tá tuilleadh eolais faoin gcumasc ar fáil i gCaibidil 4.4.

Tá tuilleadh eolais faoi ghníomhaíochtaí, ceadúnais, foilseacháin agus nuachtlitreacha an GCC ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC ag www.epa.ie.

BORD STIÚRTHÓIRÍ AN GCC

(C go D): Gerard O'Leary, (Stiúrthóir na hOifige Forfheidhmithe um an gComhshaol). Ann McGarry (Stiúrthóir, An Oifig um Cosaint Raideolaíoch). Matthew Crowe (Stiúrthóir, An Oifig um Measúnú Comhshaoil). Laura Burke (Ard-Stiúrthóir). Micheál Ó Cinnéide, (Stiúrthóir, an Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha). Dara Lynott, (Leas-Ard-Stiúrthóir; Stiúrthóir, An Oifig Aeráide, Ceadúnaithe, Taighde agus Úsáide Acmhainní).

COISTE COMHAIRLEACH AN GCC

Tugann Coiste Comhairleach ar a bhfuil dáréag comhaltaí cúnamh don GCC, ar coiste é a thagann le chéile chun ábhair bhuartha a phlé agus a chuireann comhairle ar an mBord. Is comhalta *ex officio* agus Cathaoirleach ar an gCoiste é Ard-Stiúrthóir an GCC. Maireann téarma oifige an Choiste trí bliana. Bhí 6ú Coiste Comhairleach an GCC ceaptha ag an Uas. Phil Hogan, TD, Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, ar 13 Feabhra 2013.

An Líne Chúil (C go D):

An Clr. John Sheahan (Fine Gael, Comhairle Contae Chiarraí, *ainmnithe ag an gCumann Comhairlí Contae is Cathrach)*; An Dr. John Cuddihy (FSS, *ainmnithe ag Stiúrthóirí Sláinte Poiblí FSS*); An tOll. Colin O'Dowd (ONÉ, Gaillimh, *ainmnithe ag Acadamh Ríoga na hÉireann*); An tUas. Pat Farrell (FAÉ (IFA), *ainmnithe ag Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann*); An tUas. Martin Hogan (Cliste Consulting, *ceaptha ag an Aire*); An tUas. Tom O'Reilly (Rúnaí an Choiste)

An Líne Thosaigh (C go D):

An Dr. Sharon McGuinness (An ÚSS, *ainmnithe ag Údarás Sláinte agus Sábháilteachta na hÉireann*); An tUas. David Ball (Comhairleach, *ainmnithe ag Líonra Comhshaoil na hÉireann*); Laura Burke, (Cathaoirleach); An tUas. Dara Lynott (Leas-Ardstiúrthóir an GCC); Elaine Nevin (POF Eco Unesco, *ceaptha ag an Aire*)

Ar iarraidh ón ngrianghraf:

Deirdre Lyons (an GFT, *ainmnithe ag an nGníomhaireacht Forbartha Tionscail*); Elizabeth Delahunty (ClearStream Technologies Ltd, *ceaptha ag an Aire*); An Dr. Aine Ryall (COC, *Ceaptha ag an Aire*)

1

RIALÁIL

Rialáil agus córais chloí comhshaoil éifeachtacha a chur i bhfeidhm, chun dea-thorthaí don chomhshaol agus do dhaoine a bhaint amach, agus díriú orthu siúd nach mbíonn ag cloí leo.

1.1 Ceadúnú

1.2 Forfheidhmiú

1.3 Treoir



1.1

CEADÚNÚ

Bíonn an GCC ag ceadúnú gníomhaíochtaí le cinntiú nach mbíonn a n-astaíochtaí ag cur sláinte daoine i mbaol ná ag déanamh dochair don chomhshaol.

CUR I BHFEIDHM NA TREORACH AR ASTAÍOCHTAÍ TIONSCLAÍOCHA

Thug an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha (TAT), rud a ndearnadh dlí de in Éirinn in Aibreán 2013, thug sí isteach gníomhaíochtaí nua a thabharfaidh ar cheadúnais reatha RCT agus dramhaíola a bheith leasaithe nó suiteálacha nua a bheith ceadúnaithe faoi Iúil 2015, agus leanadh den obair chun na suiteálacha seo a aithint agus iad a chur ar an eolas faoi na hoibleagáidí nua.

Síneadh an tseirbhís ghréasáin, rud a forbraíodh chun an Treoir nua maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha a chur i bhfeidhm, síneadh í chun dhá phróiseas eile a chur ar fáil do Cheadúnaithe: Iarratais ar Aistriú Ceadúnais agus Athruithe ar Iarratais ar Cheadúnais agus Leasuithe Teicniúla.

Sheol an GCC an chéad Tuarascáil ar Fhorfheidhmiú TAT chuig an gCoimisiún Eorpach ar son an Stáit san Fhómhar.

ORGÁNAIGH GHÉINMHODHNAITHE (OGANNA)

Faoi dheireadh 2014, bhí 421 iontráil ghníomhach ar chlár na n-úsáideoirí OG in Éirinn. Rinneadh 34 cinneadh ar an iomlán maidir le húsáid shrianta OGanna in 2014, mar aon le toiliú amháin le scaoileadh d'aon ghnó. Bhí tuarascáil sintéise den GCC ar cheisteanna a bhain le comhdháil an GCC ar OGanna in 2013, bhí sí foilsithe agus scaipthe.

TRÁDÁIL ASTAÍOCHTAÍ

Ceadanna

Bhí 95 (suiteáil dho-aistrithe) thionsclaíoch a raibh astaíochtaí intuairiscithe acu le haghaidh 2013 agus bhain Éire cloí iomlán amach faoi thimthriall tuairiscithe Scéim Trádála Astaíochtaí (STA) an AE in 2013 maidir le gach oibreoir do-aistrithe. Chríochnaigh an GCC Tuarascáil Airteagal 21 ar líne (Ceistneoir bliantúil ar chur i bhfeidhm Threoir an CTA (ETS)) le haghaidh an spriocdháta ar 30 Meitheamh.

Ritheadh reachtaíocht in Aibreán 2014 a athraíonn scóip CTA an AE maidir le hastaíochtaí idirnáisiúnta eitlíochta agus thug sí seo tairseach 1,000 tCO_2 in aghaidh na bliana isteach le haghaidh oibreoirí neamhthráchtála. As an 316 Oibreoir Aerárthaí ar an liosta Éireannach, rinneadh aicmiú ar 296 acu arís agus iad "Díolmhaithe" le haghaidh na tréimhse tuairiscithe 2013 agus 2014 .i. astaíochtaí níos lú ná 1,000 tCO_2 in aghaidh na bliana) faoin reachtaíocht nua. D'fhéadfadh cuid díobh seo teacht isteach sa scéim arís má thagann méadú ar a n-astaíochtaí amach anseo.

Críochnaíodh athbhreithniú de chuid an Choimisiúin Eorpaigh sa tír ar chur i bhfeidhm na Treorach Trádála Astaíochtaí ag Éirinn maidir le Ceadúnú, Monatóireacht, Tuairisciú agus Fíorú i mí an Mheithimh, agus cuireadh na torthaí faoi bhráid an Choimisiúin san fhóram cloí sa Bhruiséil i mí na Samhna. D'aithin an t-athbhreithniú sé dhea-chleachtas sa GCC.

Clár an Aontais le haghaidh Trádáil Astaíochtaí

Is é Clár an Aontais le haghaidh Trádáil Astaíochtaí an uirlis chloí le haghaidh suiteálacha agus oibreoirí rialáilte faoi CTA an AE, rud a chuimsíonn thart ar 100 suiteáil in Éirinn sna hearnálacha fuinnimh agus tionscail. Chomh maith leis sin, tá 16 oibreoir aerárthaí sa chuid de CTA an AE a riartar go náisiúnta go fóill. Tá oibleagáid dlí ar na hoibreoirí seo, idir sheasta agus eitlíochta, cuntas a oscailt i gClár an Aontais chun a n-oibleagáidí cloí a chomhlíonadh maidir le hastaíochtaí carbóin.

Coinníonn an GCC Clár na hÉireann faoi CTA an AE. Meastar gurb é an luach atá ar liúntas trádáilte na hearnála príobháidí ar an gclár in 2014 ná €86 milliún. Rianaíonn an Clár na sealúchais agus idirbhearta faoi Phrótacal Kyoto.

Caithfidh an GCC bainistíocht dhian ar chóras ina bhfuil sócmhainní airgeadais ar luach €1.5 billiún (sócmhainní Stáit go príomha) a chinntiú. Dheimhnigh comhairligh ardchaighdeán bhainistíocht an Chláir ag an GCC in 2014, tar éis d'iniúchadh a bheith déanta ar fhearann na hÉireann ar Chlár an Aontais.

CEADÚNÚ COSANTA AR RADAÍOCHT

Sular féidir le duine nó eagraíocht ar bith foinse radaighníomhach nó gaireas ionradaíochta a fháil, caithfidh sé/sí/siad ceadúnas a fháil ón GCC ar dtús. Ag deireadh 2014, bhí 1,734 ceadúnas á gcoinneáil ar fud réimse earnálacha, amhail fiaclóireacht, leigheas, lucht tionscail, lucht oideachais agus tréidlianna. Eisíodh dhá cheadúnas nua is tríocha tar éis 1 Lúnasa 2014 agus is do chleachtais fiaclóireachta a bhí siad seo. Idir 1 Lúnasa agus 31 Nollaig 2014, dúnadh seacht gceadúnas, cásanna inar ghá don cheadúnaí a chinntiú gur diúscraíodh gach táirge ceadúnaithe go cuí, nó gur cuireadh ar ais iad chuig an déantóir nó an soláthraí.

Cineál an Cheadúnais	Líon Iomlán na nIarratas a Fuarthas in 2014	Iomlán na CBanna (PD) a eisíodh in 2014	Líon Iomlán na nAgóidí a Fuarthas	Líon Iomlán na gCinntí a Eisíodh
Ceadúnais TAT/RCT (Dramhaíl AT san áireamh)	36	22	9	15
Ceadúnais Dramhaíola	0	5	2	12
Ceadúnais Dramhuisce	0		N/B	85
Teastais Údaraithe Dramhuisce	0		N/B	14
Ceadanna OGM (Úsáid shrianta)	33		N/B	34
Ceadanna OGM (Scaoileadh beartaithe)	1		N/B	1
Deimhnithe Ionaid Stairiúla Líonta Talún	5		N/B	0
Ceadanna do Dhumpáil ar Farraige	4		N/B	4
Deimhnithe Clárúcháin (Dramhaíl)	16		N/B	16
Ceadanna CSO (VOC)	1	13	0	13
Ceadúnais Radaíochta (ó 1 Lúnasa go 31 Nollaig 2014)	26	N/B	N/B	32
IOMLÁIN	**122**	**40**	**11**	**226**

Tábla 1: Tascanna Ceadúnaithe an Chláir um Cheadúnú, 2014

Tascanna	Iomlán na dTascanna a Measúnaíodh in 2014
Iarratais faoi Airteagal 11	120
Leasuithe Teicniúla AT/RCT	36
Leasuithe Tionscanta AT	53
Leasuithe Teicniúla Dramhaíola	2
Leasuithe Teicniúla Dramhuisce	30
Leasuithe Teicniúla Dramhuisce Tionscanta	164
Leasuithe Teicniúla Dumpála ar Farraige	1
Iarratais faoi Airteagal 27 (fotháirge)	17
An GLE (OGM)	1
Treoir 2001/18/EC	1
Mheasúnú MTS ar Iarratais	18
Comhfhreagras Pleanála a Scrúdaíodh	483
IOMLÁN	**926**

Tábla 2: Tascanna Rialaitheacha Eile an Chláir um Cheadúnú Comhshaoil, 2014

1.2 FORFHEIDHMIÚ

Déanann an GCC reachtaíocht chosanta comhshaoil agus raideolaíoch a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú in Éirinn. Féachaimid le cloí foriomlán le reachtaíocht chomhshaoil a fheabhsú agus truailliú comhshaoil a chosc sula mbíonn an seans aige tarlú.

UISCE GLAN

Tháinig Uisce Éireann ar an bhfód in Eanáir 2014 mar fhóntas nua náisiúnta uisce na hÉireann. Tabharfaidh an chuideachta seirbhísí uisce agus dramhuisce uirbigh an 31 údarás áitiúil le chéile i soláthraí náisiúnta seirbhíse amháin. Leanfaidh an GCC de bheith mar rialtóir comhshaoil uisce óil agus dramhuisce uirbigh.

Sceitheadh Dramhuisce Bhardasaigh

Ba é an fhianaise in 2014 ar chosaint agus athchóiriú ar cháilíocht uisce, agus cosc ar thruailliú comhshaoil ó thionchair doirte dramhuisce, ba é seo a leanas an fhianaise sin:

- Tháinig laghdú 33% ar líon na láithreán abhann a bhí truaillithe go dona mar gheall ar dhoirteadh dramhuisce uirbigh ó 2009.
- Aicmíodh 11 láithreán abhann a bhí truaillithe roimhe sin mar gheall ar dhoirteadh dramhuisce, aicmíodh iad a bheith neamhthruaillithe i rith thréimhse mhonatóireachta an GCC in 2010–2013.
- Leanadh d'fheabhsú an chloí le caighdeáin Threoir an AE ag 162 ionad níos mó. (Bhí méadú 2% i gceist i gcomparáid le 2012, ach bhí méadú 21% i gceist i gcomparáid le 2009, agus ba phríomhthoradh é seo i d*Tuarascáil Dramhuisce Uirbigh 2013*.)
- Bhí thart ar 50% de na cláir shainithe feabhsúcháin a bhí dlite faoi dheireadh 2013 críochnaithe.

D'aithin an GCC 10 dtosaíocht atá léirithe i bhfigiúr 1 thíos, áiteanna a bhfuil gá le hoibreacha bonneagair nó feabhsuithe oibriúcháin chun cáilíocht uisce a fheabhsú, ceantair íogaire agus gabhdóirí leochaileacha a chosaint, rioscaí sláinte poiblí mar gheall ar dhoirteadh eisiltigh a laghdú, agus cloí le riachtanais na Treorach a chinntiú. Caithfidh Uisce Éireann infheistíocht spriocdhírithe a dhéanamh sa bhonneagar agus feabhsuithe a dhéanamh ar chleachtais oibriúcháin le freastal ar na tosaíochtaí aitheanta. Tá forfheidhmiú an GCC dírithe ar fhreastal ar na tosaíochtaí seo.



Figiúr 1: Tosaíochtaí Dramhuisce



Figiúr 2: Feidhmchlár an GCC le haghaidh Tobair Phríobháideacha

Córais Chóireála Dramhuisce Tí (Dabhcha Séarachais)

Foilsíodh tuarascáil ag tús 2014 inar cuimsíodh an chéad ocht mí den Phlean Náisiúnta Cigireachta ar Dhabhcha Séarachais. (Tá tuarascáil ar fáil anois chomh maith ina gcuimsítear an chéad bhliain iomlán, agus tograí comhairliúcháin ar an gcéad phlean eile a chuimseoidh 2015–2017). Bhí beagnach leath de na dabhcha a ndearnadh cigireacht orthu neamh-chomhlíontach, agus ba é an chúis ba choitianta ar theip orthu ná nár baineadh an sloda díobh go rialta.

Sheol an GCC agus FSS feachtas eolais ar thoibreacha príobháideacha agus sláinte a chosaint trí straitéisí éagsúla teagmhála. Ina measc seo bhí:

- Rannán nua ar shuíomh gréasáin an GCC a thugann eolas cuimsitheach ar an gcaoi le do thobar a chosaint– http://www.epa.ie/water/dw/hhinfo/
- Feidhmchlár nua gréasáin den GCC darb ainm "Do Thobar a Chosaint" rud a ligfidh d'úsáideoirí féinmheasúnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil a dtobar i mbaol a bheith éillithe;
- Beochan ghearr a mhíníonn céard is féidir le húinéirí tobair a dhéanamh le cinntiú go bhfuil uisce a dtobair sábháilte agus slán;
- Graf faisnéise a léiríonn na rioscaí a bhaineann le tobair phríobháideacha.

Uisce Óil

Bhí an GCC dírithe go fóill ar phíobáin luaidhe a bhaint i rith 2014, agus ar chóireáil a chur ar fáil le haghaidh cloí maidir le Tríhalaimeatáin agus *Cripteaspóiridiam*. Chuimsigh an iarracht seo úsáid 62 iniúchadh, dúnadh 263 comhad imscrúdaithe, agus eisiúint 29 Treoir d'Uisce Éireann, agus na cinn is suntasaí ag baint le Dún na nGall (9), Ros Comáin (6) agus Gaillimh (5).

Bhí úsáid leanúnach á baint as an Liosta Gníomhaíochta Feabhsúcháin (LGF) mar uirlis forfheidhmithe sula ndearna Uisce Éireann leasú ar dhátaí críochnaithe na n-oibreacha feabhsúcháin in 65% de na cásanna liostaithe. Baineadh 27 soláthar uisce óil a fhreastalaíonn ar 40,884 duine den LGF. Rinneadh dul chun cinn suntasach go háirithe i gcás soláthairtí a raibh fógraí fiuchta uisce ag baint leo a bhaint i Ros Comáin. Ach tá an sciar sin den daonra a bhfuil fógraí fadtéarmacha fiuchta uisce agus srianta uisce ag baint leo ró-ard go fóill. Ag deireadh 2014, bhí 23,138 duine a raibh fógra fiuchta uisce ag baint leo agus 4,076 duine a raibh srian uisce ag baint leo).

Is ceist shuntasach í láithreacht na bpíobán luaidhe, agus tá aird á díriú uirthi go háirithe nuair atá na teorainneacha uisce óil ag géarú. Measann an GCC go bhfuil Straitéis Treorach Náisiúnta, rud a bhí foilsithe ag Uisce Éireann le déanaí, measann siad go bhfuil sí ríthábhachtach le dul i ngleic leis an bhfadhb seo.(féach Figiúr 2 thuas)

DOCHAR DON CHOMHSHAOL A CHOSC

Measúnú ar Riosca Dliteanais Chomhshaoil agus Soláthar Airgeadais

Tá sé mar thosaíocht ag an GCC a chinntiú go mbainistíonn na ceadúnaithe dliteanais chomhshaoil a bhaineann le timpistí nó dúnadh gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le truailliú, agus é seo a chur chun cinn trína chinntiú go ndéantar na hinfheistíochtaí riachtanacha i bhfeabhsúchán agus soláthar airgeadais. Leanann an GCC de mhéadú a dhéanamh ar líon na soláthairtí airgeadais a chuimsíonn dliteanais chomhshaoil, rud a laghdaíonn an baol don Stát ó theagmhais agus dúnadh láithreán. Ag deireadh 2014:

- Comhaontaíodh 87 plean dúnta agus dliteanais €293 milliún i gceist.

- Comhaontaíodh 62 measúnú ar chostais fhéideartha teagmhais, agus iad ag cuimsiú dliteanas ar luach €150 milliún.
- Cuireadh soláthairtí airgeadais ar fáil do 47 láithreán, agus iad ag cuimsiú dliteanas ar luach €77 milliún.

FAIREACHAS MARGAIDH AGUS CEIMICEÁIN SA CHOMHSHAOL

Ceimiceáin (Rialacháin um Bhreosla Soladach san áireamh):

Cuireadh tuarascálacha cigireachta ó chlár faireachas margaidh SGS (RoHS) 2013–2014 ar aghaidh go dtí na príomhúdaráis bhainteacha margaidh le haghaidh Tionscadal Speisialta Forfheidhmithe SGS – An Oifig Náisiúnta Tomhas (An RA) (Clár Faireachais Bréagán) agus KEMI (SE) (Clár Faireachais um Fhearais Bheaga Tí).

Eisíodh 15 fhógra RAPEX tríd an ECHA maidir le TOManna (14) agus CMÚSSC (1) idir mí Iúil agus mí na Nollag. Críochnaíodh gníomhartha leantacha i Samhain agus Nollaig agus iad ag cuimsiú allmhaireoirí/dáileoirí cuartaíochta (11) agus príomhshiopaí (14) i gCorcaigh (6), Baile Átha Cliath (13) agus Luimneach /an Clár (6). Níor tuairiscíodh go raibh na táirgí a bhí i gceist mar stoc ag ceann ar bith de na hoibreoirí.

Bhí iomlán 32 oibreoir málaí guail agus 53 mórdhíoltóir agus soláthraí sonraithe breosla faoi oibleagáid, bhí siad cláraithe faoi na Rialacháin (I.R. 326 of 2012) um Bhreosla Soladach ag deireadh 2014.

Rialacháin maidir le Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach agus Cadhnraí

Rinne an GCC iomlán 192 cuairt chigireachta a bhí fógartha agus nach raibh fógartha ar tháirgeoirí agus miondíoltóirí trealaimh leictrigh, trealaimh leictreonaigh agus cadhnraí in 2014, in éineacht le 80 cuairt chigireachta eile ar chiandhíoltóirí (m.sh. suíomhanna gréasáin).

Substaintí Ídithe Ózóin agus Gáis Cheaptha Teasa Fhluairínithe

- Ceiliúradh Lá Idirnáisiúnta Caomhnaithe an Chisil Ózóin ar 16 Meán Fómhair trí chumarsáid a dhírigh aird ar an gcosc atá le teacht ar an ngás coitianta cuisneáin darb ainm R22.
- Ullmhaíodh sraith ríomhbhileog threorach/feasachta ar R22 agus iad dírithe ar earnálacha ar leith, agus scaipeadh iad go forleathan trí ríomhphost agus na meáin shóisialta (Twitter agus LinkedIn).
- Seoladh tuarascálacha faoin Rialachán SÍÓ (ODS) (Trádáil Mhídhleathach SÍÓnna agus Úsáid Chriticiúil Halóin) chuig an RCPRÁ/Coimisiún an AE faoin spriocdháta ar 30 Meitheamh.
- Bhí sé mar thoradh ar chigireacht spriocdhírithe ar 372 conraitheoir chun infheidhmeacht na rialachán SÍÓ agus F-gháis a chinneadh gur tháinig méadú 17% ar dheimhniú cuideachtaí F-gháis, agus méadú 17% ar aighneachtaí Fógra Bhliantúil Roimhe Sin.

Truailleáin Orgánacha Mharthanacha

Bhí an tuarascáil bhliantúil ar chur TOManna ar an margadh críochnaithe chomh maith le bheith curtha faoi bhráid an Choimisiúin. Rinne an t-aonad monatóireacht ar an dul chun cinn i dtreo deireadh a bheith curtha le TOManna ag cuideachtaí Éireannacha de réir a chéile, agus tuairiscíonn sé mura bhfuil siad ar fáil ar an margadh (allmhairithe) a thuilleadh le bheith úsáidte.

RIALÁIL NÍOS FEARR

Mar chuid dá tiomantas leanúnach do rialáil ar bhealach a ghlacann le prionsabail Rialála Níos Fearr (.i. laghdú a dhéanamh ar ualach riaracháin na rialála ar ghnó, fad is a choinnítear éifeachtacht na rialála agus go bhfeabhsaítear a torthaí), thug an GCC na cláir seo a leanas isteach:

- Feabhsaíodh an uirlis forfheidhmithe LEMA le modúl "Cuairteanna Láithreáin" chun éifeachtúlacht agus faisnéis bhreise a chumasú.
- Forbraíodh táscaire nuálaíoch feidhmíochta údarás áitiúil, rud a fhoilseofar in 2015, le cur le maoirseacht an GCC ar fheidhmíocht na n-údarás áitiúil.
- Cuireadh feidhmchlár *An bhfeiceann tú é? Abair é!* d'fhóin chliste ar fáil go poiblí le comhtháthú iomlán le suíomh gréasáin gearán na n-údarás áitiúil (www.fixyourstreet.ie) chun feabhsú a dhéanamh ar chruinneas agus trédhearcacht imscrúdaithe gearán maidir leis an gcomhshaol go náisiúnta.



Figiúr 3: Gearáin in 2014 de réir Ceiste/Téama

FORFHEIDHMIÚ AEIR

Foilsíodh tuarascáil ar fhorfheidhmiú aeir i nDeireadh Fómhair 2014 in éineacht leis an tuarascáil bhliantúil ar mhonatóireacht ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus thug sí le fios:

- Laghdú ar chéatadán na dtorthaí neamhchloí ó Chlár Monatóireachta Astaíochtaí Aeir an GCC (CMAA);
- Go bhfuarthas cuid mhaith gearán faoi bholaithe maidir le suíomhanna atá ceadúnaithe ag an GCC;
- Gur gá dul i ngleic le fadhbanna le bolaithe ag líon réasúnta beag suíomhanna ceadúnaithe, cé go bhfuil treocht laghdaitheach i líon na ngearán faoi bholaithe ar an iomlán.

Tugann sonraí sealadacha le haghaidh 2014 laghdú breise le fios ar líon na ngearán maidir le láithreáin cheadúnaithe i gcomparáid le 2013.

Thug monatóireacht ar astaíochtaí aeir a rinneadh ag 109 láithreán ceadúnaithe tionsclaíoch agus dramhaíola ardleibhéil chloí le teorainneacha na gceadúnas le fios, agus 23 sárú á dhéanamh ar luachanna sonraithe teorainn astaíochtaí. Tá sé seo níos ísle ná an 24 sárú ar Luachanna Teorainn Astaíochtaí a rinneadh ag 114 láithreán ar ar tugadh cuairt i CMAA 2013.

CUAIRTEANNA CIGIREACHTA COMHSHAOIL

Cuireadh bainistíocht agus rialú riosca ag suíomhanna tionsclaíocha agus dramhaíola i gcrích in 2014 trí na gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin seo a leanas:

- Críochnú 1,349 cuairt chigireachta phleanáilte.
- As an 14 ionchúiseamh ar éisteadh leo, tharla ciontú i gcás naoi gcinn acu, bhain beirt chosantóirí leas as an Acht um Promhadh, caitheadh dhá cheann acu amach mar gheall ar íocaíocht chostas agus cuireadh an cás deiridh ar athló le haghaidh gearradh pianbhreithe in 2015.
- Dul i ngleic le fadhbanna aitheanta ag suíomhanna tosaíochta.
- Réiteach 204 Imscrúdú Cloí maidir le fadhbanna a bhain go sonrach le láithreáin, go háirithe maidir le Nósanna Imeachta/Oiliúint Neamhleor (38%), Bonneagar Neamhleor (14%) agus Measúnuithe/Tuarascálacha a bhí déanach (9%).

CIGIREACHT AGUS INIÚCHTAÍ 2014 – CRCT AGUS DRAMHAÍL

Gníomhaíocht		An líon in 2014
Iniúchtaí agus Cuairteanna Cigireachta Forfheidhmithe Tionsclaíocha agus Dramhaíola		1,357
Iniúchtaí ar Fhorfheidhmiú Ceadúnas um Doirteadh Dramhuisce		324
Iniúchtaí ar Uisce Óil		62
Gearáin a Fuarthas faoi Thionscal, Dramhaíl agus Doirteadh Dramhuisce	Iomlán	1,224
	Tionscal agus Dramhaíl	1,127
	An CTU	97
Neamhchloí taifeadta le ceadúnais Thionsclaíocha agus Dramhaíola		2,051
Teagmhais a cuireadh ar a súile don GCC	Iomlán	3,043
	Tionscal agus Dramhaíl	1,831
	An CTU	1,212

Tábla 3: Cuairteanna Cigireachta agus Iniúchtaí – CRCT agus Dramhaíl

Fuair an GCC 1,100 gearán faoi láithreáin cheadúnaithe thionsclaíocha agus dramhaíola in 2014. Léiríonn Figiúr 3 líon na ngearán a bhí faighte de réir ceiste/téama. Baineann an chuid is mó (70%) de na gearáin a fuarthas le bolaithe. Is é torann an dara rud is mó a ndéantar gearáin faoi (13% de na gearáin). Tá sé mar thosaíocht ag an OFCC cloí a bhaint amach ag áiseanna ceadúnaithe a ndearnadh gearáin fúthu. Ar na gníomhartha a bhíonn i gceist, tá imscrúduithe cloí a oscailt, cuairteanna cigireachta breise a dhéanamh, monatóireacht nó suirbhéireacht a dhéanamh ar bholaithe agus méadú ar ghníomhú forfheidhmithe nuair is gá sin.

Léiríonn Figiúr 4 an cúig áis cheadúnaithe is mó a ndearnadh gearáin fúthu in 2014. Tosaíodh nó críochnaíodh gníomhú dlí in 2014 maidir le Oxigen Environmental (Bóthar Uí Chofaigh) agus Country Clean Recycling. Bhain an chuid is mó de na gearáin faoi Áis Aisghabhála Ithreach an Halla Dhuibh le fadhb tráchta taobh amuigh den láithreán. Cuireadh na gearáin seo



Figiúr 4: An Cúig Áis Cheadúnaithe Is Mó a nDearnadh Gearáin Fúthu

ar aghaidh go dtí an t-údarás pleanála. Críochnaíodh oibreacha breise laghdaithe bolaithe ag láithreáin Arrow agus Bhaile na gCrann in 2014. Bhí laghdú ar líon na ngearán faoi bholaithe a fuarthas faoin dá shuíomh i gcomparáid le 2013.

CUAIRTEANNA CIGIREACHTA MAIDIR LE COSAINT AR RADAÍOCHT

Déanann an GCC cuairteanna cigireachta um chosaint ar radón chun measúnú a dhéanamh ar chaighdeáin na cosanta radaíochta ar fud na n-earnálacha éagsúla agus ar leibhéal an chloí ag ceadúnaithe le reachtaíocht náisiúnta agus coinníollacha ceadúnais. Tá roghnú na gceadúnaithe ar a ndéanfar cigireacht gach bliain bunaithe ar roinnt critéar, amhail an riosca raideolaíoch a bhaineann le gníomhaíochtaí na gceadúnaithe, an t-am atá caite ó rinneadh cigireacht orthu an uair dheireanach agus teagmhais ar bith a tuairiscíodh taobh istigh dá n-earnáil oibriúcháin. Críochnaíodh ocht gcuairt chigireachta cosanta raideolaíche is caoga idir 1 Lúnasa agus 31 Nollaig 2014, agus fuarthas dea-leibhéil chloí go ginearálta (Tábla 4).

Tar éis do chuairt faireachais a bheith tugtha ag Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú i mí an Mheithimh, d'éirigh leis an GCC creidiúnú a bhaint amach de réir an chaighdeáin nua (ISO 17020:2012).

Catagóir Cheadúnais um Chosaint ar Radaíocht	Líon sa Chatagóir	Líon na gcuairteanna cigireachta críochnaithe
Tionsclaíocht	281	27
Leigheas	140	23
Dáileoirí (foinsí agus X-gha)	40	0
Fiaclóirí	959	2
Oideachas/taighde	15	2
Tréidlianna	297	4
Iomlán	**1732**	**58**

Tábla 4: Catagóirí agus Cuairteanna Cigireachta na gCeadúnaithe um Chosaint Raideolaíoch ó 1 Lúnasa 2014

RIALÚ AR NOCHTADH AERCHRIÚ

Faoi I.R. Uimh. 125 de 2000, is gá do shealbhóir teastas oibreoir aeir measúnú a dhéanamh ar dháileoga a bhíonn faighte ag aerchriúnna le cinntiú an bhfuil gá le bearta chun nochtadh do radaíocht chosmach a rialú agus na torthaí a thuairisciú don GCC. Maidir le 2014, léirigh an t-eolas a fuarthas ó shé oibreoir aeir cheadúnaithe go bhfuair 190 duine dáileoga os cionn 4 mSv, ach nár sháraigh dáileog ar bith tairseach 6 mSv, leibhéal ónar gá d'oibreoirí sceidil oibre an aerchriú a eagrú d'fhonn a nochtadh a laghdú. Ó tosaíodh an mhonatóireacht ar aerchriúnna in 2003, tá méadú leanúnach bliantúil ar líon na mball d'aerchriúnna a fhaigheann dáileoga os cionn 1 mSv. Is féidir seo a lua le méadú ar líon na mball d'aerchriúnna atá de dhíth chun bealaí nua agus reatha a oibriú de réir mar a mhéadaíonn an t-éileamh ar thaisteal aeir.

IMEACHTAÍ DLÍ

Ionchúisimh

Bhí méadú ar líon na n-ionchúiseamh a bhí tionscanta ag an GCC agus ar na cinn ar éisteadh leo sna cúirteanna in 2014. As an 14 ionchúiseamh ar éisteadh leo, tharla ciontú i gcás naoi gcinn acu, bhain beirt chosantóirí leas as an Acht um Promhadh, caitheadh dhá cheann acu amach mar gheall ar íocaíocht chostas agus cuireadh an cás deiridh ar athló le haghaidh gearradh pianbhreithe.

Líon na nIonchúiseamh ar éisteadh leo sa Chúirt Dúiche	13
Líon na gcásanna ar éist an SIP leo	0
Fíneálacha a gearradh i gCúirt Dúiche	€23,100
Fíneálacha a gearradh i gcásanna an SIP	€0
Costais a bronnadh i gCúirt Dúiche	€75,274.94
Costais a bronnadh i gcásanna an SIP	€0
Fíneálacha & Costais Iomlána	**€98,374.94**

Tábla 5: Gníomhaíochtaí um Fhorfheidhmiú Dlí in 2014

1.3

TREOIR

Cuireann an GCC comhairle agus treoir ar fáil do thionscal agus don phobal faoi réimse leathan gníomhaíochtaí comhshaoil chun cloí leis an gcleachtas is fearr a chinntiú.

SOLÁTHAR GLAS POIBLÍ

Foilsíodh an Treoir ar Sholáthar Glas Poiblí (SGP) don Earnáil Phoiblí i mí Iúil agus tuairiscíodh í faoin bPlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Poist. Sheol an tAire Comhshaoil, an tUas. Alan Kelly TD, an Treoir go foirmiúil ag comhdháil *Chomhshaol Éireann* i mí Mheán Fómhair.

RIALÁIL THIONSCLAÍOCH

Bhí treoir do cheadúnaithe eisithe ar:

- tástáil bundaí agus
- sampláil eisiltigh.

Cuireadh seimineáir ghréasáin oiliúna i láthair ar:

- monatóireacht astaíochtaí aeir agus
- Riachtanais Chloí Oibreoirí agus Fíoraitheoirí le haghaidh tuairisciú bliantúil astaíochtaí gáis cheaptha teasa agus tuairisciú ar athrú leibhéal toillte/gníomhaíochta.

An Earnáil Stáisiúin Aistrithe Dramhaíola (Dramhaíl): Eisíodh dhá dhréacht-dhearcadh den GCC ar úsáid chóid na Catalóige Eorpaí Dramhaíola (CED) 17 agus 19 le haghaidh comhairliúchán poiblí i rith 2014. Tá measúnú á dhéanamh ar aiseolas i láthair na huaire d'fhonn treoir a chríochnú agus a fhoilsiú in 2015.

An Earnáil Líonta Talún (Dramhaíl): Foilsíodh *Nóta Treorach an GCC ar Chumhdach Laethúil agus Eatramhach ag Ionaid Líonta Talún* in 2014.

Scaipeadh ríomhbhileoga go forleathan trí ríomhphost agus na meáin shóisialta (Twitter agus LinkedIn) faoin gcosc ar an ngás coitianta cuisneáin darb ainm R22.

MEASÚNÚ RIOSCA AR DHLITEANAIS CHOMHSHAOIL

Foilsíodh *Treoir ar Mheasúnú agus Costáil Dliteanais Comhshaoil* ag tús 2014, agus tacaíodh léi le seimineár gréasáin agus rannán tiomanta Ceisteanna Coitianta ar shuíomh gréasáin an GCC.

D'éascaigh an GCC ócáid oiliúna chomh maith ar na Rialacháin um Dhliteanas Comhshaoil. Bhí sé seo mar chuid de chlár atá maoinithe ag Coimisiún an AE a chuireann oiliúint ar fáil do Bhallstáit aonair ar fud na hEorpa. Bhí breis is 30 duine i láthair ó ghrúpaí éagsúla páirtithe leasmhara amhail eagraíochtaí neamhrialtasacha, an Chónaidhm Árachais, CGFÉ (IBEC), Innealtóirí Éireann, an SPNF (NPWS), FSS, COBÁC, Iascaigh Intíre na hÉireann agus údaráis áitiúla.

DRÉACHT-TREOIR AR FHORÁLACHA AIRGEADAIS

Cuireadh dréacht-treoir ar Fhorálacha Airgeadais amach le haghaidh comhairliúcháin i nDeireadh Fómhair. Fuarthas aon aighneacht is fiche ó pháirtithe leasmhara agus grúpaí ionadaíocha éagsúla. Foilseofar an treoir seo in 2015.

MEASÚNACHT STRAITÉISEACH TIMPEALLACHTA (MST)

Cuireadh nótaí treorach agus nótaí an chleachtais is fearr amach le haghaidh comhairliúcháin maidir leis na réimsí seo a leanas:

- MST agus Athrú Aeráide;
- MST agus Fuinneamh;
- Measúnacht ar Iarmhairtí Carnacha agus
- MST agus Nithe Malartacha.

Foilseofar na nótaí treorach seo in 2015.

SCREAMHUISCE

D'fhoilsigh an GCC treoir le tacú le cinntí ceadúnaithe ar sceitheadh díreach isteach sa screamhuisce; agus d'fhoilsigh siad treoir ar leith do cheadúnaithe a bhfuil a screamhuisce éillithe, le cabhrú le ceadúnaithe cloí le riachtanais Rialacháin Screamhuisce 2010 faoi 22 Nollaig 2015.

Laura Burke, Alan Kelly agus Jane Kenneally agus iad ag seoladh na Treorach ar Sholáthar Glas Poiblí.

CLEACHTAÍ ÉIGEANDÁLA RADAÍOCHTA

Reáchtálann an GCC clár bliantúil cleachtaí éigeandála radaíochta chun saineolas na foirne a chothabháil agus a fhorbairt. Ó 1 Lúnasa 2014, bhí an GCC páirteach i gceithre chleachtadh idirnáisiúnta éigeandála radaíochta a bhí eagraithe ag an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta don Fhuinneamh Adamhach (GIFA) agus dhá thástáil chumarsáide a bhí eagraithe ag an gCoimisiún Eorpach (CE).

COMHAIRLE AR CHOSAINT AR RADAÍOCHT

Tugann I.R. Uimh. 125 de 2000 ar an GCC clár de Chomhairleoirí faofa um Chosaint ar Radaíocht a bhfuil ról tábhachtach acu i sábháilteacht radaíochta a bhunú agus a chothabháil. Ag deireadh 2014, bhí 36 duine ar chlár CCR an GCC, in éineacht le naoi gcomhlacht chorparáideacha.

2

EOLAS

Sonraí, eolas agus measúnú ardchaighdeáin, spriocdhírithe agus tráthúil a chur ar fáil le cur le cinnteoireacht ag gach leibhéal.

2.1 Monatóireacht agus Measúnú

2.2 Taighde

2.3 Tuairisciú

2.1

MONATÓIREACHT AGUS MEASÚNÚ

Cuireann an GCC measúnú atá bunaithe ar fhianaise agus eolas tráthúil ar fáil dár bpáirtithe leasmhara go léir, le tacú le gníomhú chun an comhshaol a chosaint agus a bhainistiú.

CAIGHDEÁN AN AEIR

Is é an GCC an tÚdarás Inniúil sainithe le haghaidh chur i bhfeidhm Threoir an AE um Aer Glan don Eoraip (AGDE/CAFÉ) agus reachtaíocht ghaolmhar an AE agus náisiúnta ar cháilíocht an aeir. Sa ról seo, bainistíonn an GCC an líonra náisiúnta monatóireachta um cháilíocht an aeir, le hionchur agus tacaíocht na n-údarás áitiúil agus oibríonn sé an tSaotharlann Náisiúnta Tagartha um cháilíocht aeir in Éirinn chomh maith. Críochnaíodh an clár náisiúnta bliantúil monatóireachta ar cháilíocht aeir, rud a bhfuil gá leis chun riachtanais an AE faoi AGDE a chomhlíonadh, críochnaíodh go hiomlán é in 2014. Rinneadh na hathruithe seo a leanas ar Líonra Monatóireachta Cháilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh in 2014:

- Bogadh na stáisiúin monatóireachta a bhí ag Baile Brigín agus an Muileann gCearr go Port Laoise agus Inis Córthaidh. Léiríonn *(Figiúr 5)* líonra monatóireachta cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh.

Léiríonn an tuarascáil *Cáilíocht an Aeir in Éirinn in 2013 – Príomhthásciairí Cháilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh* go bhfuil cáilíocht an aeir in Éirinn go maith i gcomparáid le ballstáit eile an AE agus go raibh gach paraiméadar a tomhaiseadh faoi bhun na luachanna teorann agus sprice a leagadh amach i reachtaíocht an AE agus na hÉireann. Ach bhí na luachanna ábhair cháithnínigh, ózóin, agus hidreacarbón il-timthriallach aramatach níos airde ná luachanna treoirlíne diana Cáilíochta Aeir an EDS.



Figiúr 5: Suíomhanna Monatóireachta ar Chaighdeán an Aeir

Lean an GCC in 2014 d'uasghrádú a bonneagar TF um cháilíocht aeir agus córas Innéacs Cháilíocht an Aeir le haghaidh Sláinte (ICAS) ar líne a chothabháil, le cinntiú go gcuirtear eolas atá cothrom le dáta ar fáil don phobal. Bhraith líonra cháilíocht an aeir tiúchan SO_2 ar fud na hÉireann a bhí níos mó ná mar ba ghnách ag deireadh seachtaine 6 agus 7 Meán Fómhair, agus ba é an chúis leis seo ná brúchtadh leanúnach laibhe ó bholcán Bárðarbunga san Íoslainn. D'úsáid an GCC monatóirí agus tomhsairí deascaidh breise mar fhreagra air sin. Ullmhaíodh prótacal freagartha éigeandála le díriú ar na gníomhartha bainistíochta a dhéanfar i gcás teagmhas eile ar bith. Tá teagmháil déanta ag an GCC chomh maith le páirtithe leasmhara amhail FSS, Met Éireann, an RCPRÁ agus Tascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála. Bhí líonra cháilíocht an aeir ríthábhachtach chomh maith sa chaoi ar chuir sé an pobal ar an eolas agus ar a shuaimhneas faoi cheisteanna cháilíocht an aeir i rith agus tar éis an dóiteáin ag Baile an Mhóta, Baile Átha Cliath in Eanáir 2014.

CÁILÍOCHT UISCE

An Chreat-Treoir Uisce (CTU)

Is iad cuspóirí na Creat-Treorach Uisce (CTU) ná cosaint a dhéanamh ar gach uisce ardstádais, dul in olcas breise i ngach uisce a chosc agus uiscí dromchla agus screamhuiscí díghrádaithe a athchóiriú go dea-stádas faoi 2015. Tá líon mór tascanna sannta don GCC faoi **Rialacháin (Beartas Uisce) na gComhphobal Eorpach, 2003** (I.R. Uimh. 722 de 2003), rud atá faoin gcatagóir maidir le "comhordú agus maoirseacht" de chlár Éireannach an CTU.

Ghlac an GCC le ról leathnaithe i gcomhordú agus maoirseacht chur i bhfeidhm an CTU in 2014 faoi Rialacháin (Beartas Uisce) an Aontais Eorpaigh, 2014.

D'fhonn tacú le cur i bhfeidhm an róil seo, bunaíodh Aonad nua Comhtháthaithe agus Comhordaithe CTU sa GCC, rud a chuir tús le hobair ar thréithriú CTU. Is ionann tréithriú agus an próiseas trína ndéantar measúnú ar thréithe fisiceacha dobharlach agus ar thionchair brúnna gníomhaíochtaí daonna chun leibhéal an riosca a bhaineann le gan chuspóirí an CTU i leith dobharlach a chomhlíonadh a chinneadh. Úsáidfear an t-eolas seo chun gníomhartha a dhíriú le díriú ar cheisteanna cáilíochta uisce i bhforbairt pleananna nua bainistíochta abhantraí a gcuirfear bailchríoch orthu in 2017.

Bhunaigh an GCC Líonra nua Bainistíochta Dobharcheantair chomh maith, agus é ag cuimsiú na n-údarás áitiúil go léir agus réimse leathan gníomhaireachtaí náisiúnta, d'fhonn cabhrú le feabhsú a dhéanamh ar chomhordú teicniúil agus cur i bhfeidhm na Creat-Treorach Uisce. Bunófar Meithleacha faoin líonra in 2015.

Ina measc na hoibre a rinneadh in 2014 bhí:

- Bhí anailísí a bhain le 8,198 sampla ó aibhneacha agus lochanna, agus 2,746 ó inbhir, mar thoradh ar dhá bhabhta dhéag de shampláil fhisiciceimiceach uisce dromchla.
- Tógadh trí bhabhta de shamplaí screamhuisce ó 270 tobar agus fuarán.
- Tá sonraí samplála uisce curtha ar fáil i dTábla 6.
- Baintear feidhm as measúnachtaí éiceolaíocha chun stádas CTU a shannadh d'uiscí dromchla le tuairisciú don Eoraip agus lena gcur san áireamh i bPleananna Bainistíochta Abhantrach. Chomh maith leis sin, tacaíonn siad le forbairt Cláir Beart chun stádas éiceolaíoch uiscí a fheabhsú nó a chosaint. Rinne eolaithe an GCC suirbhéanna éiceolaíocha in 2014 ag:

Leibhéal 1: Bainistíocht agus Maoirseacht Náisiúnta

Á stiúradh ag an RCPRÁ
Beartas, rialacháin agus acmhainní
Faomhadh Pleananna Bainistíochta Abhantraí

Leibhéal 2: Cur i bhFeidhm agus Tuairisciú Náisiúnta Teicniúil

Á stiúradh ag an GCC
Monatóireacht, measúnú agus tuairisciú
Measúnacht agus cur i bhfeidhm beart
Teimpléad le haghaidh Pleananna Bainistíochta Abhantraí
Monatóireacht ar thascanna forfheidhmiúcháin agus torthaí comhshaoil

Leibhéal 3: Cur i bhFeidhm Réigiúnach trí Líonraí Uisce

Á stiúradh ag an bPríomhúdarás Comhordaithe
Monatóireacht, ceadúnú agus gníomhartha forfheidhmiúcháin ag údaráis áitiúla
Pleananna Mionsonraithe Bainistíochta Abhantraí
Cur i bhFeidhm Clár Bearta ag na comhlachtaí poiblí bainteacha, rianú agus tuairisciú, i gcomhairle leis an GCC

Figiúr 6: Socruithe Nua Molta Rialachais



Figiúr 7: Tréithriú i gCreat an CTU

- 956 suíomh abhann ar 398 abhainn agus sruth,
- 72 loch ag breis is 3900 stáisiún samplála,
- 80 dobharlach idirchreasa agus cósta ag 500 stáisiún samplála.

As an 956 láithreán abhann a ndearnadh suirbhéireacht orthu, bhí 895 acu oibríochtúil/imscrúdaitheach agus bhí 61 acu ina láithreáin faireachais fhadthéarmaigh. Rinneadh measúnuithe Luach Q ar mhaicrinveirteabraigh ag an 956 láithreán, agus rinneadh sampláil shéasúrach fítibeantóis ag 67 láithreán abhann in 2014. Rinneadh iomlán 115 suirbhé de chineál Teicníc Mheasúnaithe Hidreamoirfeolaíoch Abhann (TMHA) chomh maith in 2014 (Tábla 7).

	Líon na samplaí
FAIREACHAS AN CTU	
Faireachas an CTU ar Lochanna	1,390
Faireachas an CTU ar Aibhneacha	2,028
Substaintí Tosaíochta Faireachais an CTU	510
OIBRÍOCHTÚIL CTU	4,270
SCREAMHUISCE CTU	810
INBHEARACH CTU	2,602
OSPAR	144
Líon iomlán na samplaí	**11,754**

Tábla 6: Líon Iomlán na Samplaí Uisce a nDearnadh Anailís Orthu in 2014

	Oibríochtúil/ Imscrúdaitheach	Faireachas	Iomlán
Measúnuithe Luach Q ar Mhaicrinveirteabraigh (Líon na Láithreán)	895	61	**956**
Próiseáil agus Measúnuithe Fítibeantóis (Samplaí)		67	**67**
Suirbhéanna Measúnaithe Hidreamoirfeolaíoch Abhann (SMHA)	67	48	**115**

Tábla 7: Monatóireacht Bhitheolaíoch ar Aibhneacha in 2014

An Clár Hidriméadrachta

Lean an GCC de mhonatóireacht a dhéanamh ar thionchar asbhaintí uisce dromchla ar shruthanna aibhneacha agus de shonraí hidriméadracha a chur ar fáil le tacú le hoibleagáidí náisiúnta agus idirnáisiúnta tuairiscithe, pleanáil agus bainistíocht acmhainní uisce, bainistíocht rioscaí tuilte, dearadh bonneagair agus réimse leathan gníomhaíochtaí eile.

Rinne an GCC 4,306 measúnú in 2014 ar leibhéal/sruth uisce dromchla agus leibhéil screamhuisce ar fud na tíre. Dhírigh na measúnuithe seo go príomha ar an líonra láithreáin údarás áitiúil atá ag an GCC cheana, ach in éineacht leis sin, chuimsigh sé tomhais srutha spriocdhírithe, mar shampla, le tacú le bunú sruthanna peircintíl 95 ar mhaithe le bheith curtha san áireamh i gceadúnais ionaid chóireála dramhuisce. Cuirtear minicíocht na gcuairteanna láithreáin in oiriúint do riachtanais an láithreáin agus inathraitheacht nádúrtha bhealach na habhann m.sh. is gnách nach gá an oiread céanna cuairteanna láithreáin a thabhairt ar bhealach cobhsaí a bhfuil sraith fhadbhunaithe sonraí ag baint leis, i gcomparáid le stáisiún a gníomhachtaíodh le déanaí ina bhfuil grinneall bealaigh atá thar a bheith dinimiciúil.

Déantar na sonraí a chur agus a phróiseáil i gcóras lárnach bogearraí, agus tá na sonraí seo ar fáil le bheith íoslódáilte trí leathanaigh ghréasáin HydroNet an GCC (http://hydronet.epa.ie/introduction.htm) nó go díreach trí theagmháil a dhéanamh leis an Rannóg Hidriméadrachta agus Screamhuisce den GCC. Chuir an GCC meastacháin nuashonraithe ar fáil in 2014 ar staidreamh srutha peircintíl 95%, ar mhaithe le ríomh sruth asamhlaithe a éascú do cheadúnais 74 Ionad Cóireála Dramhuisce (ICD). Tá an GCC tar éis an tacar sonraí náisiúnta hidreaméadrach le haghaidh láithreáin an GCC –údarás áitiúil a chur ar fáil do OOP, le tacú leis na measúnuithe Staidéar Tuilte a rinneadh faoi na cláir éagsúla réigiúnacha TSMBRT.

Chuir an GCC sonraí ar fáil in 2014 le tacú le riachtanais Treoir Tuilte atá á stiúradh ag OOP (TSMBRT). Chuir an GCC meastacháin nuashonraithe ar fáil ar staidreamh srutha chomh maith chun ríomh srutha asamhlaithe a éascú ar mhaithe le cur le cinntí ceadúnaithe.

Screamhuisce

Chríochnaigh an GCC tuarascálacha chomh maith ar na gnéithe hidrigeolaíocha d'éiceachórais talún a bhraitheann ar screamhuisce agus tréithriú dobharlaigh screamhuisce le cur le measúnuithe riosca tréithrithe a bhíonn déanta ag an GCC. Chríochnaigh an GCC nuashonrú stádas CTU screamhuisce chomh maith le tacú le tréithriú an CTU.

Rinneadh monatóireacht ar cháilíocht screamhuisce i dtrí bhabhta samplála ag líonra screamhuisce an CTU (275 láithreán) in 2014. Tosaíodh giniúint agus próiseáil sonraí ón leibhéal screamhuisce agus ón líonra sreafa fuarán. Úsáidtear na sonraí cáilíochta agus cainníochtúla screamhuisce i measúnuithe stádais agus treochtaí an CTU, agus don Mhaolú Níotráití agus tuarascálacha eile.

AN TREOIR MAIDIR LE MEASÚNACHT STRAITÉISEACH TIMPEALLACHTA (MST)

Fuair an Ghníomhaireacht 49 aighneacht Scagthástála agus 46 aighneacht Scóipe in 2014. Anuas air sin, rinneadh 33 aighneacht ar Thuarascálacha Comhshaoil/Dréacht-Phleananna agus 17 n-aighneacht ar Leasuithe ar Dhréacht-Phleananna.

D'ullmhaigh an GCC aighneachtaí ar phríomhphleananna/príomhchláir náisiúnta agus réigiúnacha amhail an Clár Náisiúnta Foraoiseachta; An Clár Forbartha Tuaithe; Clár Foraoiseachta na hÉireann; Creatphlean Comhtháite na Sionainne agus an Straitéis Náisiúnta Tailte Móna.

Chuir sí aighneachtaí ar fáil chomh maith ag céim scóipe MST na bPleananna seo a leanas: an Plean Náisiúnta Straitéis um Dhobharshaothrú; an Clár Forbartha Bia Mara; Plean Muirí Thuaisceart Éireann agus na trí Phlean Réigiúnacha Bainistíochta Dramhaíola.

Tá an GCC páirteach chomh maith i roinnt Grúpaí Stiúrtha chun comhtháthú gnéithe comhshaoil i bpleananna agus cláir náisiúnta a chur chun cinn. Cuimsíonn siad seo na grúpaí MST ar an mBeartas Leictreachais Inbhuanaithe; Fuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta; Taiscéalaíocht Ola agus Gáis Amach ón gCósta agus an Grúpa Stiúrtha um Oiriúnú Aeráide Earnála.



	Aighneachtaí Scagthástála a Fuarthas	Aighneachtaí Scóipe a Fuarthas	Tuarascálacha Comhshaoil a Fuarthas	Aighneachtaí a Rinneadh ar Thuarascálacha Comhshaoil agus Dréachtphleananna	Leasuithe ar Thurascálacha Comhshaoil a Fuarthas	Aighneachtaí a rinneadh ar Leasuithe ar TCanna a rinneadh
2008	138	66	69	48	0	0
2009	56	57	28	43	25	27
2010	61	41	49	36	21	20
2011	121	59	27	37	19	20
2012	76	42	45	37	23	22
2013	75	50	46	46	22	28
2014	49	46	34	33	20	17

Figiúr 8: Miondealú Bliantúil ar Ghníomhaíocht MST

Seirbhísí Saotharlann Comhshaoil

Cuireann seirbhísí saotharlainne an GCC an cumas anailíseach ar fáil le tacú le cur i bhfeidhm na gclár náisiúnta monatóireachta agus le tacú le príomhróil an GCC ar cheadúnú agus forfheidhmiú . Déanann na saotharlanna atá suite i gCill Chainnigh, Muineachán, Caisleán an Bharraigh agus Baile Átha Cliath an anailís ar pharaiméadair fhisiciceimiceacha aibhneacha, lochanna, screamhuiscí agus uiscí idirchreasa le haghaidh fhaireachas an CTU agus cláir mhonatóireachta eile. Déanann gach ceann de na saotharlanna seirbhísí monatóireachta agus anailíseacha a chur ar fáil chomh maith ag áiseanna ceadúnaithe agus déanann siad an iniúchóireacht ar cheadúnais sceite dramhuisce. Chuir na saotharlanna i gCaisleán an Bharraigh, Muineachán agus Cill Chainnigh seirbhísí ar fáil chomh maith do na húdaráis áitiúla sna réigiúin seo.

Cloch mhíle mhór a baineadh amach do shaotharlanna an GCC in 2014 ná dámhachtain an chreidiúnaithe aonair il-láithreán faoi ISO17025.

Anuas air sin, i rith 2014:

- Rinne na saotharlanna uisce anailís ar iomlán 23,566 sampla maidir le réimse ceimiceán agus, nuair ba chuí sin, paraiméadair mhicribhitheolaíochta.
- Ullmhaíodh an chéad fhardal astaíochtaí substaintí tosaíochta isteach sa chomhshaol.
- Chruthaigh na saotharlanna i gCill Chainnigh, Caisleán an Bharraigh agus Muineachán tuarascálacha ar Cháilíocht Uisce Réigiúnach Chomhtháite leis na sonraí is déanaí ar cháilíocht uisce. Cuimsíonn na tuarascálacha seo aibhneacha, lochanna, screamhuiscí, uiscí idirchreasa agus cósta agus uiscí snámha agus díríonn siad ar ghnéithe ceimiceacha agus bitheolaíocha araon.

Bhí na tuarascálacha seo in éineacht le tuarascálacha contae le haghaidh na gcontaetha sin ina gcuireann saotharlanna réigiúnacha an GCC seirbhís ar fáil. Príomhfhócas a bhí sna tuarascálacha ná measúnú a dhéanamh ar na sonraí cáilíocht uisce i gcomhthéacs an CTU agus réimsí ar leith ar gá díriú orthu a aithint le cabhrú le cuspóirí an CTU a bhaint amach.

CLÁR IDIRCHALABRÚCHÁIN

Seirbhísí Idirchalabrúcháin

Tháinig méadú trí cinn ar líon iomlán na saotharlann a bhí páirteach i gclár idirchalabrúcháin an GCC, go 144 in 2014. Ina measc siúd, bhí saotharlanna de chuid na n-údarás áitiúil, saotharlanna na Treorach maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha (TAT) agus saotharlanna ar conradh, saotharlanna eile a chuireann sonraí ar fáil don GCC agus saotharlanna réigiúnacha de chuid an GCC féin chomh maith. Seoltar na gnéithe den chlár a bhaineann le réiteach agus scaipeadh samplaí chuig saotharlann sheachtrach fós.

Is féidir breathnú ar chlár na saotharlann, rud a bhfuil foráil déanta dó faoi Alt 66 d'Acht an GCC, 1992, agus é bunaithe ar fheidhmíocht na saotharlann ar leith le bliain anuas, is féidir breathnú air ag http://www.epa.ie/pubs/reports/water/other/

Seirbhís Chalabrúcháin Uirlisí

Cuireann Seirbhís Chalabrúcháin an GCC seirbhís chreidiúnaithe chalabrúcháin ar fáil le haghaidh réimse uirlisí cosanta ar radaíocht, lena n-áirítear méadair shuirbhéireachta, méadair éillithe agus dáileogmhéadair leictreonacha phearsanta.

Ó 1 Lúnasa 2014, rinne Seirbhís Chalabrúcháin an GCC tástáil ar 266 monatóir radaíochta agus theip ar 12 acu cloí leis na caighdeáin riachtanacha. Tacaíonn an tseirbhís seo le húsáid shábháilte radaíochta ianúcháin trína chinntiú go mbíonn na monatóirí a bhíonn á n-úsáid ag úsáideoirí radaíochta le haghaidh seiceáil riachtanach sábháilteachta ag cloí le sonraíochtaí an déantóra.

Chuir an GCC tús le clár calabrúcháin uirlisí monatóireacht radaíochta don Chosaint Shibhialta in 2014. Tá na huirlisí seo suite i ngach aon chontae agus bheidís á n-úsáid ag an gCosaint Shibhialta, thar ceann an GCC, chun tomhas a dhéanamh ar leibhéil radaíochta tar éis d'éigeandáil radaíochta tarlú.



Figiúr 9: Tomhas Radóin in Éirinn in 2014

Monatóireacht ar Radaíocht

In éineacht leis an radaighníomhaíocht atá sa chomhshaol ó fhoinsí nádúrtha, tá radaighníomhaíocht curtha leis mar gheall ar thástáil arm núicléach, timpistí núicléacha roimhe seo amhail na cinn a tharla ag Chernobyl agus Fukushima agus scaoileadh rialta ó shuiteálacha núicléacha. Is é doirteadh leachta ó ionad athphróiseála breosla núicléach Sellafield in oir-thuaisceart Shasana an phríomhfhoinse radaighníomhaíochta saorga i Muir Éireann. Nuair a thagann siad isteach sa chomhshaol, tá radanúiclídí ann le bheith iontógtha ag éisc, sliogéisc, barra agus ainmhithe agus dul isteach sa slabhra bia dá bharr. Chuimsigh clár monatóireachta radaíochta an GCC in 2014 sampláil agus tástáil radaighníomhaíochta san aer, uisce óil, uisce farraige, feamainn, dríodar, éisc, sliogéisc agus ábhair bhia eile, chomh maith le tomhas leanúnach ar ráta na dáileoige gáma chomhthimpeallaigh ag stáisiúin sheasta mhonatóireachta ar fud na tíre.

Léirigh torthaí an chláir mhonatóireachta seo cé gur féidir na leibhéil radaighníomhaíochta saora i gcomhshaol na hÉireann a bhrath go fóill, tá siad íseal agus ní baol suntasach iad do shláinte an duine.

Tomhas ar Radón

Idir 1 Lúnasa agus deireadh Nollaig 2014, thomhais saotharlann radóin an GCC radón i 1,034 áit chónaithe. Astu seo, bhí leibhéil radóin os cionn an leibhéil ag a moltar gníomhú feabhsúcháin i 114 acu (Leibhéal Tagartha Náisiúnta 200 Bq/m³). Ba é an luach uasta a tomhaiseadh ná 1,260 Bq/m³ i dteach príobháideach i nGaillimh. Laghdaigh obair feabhsúcháin ina dhiaidh sin sa teach seo na leibhéil radóin go mór, agus iad gar anois don Leibhéal Náisiúnta Tagartha (féach Figiúr 9). Tá staidreamh achomair ar na tomhais radóin a rinneadh i ngach contae foilsithe ar shuíomh gréasáin an GCC ag www.epa.ie/radiation.

Fíorú oibleagáidí monatóireachta radaíochta na hÉireann faoin gConradh Euratom

Is é ceann d'aidhmeanna chlár monatóireachta radaíochta an GCC ná oibleagáidí na hÉireann faoi Airteagal 35 de Chonradh Euratom a chomhlíonadh. Tugann sé seo ar Bhallstáit, Éire san áireamh, na háiseanna atá riachtanach chun monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar leibhéil na radaighníomhaíochta san aer, uisce agus ithir a bhunú. Ordaíonn sé chomh maith go bhfuil sé de cheart ag an gCoimisiún Eorpach cuairt a thabhairt ar a leithéid d'áiseanna chun a n-oibriú agus a n-éifeachtúlacht a dheimhniú. Is é príomhchuspóir a leithéid de chuairteanna ná measúnú neamhspleách a chur ar fáil ar leorgacht áiseanna monatóireachta le haghaidh radaighníomhaíocht chomhshaoil.

Thug foireann triúir ón gCoimisiún Eorpach cuairt fíorúcháin ar Éirinn in 2014. Dhírigh an chuairt fíorúcháin ar an gclár náisiúnta monatóireachta comhshaoil, saotharlann radanailíseach an GCC, an líonra náisiúnta monatóireachta radaíochta agus socruithe chun na feidhmeanna seo a

Figiúr 10: Láithreáin an Líonra Náisiúnta Monatóireachta Radaíochta

chothabháil tar éis chumasc na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch (IÉCR) agus an GCC. Chuimsigh an chuairt ceithre lá cur i láthair don fhoireann fíorúcháin ar na cláir náisiúnta, athbhreithniú ar an tsaotharlann radanailíseach agus fíorú na stáisiún líonra monatóireachta radaíochta i gCluain Sceach, Belfield, Casement, an Muileann gCearr, Dún Dealgan, Droichead Átha, Cluain Eois, agus Aerfort Chnoc Mhuire. Fuair an fhoireann Fíorúcháin go raibh an clár náisiúnta monatóireachta ag cloí ar an iomlán le riachtanais atá leagtha amach in Airteagal 35. Táthar ag súil le tuarascáil iomlán ar a dtorthaí a bheith foilsithe in 2015.

Seirbhísí Radanailíseacha

Is í saotharlann radanailíseach an GCC an tsaotharlann náisiúnta le haghaidh tomhas radaighníomhaíochta agus déanann sí anailís gach bliain ar réimse leathan ábhair bhia agus samplaí comhshaoil. Déantar an obair seo le tacú le clár monatóireachta an GCC ar radaighníomhaíocht chomhshaoil agus ar bhonn conartha thar ceann cliant seachtrach. Chuimsigh na seirbhísí anailíseacha ar conradh a cuireadh ar fáil i rith 2014 tástáil táirgí Éireannacha maidir le cloí le riachtanais na dtíortha allmhairithe, tástáil uisce óil maidir le cloí le rialacháin an AE agus tástáil ar scaoileadh ó fhoinsí radaighníomhacha a úsáidtear i leigheas, oideachas agus tionscal. Tástáladh 596 sampla san iomlán idir 1 Lúnasa agus deireadh na bliana. Cuireann an GCC seirbhís deimhniúcháin ar fáil d'onnmhaireoirí táirgí bia agus eile Éireannacha. Ba é líon na dteastas táirge a eisíodh idir 1 Lúnasa agus 31 Nollaig 2014 ná 1,273. Thug gach teastas leibhéil radaighníomhaíochta faoi bhun na dteorainneacha riachtanacha le fios.

Déanann an GCC anailís ar radón i samplaí uisce óil do chustaiméirí tráchtála agus tí chomh maith. Tá an modh anailíseach a úsáidtear creidiúnaithe trí Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (BNÉC) de réir ISO 17025. Mar chuid de phróiseas an chreidiúnaithe, glacann an tsaotharlann páirt i dtástálacha oilteachta agus comparáidí idir shaotharlanna. Ós rud é nach bhfuil a leithéid de thástálacha oiriúnacha ar fáil le blianta beaga anuas, d'eagraigh an GCC comparáid in 2014 idir shaotharlanna maidir le tomhais ar radón in uisce óil do shaotharlanna san Eoraip a raibh suim acu ann. Bhí saotharlanna sa Phortaingéil, sa Spáinn, san Fhionlainn, san Iorua agus san Eastóin páirteach ann. Beidh torthaí na comparáide ar fáil in 2015.

AN LÍONRA NÁISIÚNTA MONATÓIREACHTA RADAÍOCHTA

Oibríonn an GCC an Líonra Náisiúnta Monatóireachta Radaíochta i gcomhar le Met Éireann, roinnt údarás áitiúil agus na Fórsaí Cosanta. Déanann an líonra seo tomhas ar ráta na dáileoige gáma chomhthimpeallaigh, radaighníomhaíocht san aer agus déanann sé cur ar fáil le haghaidh bailiú samplaí uisce báistí. Tomhaiseadh ráta na dáileoige gáma chomhthimpeallaigh ag 15 stáisiún agus tomhaiseadh an radaighníomhaíocht san aer ag 12 stáisiún in 2014. Níor tugadh leibhéil radaighníomhaíochta as an ngnách faoi deara in 2014. Foilsítear sonraí ráta na dáileoige gáma chomhthimpeallaigh le haghaidh na stáisiún go léir beo ar shuíomh gréasáin an GCC.

ÁISEANNA NÚICLÉACHA THAR LEAR

Monatóireacht a Dhéanamh ar Fhorbairtí sa tSábháilteacht Núicléach

Déanann an GCC ionadaíocht ar son na hÉireann i bhfóraim Eorpacha agus idirnáisiúnta ar cheisteanna maidir le sábháilteacht núicléach. Tá an GCC páirteach go gníomhach in obair Ghrúpaí Rialtóirí Sábháilteachta Núicléiche na hEorpa (GRSNE) (reachtaíocht sa réimse seo san áireamh) go háirithe, agus i dtionscnaimh chun socruithe trédhearcachta a fheabhsú. Chuir an GCC comhairle ar an Rialtas i rith 2014 ar fhorbairtí ag láithreáin núicléacha sa Ríocht Aontaithe, amhail Sellafield, agus a impleachtaí d'Éirinn, agus ar dhul chun cinn phlean na Ríochta Aontaithe stáisiúin nua cumhachta núicléiche a thógáil. Mar chuid den obair seo, bíonn an GCC i dteagmháil go rialta le húdaráis rialaitheacha núicléacha na Ríochta Aontaithe.

Chuir an GCC tús in 2014 le tionscadal chun measúnú a dhéanamh ar thionchair fhéideartha a bheadh ag timpiste theoiriciúil ag Sellafield ar Éirinn. Tá an obair seo ag úsáid cásanna samhlaithe timpiste a thógtar ón Measúnú Riosca Dhóchúlaíoch a bhaineann le Sellafield, rud a bhí ullmhaithe ag grúpa saineolaithe idirnáisiúnta do Rialtas na hÉireann, in éineacht le samhlacha ar ríomhairí chun aistriú radaighníomhaíochta go hÉirinn a ionsamhlú agus chun meastachán a dhéanamh ar na dáileoga radaíochta a gheobhadh muintir na hÉireann mar thoradh air sin.

ÉIGEANDÁLAÍ RADAÍOCHTA AGUS ULLMHACHT

Má tharlaíonn timpiste núicléach thar lear, ar na freagrachtaí atá ar an GCC faoin bPlean Náisiúnta Éigeandála um Thimpistí Núicléacha (NEPNA), tá tomhas a dhéanamh ar leibhéil radaighníomhaíochta sa chomhshaol agus sa slabhra bia, measúnú a dhéanamh ar na tionchair fhéideartha ar dhaonra agus comhshaol na hÉireann agus comhairle a chur ar fáil ar ghníomhartha cosanta chun nochtadh do radaíocht a laghdú.



Figiúr 11: Mar a Chuireann Conairí Éagsúla Radaíochta leis an Dáileog Mheánach Radaíochta a Fhaigheann Duine in Éirinn

NOCHTADH PHOBAL NA HÉIREANN DO RADAÍOCHT IANÚCHÁIN

Tá radaighníomhaíocht ó fhoinsí nádúrtha agus saorga ar fud na timpeallachta. Bíonn daoine in Éirinn nochta don radaighníomhíocht seo trí theacht leanúnach gathanna gáma ón spás (radaíocht chosmach) agus ón ithir faoina gcosa; trí radón agus tórón san aer a análaíonn siad; radaighníomhaíocht nádúrtha agus shaorga sa bhia agus uisce a ólann siad agus trí thástálacha agus nósanna imeachta leighis áirithe. Is é ceann de róil an GCC ná measúnú a dhéanamh ar leibhéil an nochta seo agus comhairle a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara ar bhealaí leis an bpobal a chosaint ar nochtadh gan ghá do radaíocht ianúcháin.

Foilsíodh tuarascáil in 2014 ina ndearnadh cainníochtú ar nochtadh an phobail do gach cineál radaíochta i gcomhshaol na hÉireann. Ar an meán, faigheann duine in Éirinn dáileog bhliantúil 4,037 'microsievert' (μSv) ó gach cineál foinse radaíochta. Is ionann foinsí nádúrtha radaighníomhaíochta, go háirithe radón in áiteanna cónaithe, is ionann iad agus 86% den nochtadh go léir, fad is a chuireann foinsí atá cruthaithe ag daoine tuairim is 14% leis, agus baineann an chuid is mó de sin le húsáid thairbheach radaíochta i gcleachtadh an leighis. Níl i gceist le dáileoga ó fhoinsí eile amhail Sellafield, Chernobyl agus nochtadh ceirde ach níos lú ná 1%. Léiríonn Figiúr 11 an méid measta a chuireann na conairí éagsúla a bhreithnítear sa tuarascáil leis an dáileog mheánach radaíochta. Tá Áireamhán Dáileog Radaíochta ar shuíomh gréasáin an GCC lenar féidir le daoine a ndáileog radaíochta féin a mheas.

2.2

TAIGHDE

Tá bainistíocht éifeachtach an chomhshaoil á stiúradh ag an eolaíocht go méadaitheach. Agus clár taighde agus forbartha ar siúl againn, tá an GCC ag cruthú an eolais agus an tsaineolais le brúnna a aithint, cur le beartas agus réitigh ar dhúshláin chomhshaoil a fhorbairt.

BUAICPHOINTÍ TIONSCNAIMH TAIGHDE

Chuir an GCC bailchríoch ar agus d'fhoilsigh siad straitéis taighde na tréimhse 2014–2020 in 2014. Chuimsigh sí seo comhairliúchán cuimsitheach le réimse leathan páirtithe leasmhara, amhail ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, an pobal taighde, maoinitheoirí náisiúnta taighde agus eagraíochtaí neamhrialtasacha. Is é uaillmhian shainráite na straitéise ná eolas a úsáid chun ár dtimpeallacht nádúrtha agus sláinte an duine a chosaint agus a fheabhsú.

Is iad cuspóirí na straitéise taighde ná *Brúnna a Aithint – Cur le Beartais – Réitigh a Fhorbairt*. Is príomhghné de chion oibre an chláir d'iomaíochas inbhuanaithe a chur chun cinn in Éirinn é torthaí an taighde a chur in iúl do chomhlachtaí bainteacha poiblí, príobháideacha agus neamhrialtasacha.

Foilsíodh 21 tuarascáil taighde in 2014 agus tá siad seo ar fáil ag http://www.epa.ie/pubs/reports/research/

Bhí sé mar thoradh ar an nglao bliantúil taighde ag deireadh mhí an Mheithimh 2014 go bhfuarthas 171 iarratas i réimsí na hAeráide, Uisce, Inbhuanaitheachta agus Fiontraíochta Glaise. Tar éis d'athbhreithniú piaraí a bheith déanta, tugadh 59 dámhachtain taighde – líon arbh ionann iad agus gealltanas buiséid thart ar €8 milliún ón GCC. Thug anailís ar an am slánúcháin le fios gur phróiseas thar a bheith éifeachtach é seo sa chaoi gur tugadh 95% de na dámhachtana deontais taobh istigh de 18 seachtaine ó dháta deiridh an ghlao ar thaighde.

RANNPHÁIRTÍOCHT EORPACH

Tá an GCC ag tacú le teagmháil na hÉireann le hÍor Spéire 2020 de chuid an Choimisiúin Eorpaigh (ÍS2020) mar Thoscaire Náisiúnta agus Pointe Teagmhála Náisiúnta le haghaidh an chláir um Athrú Aeráide agus í Ard-Stiúrthóir an GCC (Laura Burke) Cathaoirleach an Ghrúpa Chomhairligh Saineolaithe faoin gClár um Athrú Aeráide.

Tá an GCC ina ball de Líonra Náisiúnta Tacaíochta ÍS2020, rud atá á stiúradh ag Fiontraíocht Éireann, agus cuireann sí tacaíocht shuntasach ar fáil don phobal taighde chun gur féidir leo páirt a ghlacadh in ÍS2020 trí mhodhanna éagsúla. Rinne an GCC na nithe seo a leanas:

- Meitheal Náisiúnta a bhunú le haghaidh ÍS2020 DS5 (SC5), dream a thagann le chéile go ráithiúil chun plé a dhéanamh agus aiseolas a thabhairt ar an gclár oibre.
- iarratais ar chuardach comhpháirtithe a éascú agus
- bhunaigh siad catalóg saineolaithe Éireannacha agus é bunaithe ar an ngréasán
- ÍS2020 a chur chun cinn ar leathanaigh ghréasáin, meáin shóisialta agus nuachtlitreacha an GCC

Chomh maith leis sin, déanann an GCC athbhreithniú ar thograí, éascaíonn sí ceisteanna, buaileann sí le taighdeoirí (lucht acadúil, GBManna agus tionscail), déanann sí cur i láthair ag seónna bóthair réigiúnacha agus cuireann sí ócáid bhliantúil i láthair le cainteoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta a dtugtar cuireadh dóibh.

Tá príomhról ag an GCC chomh maith i dTionscnaimh chun Cláir a Eagrú le Chéile maidir leis an Aeráid agus Uisce (TCELC) rudaí ar tionscnaimh chomhoibríocha iad idir tíortha Eorpacha chun an taighde a chomhordú le chéile, agus tionscnaimh nua trasnáisiúnta taighde a mhaoiniú. Cuireann an TCELC Aeráide agus Uisce leis an bhfreagra foriomlán Eorpach ar athrú aeráide agus le baint amach córais uisce inbhuanaithe faoi seach. Feidhmíonn foireann an GCC mar bhaill tascfhórsa



Figiúr 12: Taighde an GCC a thacaíonn le beartas agus straitéis ar fud ranna rialtais na hÉireann

in dhá Chomhpháirtíocht Eorpacha Nuálaíochta (Uisce agus Amh-ábhair), rudaí a d'fhéadfadh deiseanna féideartha a chur ar fáil chun teagmháil mhéadaithe a dhéanamh le ÍS2020.

CLÁR TAIGHDE AR THAISCÉALAÍOCHT AGUS ASTARRAINGT NEAMHGHNÁCH GÁIS (TANG)

Is ceist éiritheach í TANG in Éirinn agus is éard atá i gceist léi ná scoilteadh hiodrálach ardtoirte (fraiceáil) carraig tréscaoilteachta ísle ionas gur féidir gás nádúrtha a astarraingt ar scála tráchtála ó fhoinsí neamhghnácha amhail fosuithe gás scealla, síoga guail agus gaineamhchlocha teanna. Rinne an GCC comhordú ar fhógraíocht agus dámhachtain clár taighde ar TANG a bheidh ar siúl ar feadh 24 mí. Scrúdóidh an taighde tionchair fhéideartha ar an gcomhshaol agus sláinte an duine ó thionscadail agus oibríochtaí TANG (lena n-áirítear foirgníocht, oibriú agus iarchúram). Tá an clár á bhainistiú ag coiste stiúrtha a chuimsíonn an GCC; an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil; an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha; Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann; an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh; An Bord Pleanála; Gníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann; Suirbhéireacht Gheolaíochta Thuaisceart Éireann; agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Tá an taighde á dhéanamh ag cuibhreannas, agus é á stiúradh ag gnólacht dhomhanda bainistíochta comhshaoil agus bonneagair CDM Smith Ireland Limited. Cuimsíonn an cuibhreannas Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, Suirbhéireacht Gheolaíoch na Breataine, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil Uladh, AMEC, agus Dlíodóirí Philip Lee.

TAIGHDE AR RADÓN

Is bonn riachtanach iad torthaí an taighde le haghaidh na comhairle atá tugtha ag an GCC do shealbhóirí tí agus páirtithe leasmhara eile atá ag dul i ngleic le fadhb an radóin taobh istigh. D'aithin an Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin (SNRR) bearnaí eolais áirithe, a bhfuil cur síos orthu thíos, agus a bhfuiltear ag dul i ngleic leo trí thaighde i rith thréimhse na straitéise.

- Tosaíodh staidéar in 2014 chun nuashonrú a dhéanamh ar an measúnú náisiúnta ar leibhéil radóin taobh istigh. Cuirfidh torthaí an staidéir seo an tiúchan nuashonraithe mheánach radóin taobh istigh d'áiteanna cónaithe na hÉireann ar fáil. Is bonnlíne tábhachtach é an figiúr seo lena ndéanfar tomhas ar an obair chun nochtadh an daonra do radón a laghdú.
- Cuireadh tuarascáil staidéir ar éifeachtacht na riachtanas rialála foirgneamh constaic radóin a shuiteáil i gceantair ina bhfuil ardleibhéil radóin, cuireadh i láthair í ag Fóram Radóin 2014. Léirigh an obair seo cé go mbíonn laghdú thart ar aon trian ar thiúchan radóin taobh istigh mar gheall ar an riachtanas seo, tá féidearthacht ann éifeachtacht an bhirt seo a fheabhsú trí theicnící feabhsaithe suiteála.
- Is príomhshnáithe den SNRR é forbairt a dhéanamh ar shaineolas náisiúnta ar fheabhsúchán tithe ina bhfuil ardleibhéil radóin. Is bealach luachmhar é teacht ar an taighde is déanaí sa réimse seo agus naisc neartaithe le líonra speisialtóirí ar fud an AE le díriú ar bhearnaí eolais.

2.3

TUAIRISCIÚ

Cabhraíonn tuairisciú neamhspleách ar cháilíocht chomhshaoil le cur le cinnteoireacht a bhíonn á déanamh ag an rialtas náisiúnta agus áitiúil.

TRÁDÁIL ASTAÍOCHTAÍ

Fardail Astaíochtaí Náisiúnta

Seoladh fardal gáis cheaptha teasa na hÉireann le haghaidh na tréimhse 1990–2012 chuig an AE in 2014. Bhí sé seo athbhreithnithe ag foireann athbhreithnithe shaineolach de chuid na Náisiún Aontaithe in 2014. Ní raibh torthaí suntasacha ar bith i gceist agus deimhníodh ardchaighdeán a bheith ag baint leis an bhfardal náisiúnta.



Figiúr 13: Foinsí Gáis Cheaptha Teasa

Réamh-mheastacháin Astaíochtaí

Foilsíodh réamh-mheastacháin astaíochtaí gáis cheaptha teasa go dtí 2030 i mBealtaine. Léiríonn na figiúirí go bhfuil dúshláin shuntasacha roimh Éirinn agus í ag iarraidh athrú go geilleagar ísealcharbóin. Tá riosca mór ann go háirithe nach gcomhlíonfaidh Éire a spriocanna san AE le haghaidh 2020, fiú sa chás is fearr a d'fhéadfadh a bheith ann.

Críochnaíodh Tuarascáil Airteagal 21 ar líne (ar chur i bhfeidhm Threoir an CTA (ETS)) faoin spriocdháta ar 30 Meitheamh.

TUAIRISCIÚ FAOIN TREOIR UM UASTEORAINNEACHA ASTAÍOCHTAÍ NÁISIÚNTA

- Seoladh an fardal truailleáin aeir (NO_X, SO_2, NMVOCs agus NH_3) le haghaidh 1990–2013 chuig an gCoimisiún Eorpach faoin Treoir um Uasteorainneacha Astaíochtaí Náisiúnta (TUAN) i Nollaig 2014.
- Seoladh an fardal sínte truailleáin aeir (NO_X, SO_2, NMVOCanna agus NH_3 móide CO, PMann, miotail throma agus TCOnna) le haghaidh 1990–2012, seoladh é chuig CENAE (UNECE) de réir mar is gá faoin gCoinbhinsiún um Thruailliú Fadraoin Trasteorann Aeir (CTFTA) i bhFeabhra 2014.

Faoi Threoir an AE um Uasteorainneacha Astaíochta Náisiúnta (TUAN) agus faoi Phrótacal Idirnáisiúnta Gothenburg faoi Choinbhinsiún CENAE maidir le Truailliú Fadraoin Trasteorann Aeir (CTFTA), tá dualgas ar Éirinn astaíochtaí ceithre thruailleán trasteorann aeir a theorannú faoi 2010 agus gach bliain ina dhiaidh sin. Tá na ceithre thruailleán seo mar chúis le truailliú fadraoin trasteorann aeir amhail aigéadú, eotrófú agus truailliú ózóin ag leibhéal na talún.

Measann an aighneacht fardail is déanaí de chuid na hÉireann go bhfuil na hastaíochtaí NO_x agus NMVOC ag sárú uasteorainneacha náisiúnta astaíochtaí an TUAN i ngach aon bhliain ó 2010, ach measann sí gur tharla sé seo mar gheall ar roinnt fachtóirí éagsúla, amhail:

- Foinsí nua a cuireadh leis an bhfardal, rudaí nach raibh ar eolas nuair a socraíodh uasteorainneacha an TUAN nó nach raibh modheolaíocht ar fáil ina leith ag an am.
- Fachtóirí agus modheolaíochtaí astaíochtaí a bhí feabhsaithe i gcomhréir leis an gcleachtas is fearr, rud a raibh sé mar thoradh air gur tháinig méadú ar na hastaíochtaí measta. Níorbh fhéidir na hathruithe seo a thuar nuair a socraíodh uasteorainneacha an TUAN.

Leasaíodh Prótacal bunaidh 1999 in 2012 chun gealltanais náisiúnta laghdaithe astaíochtaí a chuimsiú, agus iad le bheith bainte amach faoi 2020 agus níos faide anonn. I gcomhréir le Prótacal athmheasta Gothenburg, tá an treoir UAN á hathbhreithniú i láthair na huaire mar chuid de Phacáiste Beartais an AE le haghaidh Aer Glan. Bhí cuimsiú gealltanais laghdaithe astaíochtaí maidir le hábhar mín cáithníneach (PM2.5) agus carbón dubh mar chomhchuid de PM2.5 chomh maith dá bharr, bhí sé i measc leasuithe eile ar dá phíosa reachtaíochta.

Gné nua eile a bhaineann leis an bProtocal athmheasta ná meicníocht solúbthachta a ligeann do Pháirtithe - i gcásanna atá sainithe go soiléir - mionathruithe ar a bhfardail astaíochtaí nó a dtiomantas laghdaithe astaíochta a mholadh, rud a aithníonn an éiginnteacht bhunúsach a bhaineann le leibhéil astaíochtaí a réamh-mheas agus a thuar, agus an gá atá le feabhsuithe leanúnacha eolaíocha agus modheolaíochta faoin gCoinbhinsiún.

Bhí Éire páirteach i bpróiseas coigeartaithe a bunaíodh le haghaidh Phrótacal athmheasta Gothenburg chun meastacháin choigeartaithe astaíochtaí náisiúnta a chur ar fáil maidir le NO_x agus NMVOCanna, agus é difriúil leis an bhfardal eolaíochta is fearr (.i. na hiomláin náisiúnta a seoladh chuig an gCoimisiún faoi 31 Nollaig 2014), ar mhaithe le cloí le huasteorainneacha na Treorach.

Bhí fírinniú agus cainníochtú gach iarratais ar choigeartú curtha ar fáil go mionsonraithe agus bhí sé curtha san áireamh sa dara haighneacht sonraí in Eanáir 2015. Tá iarratas na hÉireann ar choigeartú beartaithe ar feitheamh chinneadh Chomhlacht Stiúrtha an Chláir Eorpaigh Mhonatóireachta agus Mheasúnachta (CEMM) i láthair na huaire, rud a dtacaítear leis le comhlachtaí teicniúla an Choinbhinsiúin agus iad ag measúnú cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an coigeartú i gcomhréir leis na dálaí a bhfuil cur síos orthu sa treoir nósanna imeachta maidir le coigeartú.

Bhí Éire páirteach i bpróiseas coigeartaithe a bunaíodh le haghaidh Phrótacal athmheasta Gothenburg de chuid Choinbhinsiún CTFTA chun astaíocht náisiúnta choigeartaithe a chur ar fáil maidir le NO_x agus NMVOCanna, agus é difriúil leis an bhfardal eolaíochta is fearr (.i. na hiomláin náisiúnta a seoladh chuig an gCoimisiún faoi 31 Nollaig 2014), ar mhaithe le cloí le huasteorainneacha na Treorach.

Bhí fírinniú agus cainníochtú gach iarratais ar choigeartú curtha ar fáil go mionsonraithe agus bhí sé curtha san áireamh sa dara haighneacht sonraí in Eanáir 2015.

CÁILÍOCHT AN AEIR

D'éirigh leis an GCC riachtanais nua tuairiscithe de chuid an AE a tháinig i bhfeidhm ar 1 Eanáir 2014 a chur i bhfeidhm. Cuimsíonn na riachtanais tuairisciú sonraí in aghaidh na huaire chuig an GEC/AE faoi thruailleáin aeir ar leith, amhail ózón, dé-ocsaíd nítrigine, ábhar cáithníneach, dé-ocsaíd sulfair agus aonocsaíd charbóin. Cruthaítear feasacháin mhíosúla do pháirtithe leasmhara chomh maith anois ar ábhar cáithníneach, ózón agus dé-ocsaíd nítrigine.

CUMHACH TALÚN

Déanann an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (GEC) comhordú ar chlár monatóireachta talún ar chumhdach talún darb ainm CORINE. Is acrainm é CORINE a bhaineann le *"hEolas Comhordaithe ar an gComhshaol"* agus is clár léarscáilithe é atá ceaptha le sonraí caighdeánaithe agus inchomparáide spásúla ar chumhdach talún a chur ar fáil ar fud Mhór-Roinn na hEorpa. Tá comhordú á dhéanamh ag an GCC in Éirinn ar fhorbairt thionscadal CORINE ó 2000. Forbraíodh CORINE le haghaidh 1990, 2000 agus 2006 go dtí seo. Is é an t-aon tacar sonraí náisiúnta ar chumhdach talún atá ar fáil in Éirinn agus cuireann sé sraith ama ar fáil ar chumhdach talún agus athrú cumhdach talún ó 1990. D'fhorbair an GCC sraith nua sonraí CORINE in 2014 le haghaidh 2012.



Figiúr 14: Cáilíocht Uisce Snámha

Forbraíodh CORINE 2012 trí chur chuige nua agus nuálaíoch i leith brath agus léarscáiliú cianda. Lig sé seo don tacar sonraí a bheith forbartha trí mhodheolaíocht leath-uathoibrithe agus bhí cruinneas feabhsaithe sonraí mar thoradh air chomh maith. Bhí Éire ar na chéad tíortha le CORINE 2012 a chur ar fáil do GEC, dream a d'fhaomh agus a ghlac leis na sonraí. Tá CORINE 2012 ar fáil don phobal le bheith feicthe nó íoslódáilte ar shuíomh gréasáin an GCC ag http://gis.epa.ie/.

CÁILÍOCHT UISCE SNÁMHA

Bhí torthaí shéasúr snámha 2013 foilsithe ag an GCC i mBealtaine sa tuarascáil bhliantúil uisce snámha. Cuireadh na torthaí is déanaí ar cháilíocht an uisce snámha – rudaí a bhí curtha ar fáil ag na húdaráis áitiúla – cuireadh ar fáil don phobal iad i rith shéasúr snámha 2014 ar chóras uisce snámha an GCC ar líne darb ainm *"SPLASH"*. Rinneadh nuashonrú chomh maith ar chórais uisce snámha SPLASH agus an GCC chomh maith chun fógraí faoi theagmhais fhéideartha ag láithreáin snámha a éascú. Agus d'oibrigh an GCC le FSS chun leibhéil ghníomhaíochta a shocrú le haghaidh rabhaidh riosca sláinte poiblí.

Nuair a mheas an GCC go raibh an seans ann nach gcomhlíonfadh uisce snámha áirithe an caighdeán riachtanach "imleor", cuireadh cruinnithe ar siúl leis na húdaráis áitiúla bhainteacha chun comhairle a chur orthu faoin ngá le pleananna oiriúnacha bainistíochta a fhorbairt.

Chomh maith leis sin, d'éirigh leis an bhfoireann uisce snámha an t-eolas agus na measúnuithe riachtanacha uisce snámha go léir a chur ar fáil don Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil in am.

TUAIRISCIÚ NÁISIÚNTA AR AN DRAMHAÍL

D'fhoilsigh an GCC réamhshonraí ar dhramhaíl bhardasach sholadach le haghaidh 2012 i mí an Mhárta; agus foilsíodh an Tuarascáil Náisiúnta ar Dhramhaíl le haghaidh 2012 i Lúnasa. Léirigh sé seo go raibh spriocanna laghdaithe dramhaíola uile an AE ag dul ar aghaidh go maith, cé go raibh rioscaí ag baint le baint amach spriocanna amach anseo, amhail spriocanna athchúrsála agus aisghabhála Feithiclí Deireadh Saoil 2015 agus spriocanna 2016 maidir le bailiú cadhnraí iniompartha.

- Seoladh tacair shonraí Rialachán 2012 um Staidreamh Dramhaíola chuig an POS (tacair shonraí maidir le cóireáil dramhaíola agus tacar sonraí maidir le toilleadh agus láithreáin dramhaíola)/Tairseach ghréasáin Eurostat.
- Seoladh na Tuarascálacha Feidhmithe deiridh CRCT (2012–2013) agus TLD (Treoir maidir le Loisceadh Dramhaíola, 2012–2013) agus na chéad Tuarascálacha Feidhmithe den TAT (2014) chuig an gCoimisiún Eorpach i mí Mheán Fómhair.
- Foilsíodh príomhstaidreamh náisiúnta dramhaíola le haghaidh 2013 faoi staidreamh dramhaíl tí, treochtaí cóireála dramhaíola iarmharaí agus staidreamh faoi mhúirín agus díleá anaeróbach.
- Cuireadh tús le hanailís ghnó chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhfaigheann agus a n-úsáideann an GCC sonraí ar dhramhaíl agus é mar aidhm sruthlíniú agus comhchuibhiú a dhéanamh ar thuairisciú sonraí ó thríú páirtithe.

AN CLÁR EORPACH UM SCAOILEADH AGUS AISTRIÚ TRUAILLEÁN (CESAT/E-PRTR)

- Seoladh Tuarascáil Feidhmithe trí bliana CESAT le haghaidh na tréimhse 2010–2012 chuig an gCoimisiún Eorpach i mí Mheán Fómhair.
- D'fhoilsigh an CSAT tuarascáil inar pléadh sonraí 2012 a bailíodh faoin Rialachán seo.

TRUAILLEÁIN ORGÁNACHA MHARTHANACHA (TOMANNA) A THUAIRISCIÚ

Seoladh an Tuarascáil Bhliantúil ar rialáil truailleáin orgánacha mharthanacha chuig an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus chuig an gCoimisiún Eorpach faoi Airteagal 12 (CE) Uimh. 850/2004 i mí Dheireadh Fómhair.

CLÁRÚ, MEASÚNACHT, ÚDARÚ AGUS SRIANADH SUBSTAINTÍ CEIMICEACHA (CMÚSSC)

Tá an GCC ag obair go fóill leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (ÚSS) agus le ranna bainteacha den Rialtas le cinntiú go gcuirfear an Rialachán CMÚSSC i bhfeidhm. Chuimsigh an obair in 2014 tuairisciú faoin Acht Ceimiceán, 2008, agus imscrúduithe leantacha maidir le 7 bhfógra RAPEX a bhaineann le sáruithe ar an Rialachán CMÚSSC, rudaí a meastar a bheith ina riosca tromchúiseach comhshaoil.

AN CLÁR NÁISIÚNTA DÁILEOG

Caithfidh Seirbhísí Faofa Dáileogmhéadrachta a sholáthraíonn dáileogmhéadair do dhaoine a bhíonn ag obair le radaíocht in Éirinn, caithfidh siad gach tomhas dáileog radaíochta a sheoladh chuig an gClár Náisiúnta Dáileog (CND) gach bliain, rud a bhíonn cothabháilte ag an GCC. Seoladh sonraí ar na dáileoga radaíochta a fuair 10,000 oibrí in Éirinn chuig an CND in 2014. Tá an CND ann ó 2012 agus cabhraíonn sé le tacú le cosaint raideolaíoch trí bheith mar fhoinse eolas staidrimh ar dháileadh agus treochtaí dáileog a bhíonn faighte ag oibrithe i rith a gcuid oibre. Úsáideadh a leithéid de shonraí chun measúnú a dhéanamh ar na dáileoga radaíochta a bhí faighte ag daonra na hÉireann le haghaidh fhoilseachán 2014 ar an ábhar seo. Cuireann an CND meicníocht ar fáil chomh maith le haghaidh cruthú tuarascálacha náisiúnta d'eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail Coiste Eolaíoch na Náisiún Aontaithe ar Iarmhairtí Radaíochta Adamhaí (CENAIRA) agus an Coimisiún Eorpach.

MISEAN SEIRBHÍSE UM ATHBHREITHNIÚ COMHTHÁITE RIALAITHEACH

Tá riachtanais cheangailteacha dlí i dTreoracha Euratom maidir le Sábháilteacht Núicléach agus maidir le Dramhaíl Radaighníomhach a chiallaíonn go ndéantar athbhreithniú tréimhsiúil idirnáisiúnta piaraí ar an gcreat náisiúnta rialaitheach le haghaidh sábháilteacht radaíochta, an comhlacht rialaitheach san áireamh. Go praiticiúil, bíonn na hathbhreithnithe piaraí seo eagraithe ag an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta don Fhuinneamh Adamhach (GIFA) trí chomhaontú leis an AE agus cuimsíonn siad scrúdú mionsonraithe ar sholáthairtí náisiúnta i gcomparáid le Caighdeáin Sábháilteachta an GIFA. Tarlóidh a leithéid de mhisean in Éirinn in 2015 agus caitheadh go leor dua i rith 2014 le hullmhú le haghaidh an mhisin seo, féinmheasúnú náisiúnta a bhí á stiúradh ag an GCC san áireamh.

AN COMHCHOINBHINSIÚN UM SHÁBHÁILTEACHT BAINISTÍOCHTA BREOSLA CHAITE AGUS UM SHÁBHÁILTEACHT BAINISTÍOCHTA DRAMHAÍOLA RADAIGHNÍOMHAÍ (AN COMHCHOINBHINSIÚN)

Agus é glactha ar 5 Meán Fómhair 1997, tá Éire mar Pháirtí Conarthach den Chomhchoinbhinsiún. Baineann an Coinbhinsiún le breosla caite agus dramhaíl radaighníomhach a bhíonn mar thoradh ar réimse leathan cleachtas. Tá sé mar aidhm aige ardleibhéal sábháilteachta breosla chaite agus i mbainistíocht dramhaíola radaighníomhaí a chinntiú go domhanda; go bhfuil cosaintí éifeachtacha i bhfeidhm i gcoinne guaiseacha féideartha, lena n-áirítear cosc timpistí a mbeadh iarmhairtí raideolaíocha ag baint leo. Déantar monatóireacht ar chur i bhfeidhm fhorálacha an Choinbhinsiúin trí phróiseas athbhreithniúcháin. Seolann na Páirtithe Conarthacha tuarascálacha bliantúla isteach gach trí bliana ina sonraítear socruithe náisiúnta maidir le bainistíocht dramhaíola, d'fhonn cloí leis an gCoinbhinsiún a léiriú. Bhí ról suntasach ag an GCC i rith 2014 i bhforbairt 5ú Tuarascáil Náisiúnta na hÉireann, rud a seoladh chuig cruinniú athbhreithniúcháin an Choinbhinsiúin, rud a bheidh ar siúl i mBealtaine 2015.

AN TREOIR EORPACH MAIDIR LE SÁBHÁILTEACHT NÚICLÉACH

Chabhraigh an GCC leis an RCPRÁ i rith 2014 an chéad tuarascáil de chuid na hÉireann ar chur i bhfeidhm náisiúnta Threoir 2009 maidir le Sábháilteacht Núicléach a ullmhú. Chuir an Treoir seo prionsabail idirnáisiúnta sábháilteachta núicléiche mar cheangal dlí ar gach Ballstát den AE den chéad uair. Chabhraigh an GCC chomh maith le bailchríoch a chur ar Threoir Eorpach nua maidir le sábháilteacht núicléach in 2014. Bhí na ceachtanna a foghlaimíodh ó thimpiste núicléach Fukushima in 2011 mar spreagadh na Treorach nua d'fhonn creat níos láidre a chur ar fáil le haghaidh sábháilteacht núicléach san AE.

3

ABHCÓIDEACHT

Obair a dhéanamh le dreamanna eile chun abhcóideacht a dhéanamh ar son comhshaoil atá glan, táirgiúil agus dea-chosanta agus ar son iompraíocht chomhshaoil inbhuanaithe.

3.1 Oideachas

3.2 Múscailt Feasachta

3.3 Iompraíocht a Athrú

3.4 Obair le Daoine Eile

3.1

OIDEACHAS

Bíonn an GCC de shíor ag iarraidh ár gcumarsáid a fheabhsú agus acmhainní oideachasúla a chur ar fáil chun tuilleadh eolais a chur ar fáil do lucht ceaptha beartas agus chun tionchar a imirt ar an réimse gnó, ar an bpobal agus ar na heagraíochtaí lena n-oibrímid.

SUÍOMH GRÉASÁIN AN GCC

Is é suíomh gréasáin an GCC ár bpríomhuirlis chumarsáide chun eolas a scaipeadh ar an bpobal, agus breis is 1.9 milliún cuairt tugtha air in 2014.

Ba é ceann de na príomhghníomhartha a bhain le cumasc an GCC agus an IÉCR in 2014 ná suíomh gréasáin a chur ar fáil a léirigh comhéadan aontaithe do pháirtithe leasmhara agus feidhmeanna nua na heagraíochta cumaiscthe. Breithníodh roinnt ceisteanna amhail brandáil ábhair, ailtireacht eolais agus cur i láthair an tsuímh ghréasáin, agus cuireadh réiteach barrmhaith ar chuimsiú ábhar an IÉCR ar an suíomh gréasáin atá ag an GCC cheana i bhfeidhm. Rinneadh athbhreithniú ar an bhfeidhmiúlacht chomh maith agus rinneadh roinnt feabhsuithe, amhail corprú na Léarscáileanna Radóin i gCóras Léarscáilithe an GCC agus córas nua cairtithe chun léimh ó stáisiúin bheo monatóireachta radóin a léiriú.

Leanfaimid de chlár forbartha agus feabhsaithe leanúnaigh ar ár suíomh gréasáin a chur i bhfeidhm, le cinntiú go gcuirfear eolas tráthúil agus inrochtana ar fáil dár bpáirtithe leasmhara go léir.

ÁR BPRÍOMHTHEACHTAIREACHTAÍ A CHUR IN IÚL

Cuireann Oifig an GCC um Chaidreamh leis na Meáin seirbhís 24 uair ar fáil do na meáin. D'fhreagair an Oifig 571 ceist ó na meáin agus d'eisigh sí 39 preaseisiúint in 2014, agus bhí breis is 10,000 alt nuachtáin ina raibh an GCC luaite mar thoradh air sin.

Foilsíodh ráiteas deireadh bliana an Ard-Stiúrthóra, rud a chuir síos ar bhuaicphointí phríomhghníomhaíochtaí agus príomhghnóthachtáil an GCC in 2013. Scaipeadh trí eagrán de *Nuacht an GCC*, an nuachtlitir chorparáideach leictreonach, go breis is 5,000 síntiúsóir i rith na bliana.

Lean an GCC de na meáin shóisialta a úsáid mar bhealach lena teachtaireachtaí a chur in iúl, agus chuir sí dhá chuntas eile leis, mar atá, – @EPARadiation and @EPACatchments. Faoi dheireadh na bliana, bhí breis is 8,600 leantóir ag an GCC ar Twitter, ar fud sé chuntas, agus bhí 8,171 tvuít curtha amach acu.

Rinne an GCC urraíocht ar cheacht ar úsáidí agus dainséir X-ghathanna in *Science and Technology in Action*, rud ar acmhainn ilmheán é do mheánscoileanna.

Lean an GCC de chur chun cinn a hábhair oideachais agus acmhainní eile ar líne in 2014 trí shocrúcháin spriocdhírithe alt in irisí comhshaoil agus oideachais.

Chuir an GCC maoiniú ar fáil arís mar thacaíocht don dara sraith déag den chlár teilifíse *Eco Eye* , rud a craoladh ar RTÉ 1 ag tús na bliana. Bhí beagnach 600,000 duine ar an meán ag breathnú ar gach clár den tsraith. D'aontaigh an GCC tacaíocht a thabhairt do shraith eile a raibh an chuid is mó di críochnaithe i rith 2014. Leanann an tsraith seo d'fheasacht comhshaoil a mhúscailt agus eolas cuimsitheach a chur ar fáil don phobal faoi cheisteanna comhshaoil.

Grafaic Faisnéise agus Bileoga Eolais

Cuireadh sraith bileoga eolais agus grafaic faisnéise a chuireann eolas agus measúnú achomair ar fáil ar réimse ábhair chomhshaoil leis i rith 2014. Úsáideadh léiriú grafach físeach chun achoimre a thabhairt ar an bpríomheolas ar ábhair amhail

- an comhshaol agus sláinte,
- uisce snámha agus
- an comhshaol agus an geilleagar.



Úsáideadh iad seo le heolas eolaíoch a dháileadh i bhformáid atá éasca a thuiscint.

Anuas air sin, craobhscaoileadh príomhtheachtaireachtaí ó na táirgí seo trí chuntais an GCC ar Twitter i rith 2014.

D'fhorbair an GCC cúrsa eolaíochta dobharcheantair sé lá i rith 2014 mar chuid dá ról leathnaithe sa Chreat-Treoir Uisce. Tá an cúrsa seo ann le cabhrú le forbairt a dhéanamh ar an gcumas náisiúnta tuiscint a fháil agus gníomhú ar cheisteanna cáilíochta uisce. Tharla an chéad cheithre lá de chéim thástála an chúrsa i rith mhí na Nollag.

COMHDHÁLACHA AGUS TAISPEÁNTAIS

Rinne foireann an GCC teagmháil le páirtithe leasmhara ag réimse leathan ócáidí náisiúnta agus áitiúla i rith 2014, amhail Taispeáint BT le haghaidh Eolaithe Óga agus na Teicneolaíochta (áit ar bhronn an GCC Gradam Speisialta Comhshaoil chomh maith); Deireadh Seachtaine na Speiceas Dúchasach i Zú Bhaile Átha Cliath agus an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i Laois. Is deis iontach iad na hócáidí seo le teagmháil a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara agus cabhrú le feasacht a mhúscailt ar an gcomhshaol agus ar an méid is féidir le daoine a dhéanamh chun é a fheabhsú. Cuireadh ábhair agus tacaíocht ar fáil chomh maith do 40 ócáid eile i rith na bliana.

Bhí an 10ú comhdháil de Chomhshaol Éireann ar siúl ar 11 Meán Fómhair 2014. Seo comhdháil mhór bhliantúil na hÉireann ar bheartas agus bainistíocht comhshaoil agus eagraítear í gcomhair leis an GCC agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Príomhthéamaí a pléadh ag ócáid 2014 ná:

- Beartas Comhshaoil
- Bainistíocht Rioscaí Tuilte
- Athrú Aeráide
- Uisce
- Éifeachtúlacht Dramhaíola agus Acmhainní
- Caipiteal Nádúrtha

Ar na príomhchomhdhálacha agus príomhócáidí eile a bhí ar siúl i rith na bliana, bhí:

- **Ócáid Náisiúnta Uisce 2014:** "Cáilíocht Uisce a Chosaint agus a Fheabhsú". Is príomhfhóram í an ócáid seo d'údaráis áitiúla, rialtóirí agus gairmithe uisce le bheith ag foghlaim faoi athruithe reatha ar bheartas agus cleachtais uisce na hÉireann.
- **Trí léacht phoiblí ar Athrú Aeráide:**
  - Chuir an tOllamh Thomas Stocker (Comhchathaoirleach Mheitheal 1 den PIAA agus príomhúdar a thuarascála ar Bhonn na hEolaíochta Fisicí le hAthrú Aeráide), chuir sé a léacht darb ainm – *Athrú Aeráide anois: Na fíricí* i láthair i mBealtaine.
  - Thug an tOllamh Edenhofer, Comhchathaoirleach Mheitheal III den PIAA, thug sé léacht dar teideal *Athrú Aeráide Anois – Astaíochtaí, Teorainneacha agus Féidearthachtaí.*
  - Agus labhair an Dr. Chris Field i mí na Samhna faoi *Athrú Aeráide Anois - Tionchair, Rioscaí agus Roghanna Bainistíochta*. Tá Chris Field ar phríomhúdair Chúigiú Tuarascáil Mheasúnachta an PIAA ar athrú aeráide.

Bhí breis is 300 duine i láthair ag na léachtaí seo, agus den chéad uair, craoladh na léachtaí ar an Idirlíon – rud a lig do dhaoine nach raibh in ann freastal ar an ionad páirt a ghlacadh agus ceisteanna chur ar na cainteoirí. Ghlac breis is 150 duine páirt tríd an gcraoladh beo gréasáin agus bhí 100 duine eile páirteach trí chraoladh comhuaineach go léachtlann i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh.

Tá taifeadadh na sraithe léachtaí seo ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC anois ag www.epa-pictaural.com agus ar chainéal an GCC ar YouTube ag youtube.com/user/epaireland.

- **An Fóram Náisiúnta Radóin:** Bhí Fóram Náisiúnta Radóin 2014 ar siúl i gCill Chainnigh i mí Feabhra. Tugann an Fóram daoine a bhfuil ról acu i laghdú an riosca radóin in Éirinn le chéile. Bhí an Fóram oscailte ag Aire Comhshaoil an ama sin, an tUas. Phil Hogan TD, agus é ag tapú na deise *Straitéis Náisiúnta Rialaithe Radóin na hÉireann* a sheoladh, rud a bhí ceaptha ag an Rialtas.
- **Scoil Samhraidh MacGill:** Rinne Ard-Stiúrthóir an GCC cur i láthair ag 34ú Scoil Samhraidh Bhliantúil MacGill sna Gleannta, Contae Dhún na nGall. Phléigh sí ceisteanna faoin téama *"Is ann d'Athrú Aeráide - céard is féidir agus céard ba chóir dúinn a dhéanamh?"*
- Chuir an GCC agus Ionad na hÉireann um an Dlí Eorpach comhdháil i láthair le chéile faoin téama *Cúiteamh de bharr Dochar Comhshaoil*. Bhí breis is 100 toscaire i láthair ag an gcomhdháil, amhail dlíodóirí ó na hearnálacha poiblí, príobháideacha agus eagraíochtaí neamhrialtasacha, in éineacht le rialtóirí ó thíortha eile.

Cuireann soláthar eolais inrochtana atá tráthúil agus ar féidir teacht air go héasca dár bpáirtithe leasmhara go léir le rannpháirtíocht an phobail i gcinnteoireacht chomhshaoil agus tugann sé an t-eolas atá de dhíth ar dhaoine dóibh ar mhaithe le roghanna nach ndéanann díobháil don chomhshaol a dhéanamh.

3.2

MÚSCAILT FEASACHTA

Fiona McCoole, Matt Crowe agus Laura Burke ag ócáid seolta *Mo Chomhshaol Áitiúil.*

MO CHOMHSHAOL ÁITIÚIL

Bhí tionscnamh nua eolais an GCC, rud atá bunaithe ar an Idirlíon, darb ainm *Mo Chomhshaol Áitiúil*, bhí sé seolta go foirmiúil i bhFeabhra 2014 ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Is uirlis idirghníomhach léarscáilithe gréasáin é 'Mo Chomhshaol Áitiúil' a chuireann teacht éasca ar fáil ar eolas faoin gcomhshaol gar don áit a bhfuil daoine ina gcónaí, ag obair agus ag súgradh. Is féidir teacht uirthi trí shuíomh gréasáin an GCC agus réitíonn sé le huirlisí eile léarscáilithe, amhail an uirlis eolais ar uisce snámha (SPLASH) agus Léarscáileanna an GCC.

COMHSHAOL NA HÉIREANN

Cuireann acmhainn ghréasáin an GCC ar Chomhshaol na hÉireann eolas a bhíonn nuashonraithe go rialta ar fáil don phobal agus do lucht cinnteoireachta ar phríomhtháscairí comhshaoil. Cuirtear eolas ar fáil i bhformáidí éagsúla, lena n-áirítear físeáin, cláir eolais, graif, grafaic faisnéise, measúnuithe comhshaoil agus naisc le heolas breise.

Feabhsaíodh an acmhainn in 2014 nuair a cuireadh bileoga eolais agus grafaic faisnéise bhreise léi ar Dhúlra agus Bithéagsúlacht, Uisce Snámha, an Comhshaol agus Sláinte.

Tugadh breis is 182,000 cuairt ar an gcuid seo dár suíomh gréasáin in 2014 – méadú 25% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.



Figiúr 15: Clár Táscairí Comhshaoil

CUMARSÁID AR EOLAÍOCHT AERÁIDE

Ba bhliain thar a bheith rathúil í 2014 i gcás cumarsáide, agus comhchathaoirligh mheithleacha an Phainéil Idirnáisiúnta ar an Athrú Aeráide ag cur thorthaí an 5ú Tuarascáil Mheasúnachta i láthair ag sraith léachtaí an GCC ar Athrú Aeráide.

D'fhoilsigh an GCC sraith ailt tuairime ar athrú aeráide sna nuachtáin náisiúnta chomh maith. Bhí siad seo nasctha le foilsiú thuarascálacha an Phainéil Idirnáisiúnta ar Athrú Aeráide. Rinne na meáin clúdach cuimsitheach chomh maith ar ráitis agus tráchtanna a bhí déanta ag an GCC ar cheist an athraithe aeráide, tráchtaireacht eagarthóra san áireamh. Bhí cainteoirí an GCC faoi thrácht chomh maith sna míreanna faoi athrú aeráide ar *Science Squad* ar RTÉ.

Thacaigh an GCC leis an taispeántas dar teideal *Aimsir Aisteach* sa Dánlann Eolaíochta, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Seoladh léirshamhlú ceisteanna maidir le hathrú aeráide, lenar áiríodh léirshamhlú astaíochtaí carbóin i gcomhthéacs áiteanna geografacha (thíos: Teach Pigeon, Baile Átha Cliath).

FEASACHT AR RADÓN

Forbraíodh dhá fhíseán nua beochana i rith 2014 chun eolas a chur ar fáil don phobal faoi thástáil radóin agus ar ardtiúchan radóin sa bhaile a laghdú. Tá na físeáin seo ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC (epa.ie) agus ar a cainéal ar YouTube (www.youtube.com/user/EPAIreland).

Reáchtáladh feachtas feasachta ar radón i gContae Mhaigh Eo i mí na Samhna. Is iad cuspóirí an fheachtais seo ná feasacht a mhúscailt ar na rioscaí a bhaineann le radón i Maigh Eo agus úinéirí tí a spreagadh lena n-áiteanna cónaithe a thástáil. Gnéithe den fheachtas a bhí i gceist ná:

- Dhá chruinniú phoiblí i mBéal an Átha;
- Cruinniú faisnéise do Theachtaí Dála agus Seanadóirí Mhaigh Eo;
- Scaipeadh pacaí eolais ar radón ar gach áit chónaithe;
- Fógraíocht ar líne agus ar na meáin shóisialta agus
- Fógraí i nuachtáin áitiúla agus ar stáisiúin raidió áitiúla

Bhí sé mar thoradh ar an bhfeachtas gur tháinig méadú faoi chúig ar líon na n-iarratas ar chomhairle agus fearais tástála agus méadú ar líon na dtástálacha radóin a rinneadh (comhionann 2.5 bliain de thástálacha i gcás Chontae Mhaigh Eo).

Eolas achomair ar fheasacht agus gníomhú ar radón

Feasacht ar radón i measc Daoine Fásta in Éirinn	**76%**
Líon na n-áiteanna cónaithe in Éirinn a ndearnadh tástáil radóin orthu go dtí seo.	**58,482**
Líon na n-áiteanna cónaithe in Éirinn a bhfuil sé tuartha go bhfuil ardtiuchan radóin iontu	**91,000**
Céatadán na n-áiteanna cónaithe ard-radóin a aithníodh trí thástáil	**9%**

3.3

ATHRÚ IOMPRAÍOCHTA

Déanaimid ár ndícheall tionchar a imirt ar athrú dearfach iompraíochta, trí thacú le gnóthaí, pobail agus teaghlaigh a bheith níos éifeachtúla ó thaobh acmhainní de.

AN CLÁR NÁISIÚNTA UM CHOSC DRAMHAÍOLA

Cuireann an Clár Náisiúnta um Chosc Dramhaíola sochaí atá éifeachtúil ó thaobh acmhainní de chun cinn in Éirinn trí dhul i ngleic le tomhaltas agus táirgeadh neamhéifeachtúil. Tá trí phríomhshnáithe sa chlár:

- Tacú le héifeachtúlacht acmhainní agus cosc dramhaíola trí shaineolas agus tacaíocht airgeadais a chur ar fáil do thionscadail/tionscnaimh;
- Dul chun cinn a thomhas trí thuairisciú agus staidreamh dramhaíola; agus
- Oibleagáidí reachtúla a chur i bhfeidhm maidir le bainistíocht ghuaiseach dramhaíola.

AN GEILLEAGAR GLAS AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ GLASAITHE NA SOCHAÍ

Foilsíodh straitéis éifeachtúlachta acmhainní de chuid an GCC in 2014 darb ainm *Éire agus í Éifeachtúil ó Thaobh Acmhainní de*. Cuireann an doiciméad seo straitéis ar fáil i leith na físe: "Maireachtáil Níos Fearr agus Níos Lú á Úsáid" agus is cuspóir uileghabhálach é beartas an AE agus náisiúnta ar éifeachtúlacht acmhainní a chur i bhfeidhm agus an ceangal a bhriseadh idir fás eacnamaíoch agus an tionchar ar an gcomhshaol. Agus é ag cuimsiú Chlár Náisiúnta na hÉireann um Chosc Dramhaíola, leagann sí amach tosaíochtaí chun cur amú agus tomhaltas gan ghá ábhar, fuinnimh agus uisce a chosc. Bhí sé aitheanta ag an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil gur ghlac Éire go luath le cosc dramhaíola agus éifeachtúlacht acmhainní ina tuarascáil le haghaidh 2014 ar chosc dramhaíola san Eoraip.

epa BeGreen
PREVENTING WASTE & SAVING MONEY

Lean clár éifeachtúlachta acmhainní an GCC de thorthaí suntasacha a chur ar fáil i gcosc agus íoslaghdú cur amú acmhainní nádúrtha agus fuinnimh trí chláir éifeachtúlachta acmhainní *BíGlas* in 2014. D'aithin torthaí in 2014 ó chláir *BíGlas* amhail *Gnó Glas, Fáilteachas Glas* agus *Cúram Sláinte Glas*, d'aithin siad coigilteas eacnamaíoch os cionn €7 milliún, agus coigilteas féideartha breise €7 milliún i gceist, agus é ag teacht ó infheistíocht de thuairim is €1.2 milliún ag an GCC.

Is féidir tuilleadh sonraí ar gach gníomhaíocht a aimsiú ar an suíomh gréasáin ag: http://www.epa.ie/begreen/. Rinneadh athchóiriú ó bhonn ar an suíomh in 2014 chun tairseach níos nua-aimseartha agus níos tarraingtí a chur ar fáil le haghaidh na n-ábhar cuimsitheach a bhíonn curtha ar fáil ag an gClár Náisiúnta um Chosc Dramhaíola le blianta beaga anuas.

FEIRMEOIREACHT CHLISTE

Tar éis céim thrialach roimhe sin, cuireadh tús le cur i bhfeidhm náisiúnta an tionscnaimh Feirmeoireachta Níos Cliste in 2014. Díríonn an clár ar bhealaí le torthaí feirme a fheabhsú trí bhainistíocht fheabhsaithe acmhainní. Rinneadh tríocha measúnú éifeachtúlachta acmhainní ar fheirmeacha, rudaí a d'aithin coigilteas costais €6,600 ar an meán in aghaidh na feirme; agus bhí breis is 600 feirmeoir páirteach i ngrúpaí plé ar na feirmeacha, áiteanna ar roinneadh torthaí an mheasúnaithe. Agus é á stiúradh ag FAÉ (IFA) i gcomhar leis an GCC, tugann an tionscnamh eolas agus saineolas comhpháirtithe eile le chéile, amhail Teagasc, COBÁC agus ÚFIÉ (SEAI).

LÍONRA COISCTHE NA NÚDARÁS ÁITIÚIL

Agus é comhordaithe ag an GCC, tarraingíonn Líonra Coiscthe na nÚdarás Áitiúil (LCÚA) an chuid is mó pearsanra údaráis áitiúil a bhíonn páirteach i ngníomhaíochtaí coiscthe dramhaíola agus éifeachtúlachta acmhainní ina gceantair áitiúla le chéile. In 2014, fuair 16 thionscadal, agus iad ag déanamh ionadaíochta ar son 26 údarás áitiúil, agus dhá Oifig Bhainistíochta Dramhaíola Réigiúnacha, fuair siad cúnamh iomlán deontais €192,000, agus bhí na húdaráis áitiúla eile páirteach sa Líonra ar bhealach éigin. Lean baill LCÚÁ de theagmháil agus comhoibriú a dhéanamh le daoine aonair, pobail, gnóthaí agus eagraíochtaí eile ar fud na tíre in 2014:

Comhairle Contae Mhuineacháin - reáchtáil siad tionscnaimh "éiceathurasóireachta", rud a d'oibrigh le hóstáin áitiúla chun úsáid acmhainní a laghdú, chruthaigh sé pacaí coiscthe dramhaíola do ghnóthaí, agus rinne sé obair le grúpaí óige chomh maith, lucht na mBailte Slachmhara agus 'Taste of Monaghan'.	***Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath*** - d'oibrigh siad ar ghlasú Fhéile 'Bloom' i bPáirc an Fhionnuisce agus d'urraigh siad gairdín inar díríodh aird ar chur amú bia agus iad ag cur cosc cur amú bia chun cinn. Rinne Ionad na Teicneolaíochta Glaine urraíocht ar an ngairdín seo chomh maith.
Comhairle Contae an Chláir chuir siad oiliúint ar ghnóthaí Líonta Éiceathurasóireachta Bhoirne agus thug an tIonad Teicneolaíochta Glaine aiseolas ar na pleananna comhshaol gnó.	***Comhairle Contae Mhaigh Eo*** d'oibrigh siad le hIonad Cruthaitheach Acmhainní Chonnacht, dream a éascaíonn athúsáid ábhar ó thionscal sa réigiún i bhfeidhmchláir chruthaitheacha i scoileanna agus gníomhaíochtaí eile.
Comhairle Contae na Gaillimhe d'oibrigh siad ar an dúshlán um Stop a Chur le Cur Amú Bia agus ar an Tionscnamh Dramhaíl Ghuaiseach Tí, agus ar obair ghinearálta éifeachtúlachta acmhainní le lucht gnó agus an pobal.	***Comhairle Contae Ros Comáin*** - d'oibrigh siad chun roinnt féilte áitiúla a ghlasú agus bhí siad páirteach chomh maith in obair le hospidéil agus tithe altranais áitiúla i gcomhar leis an gClár um Chúram Sláinte Glas.
Rinne Comhairle Contae Shligigh glasú ar an bhFleadh Cheoil le linn dó a bheith ar siúl ar an mbaile sin den chéad uair, agus iad ag obair le coiste na féile agus gnóthaí áitiúla.	***D'oibrigh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge*** leis an bhféile agus na sealbhóirí stalla áitiúla, agus le gnóthaí agus scoileanna áitiúla ar thionscnaimh coiscthe dramhaíola.
Réigiún Bainistíochta Dramhaíola an Oirthir Láir tá siad ag reáchtáil sraith caifí deisiúcháin sa réigiún i gcomhar leis na húdaráis áitiúla i rith 2014 agus 2015.	***Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin*** tá siad ag reáchtáil clár leanúnach meantóireachta Coigiltis Ghlais do GBManna, comhlachtaí poiblí agus don earnáil dheonach le cabhrú leo costais a shábháil trí úsáid acmhainní a laghdú.
Lean Comhairle Contae Chorcaí dá hobair ar éifeachtúlacht acmhainní le pobail agus féilte	***D'oibrigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh*** ar dhramhaíl bhia le pobail.
D'oibrigh Comhairle Contae Chill Chainnigh i gcomhar le Féile Bia 'Savour Kilkenny' chun cosc dramhaíl bhia a chur chun cinn. Rinneadh naoi léiriú i rith dhá lá na féile ar chócaireacht agus ar an gcaoi le fuílleach bhia a úsáid go cruthaitheach.	***D'oibrigh Comhairle Contae Cheatharlach*** go dlúth le grúpaí áitiúla chun cosc dramhaíola a chur chun cinn, féile 'Taste of Carlow' san áireamh; le tábhairneoirí áitiúla agus obair ar chaomhnú uisce le grúpaí Bailte Slachtmhara.
Comhairle Contae Loch Garman reáchtáil siad an Tionscnamh Dramhaíl Ghuaiseach Tí chomh maith leis an tionscadal maidir le "Níos Lú a Úsáid Cois Trá" i gcomhar leis an gClár agus Ciarraí.	***D'oibrigh Comhairlí an Chláir, Chiarraí*** agus ***Loch Garman le chéile*** ar "Níos Lú a Úsáid Cois Trá", clár a dhéanann scrúdú ar dhramhaíl agus cleachtais in ionaid champála saoire.



Figiúr 16: Deireadh a Chur le Cur Amú Bia

DEIREADH A CHUR LE CUR AMÚ BIA

Lean an clár um Dheireadh a Chur le Cur Amú Bia in 2014 de thomhaltóirí agus gnóthaí a chur ar an eolas agus teagmháil a dhéanamh leo faoi chur amú bia, agus de mhúirniú dramhaíl bhia nach féidir a sheachaint a dhéanamh sa bhaile a chur chun cinn.

Bhí seastáin eolais ag Deireadh a Chur le Cur Amú Bia in 2014 ag cuid mhaith ócáidí éagsúla ar fud na tíre, amhail Electric Picnic, an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, 'Savour Kilkenny' agus ag féilte bia eile. Bhí a láithreacht ag na hócáidí seo éascaithe ag na húdaráis áitiúla agus trí spás seastán a roinnt le heagraíochtaí eile, agus trí oibrithe deonacha Ardoilte Déanta Múirín a thabhairt isteach.

D'oibrigh na húdaráis áitiúla seo a leanas trí LCÚA agus tríd an gclár um Dheireadh a Chur le Cur Amú Bia i rith 2014 chun dúshláin dramhaíl bhia a reáchtáil i rith 2014 le grúpaí pobail ina gceantair féin:

an Clár; Cathair Chorcaí; Contae Chorcaí; Dún na nGall; Fine Gall; Contae na Gaillimhe; Laois; Lú; Maigh Eo; An Mhí; Ros Comáin; Contae Bhaile Átha Cliath Theas; Port Láirge; An Iarmhí; Loch Garman agus Cill Mhantáin.

AN LÍONRA POBAIL UM ATHÚSÁID

Is bratchomhlacht uile-Éireann é Líonra na hÉireann um Athúsáid ag an bPobal (LÉAP) a dhéanann ionadaíocht ar son eagraíochtaí atá bunaithe sa phobal agus a bhfuil baint acu le hathúsáid. Tá LÉAP maoinithe ag an GCC agus is é an comhlacht náisiúnta athúsáide a bhfuil bonn leathan páirtithe leasmhara ag baint leis, lena n-áirítear eagraíochtaí athúsáide na cosmhuintire, na hearnálacha comhshaoil agus fiontraíochta sóisialta i gcoitinne, lucht ceaptha beartas, oifigigh rialtais agus an pobal i gcoitinne. Tá LÉAP páirteach i roinnt comhlachtaí amhail an Coiste Náisiúnta um Chosc Dramhaíola (CNCD), an Taschfhórsa Fiontar Sóisialta agus Fiontraíochta (TFSF), Éiceathurasóireacht Éireann agus an líonra uile-Eorpach athúsáide (RREUSE).

Is fiontraithe sóisialta iad an chuid is mó de bhaill LPÉA agus cuireann baill an líonra tairbhí móra ar fáil i dtéarmaí comhshaoil agus socheacnamaíocha de.

Tairbhí comhshaoil	Tairbhí socheacnamaíocha
◢ Cosc dramhaíola	◢ Cruthú fostaíochta do cheantair faoi mhíbhuntáiste agus daoine atá imeallaithe
◢ Atreorú ábhar luachmhar ó ionaid líonta talún	◢ Oiliúint fostaíochta agus oiliúint scileanna
◢ Éifeachtúlacht acmhainní	◢ Cur af fáil nithe riachtanacha ardchaighdeáin ar phraghsanna inacmhainne
◢ Luach oideachais ar athúsáid a chur chun cinn do thuilleadh den phobal	◢ Geilleagair áitiúla a threisiú



Figiúr 17: Cineál agus méid (kg) na dramhaíola guaisí feirme a bailíodh i rith 2013 agus 2014

DRAMHAÍL GHUAISEACH A CHOSC AGUS A BHAINISTIÚ

Foilsíodh an Plean Náisiúnta athmheasta um Bainistiú Dramhaíola Guaisí le haghaidh na tréimhse 2014–2020. Bhí an plean forbartha i gcomhréir le hAlt 26 de na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola 1996, agus cuimsíonn sé tréimhse sé bliana go dtí 2019.

Ionaid 'Fág Anseo' le haghaidh Dramhaíl Ghuaiseach ó Fheirmeacha

D'oibrigh an GCC le Teagasc, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, údaráis áitiúla i nGaillimh, Ceatharlach, Sligeach, an Mhí, Corcaigh, Tiobraid Árann, Cill Chainnigh, Uíbh Fhailí, Baile Átha Cliath, an Cabhán, Dún na nGall, Maigh Eo, Port Láirge, Corcaigh, Luimneach agus Loch Garman, DTLL (WEEE) Éireann, an tArdán Athchúrsála Eorpach agus RILTA Environmental Ltd (conraitheoir dramhaíola guaisí) chun bailiú, aisghabháil agus diúscairt dramhaíola guaisí ó fheirmeacha a éascú. Bhí an feachtas dramhaíola guaisí ó fheirmeacha curtha chun cinn agus tacaithe chomh maith ag Bord Bia, FAÉ, CSBUÉ (ICMSA), úinéirí marglanna beostoic, agus roinnt comharchumainn agus ceannaithe talmhaíochta.

Idir 2013 agus 2014, d'úsáid breis is 3,000 feirmeoir na hionaid bhailiúcháin le haghaidh dramhaíl ghuaiseach in 16 ionad. Baineadh breis is 350 tonna de dhramhaíl ghuaiseach feirme de chomhshaol na hÉireann i rith tréimhse ceithre seachtaine in 2013 agus tréimhse sé seachtaine in 2014 (féach Figiúr 17).

AN STRAITÉIS NÁISIÚNTA UM RIALÚ RADÓIN, 2014-2018

Tá ceangal idir gás radóin agus 260 bás d'ailse scamhóg in Éirinn gach bliain. Cé go bhfuil feasacht an phobail ar radón réasúnta ard ar ráta 76% go náisiúnta, tá líon na n-áiteanna cónaithe ar an ndéantar tástáil radóin an-íseal go fóill. Agus iad ag tabhairt freagra ar na fíricí seo, d'fhoilsigh an Rialtas an Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin (SNRR) in 2014.

Leagann an straitéis seo amach an réimse leathan beart is gá a dhéanamh chun dul i ngleic go cuimsitheach le fadhb an radóin in Éirinn, agus líon na gcásanna ailse scamhóg a bhaineann le radón a laghdú ar deireadh thiar. Cuimsíonn Plean Gníomhaíochta an SNRR 30 gníomh ar leith chun na bearta seo a chur i bhfeidhm thar thréimhse ceithre bliana. Tá na gníomhartha seo grúpáilte faoi shé réimse théamacha:

- Radón a chosc i bhfoirgnimh nua
- Idirbhearta maoine a úsáid chun gníomhú ar radón a thiomáint
- Feasacht a mhúscailt agus gníomhú ar radón a spreagadh
- Comhairle agus treoir do dhaoine a bhfuil fadhb acu le hardleibhéil radóin
- Muinín as seirbhísí radóin a chur chun cinn agus
- Dul i ngleic le radón in ionaid oibre agus foirgnimh phoiblí

Tá an GCC ag obair i gcomhar le roinnt Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais chun na gníomhartha seo a chur i gcrích. Is iad tosaíochtaí an SNRR sa Chéad Bhliain ná oiliúint d'fhoireann agus lucht gairmiúil láithreáin tógála le cinntiú go mbíonn bearta cosanta maidir le radón curtha i bhfeidhm i gceart in áiteanna cónaithe nua. pleanáil le haghaidh suíomh gréasáin tiomanta do radón chun ionad ilfhreastail a chur ar fáil le haghaidh eolais faoi radón don phobal agus do ghairmithe araon; agus obair i dtreo straitéis náisiúnta cumarsáide chun gníomhú ar radón in Éirinn a thiomáint.

COMHOIBRIÚ IDIRNÁISIÚNTA AR ATHRÚ IOMPRAÍOCHTA AGUS RADÓN

Oibríonn an GCC go dlúth le comhpháirtithe idirnáisiúnta chun taithí a roinnt agus an cleachtas is fearr a fhorbairt. Thug Ceardlann an Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta ar Radón a bhí eagraithe ag an Autorité de Sûreté Nucléaire (Údarás Sábháilteachta Núicléiche na Fraince) i mí Mheán Fómhair, thug sé na daoine siúd atá freagrach as pleananna náisiúnta radóin a chur i bhfeidhm le chéile ó líon mór tíortha. Roinn eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta d'Fhuinneamh Adamhach agus an Coimisiún Eorpach a dtaithí agus a gcomhairle ag an gceardlann seo chomh maith. Ba é an príomhthoradh i gcás na hÉireann ná cé go bhfuil fadhb radó na hÉireann thar a bheith dona de réir na g idirnáisiúnta, tá an cur chuige atá á leanúint ag an SNRR i gcomhréir leis an gcleachtas is fearr atá ar fáil i dtíortha eile.

3.4

OBAIR LE DAOINE EILE

D'fhonn ár n-oibleagáidí agus cuspóirí straitéiseacha a chur i gcrích, leanfaimid d'obair a dhéanamh le agus trí dhaoine eile chun torthaí dearfacha a bhaint amach don chomhshaol.

GNÍOMHAÍOCHT IDIR-RIALTASACH

Athrú Aeráide

Rinne an GCC ionadaíocht ar son na hÉireann ag trí chruinniú den Phainéal Idir-Rialtasach ar Athrú Aeráide in 2014. Chuir siad seo bailchríoch ar dhá imleabhar mhóra a 5ú Tuarascáil Mheasúnachta ar thionchair agus dul in oiriúint d'athrú aeráide, rud a foilsíodh i mí an Mhárta, agus maolú ar athrú aeráide, rud a foilsíodh i mBealtaine. Foilsíodh an Tuarascáil Sintéise don 5ú Tuarascáil Mheasúnachta i mí na Samhna. Tá na tuarascálacha seo, rudaí arbh ionann iad agus bonn an eolais eolaíoch ar athrú aeráide, tá siad mar bhonn le forbairt beartais go domhanda, go réigiúnach agus go náisiúnta. Tá na tuarascálacha luachmhar chomh maith do phríomhearnálacha chun gníomhartha maolaithe agus oiriúnaithe a chur chun cinn, chomh maith le bheith ina n-uirlisí oideachais agus oiliúna.

Lean an GCC de thacú le hobair na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar athrú aeráide idirnáisiúnta, amhail ionadaíocht a dhéanamh ar son na hÉireann ag Cruinnithe Saineolaithe faoi Uachtaránachtaí na Gréige agus na hIodáile. Chuir an GCC tacaíocht eolaíoch ar fáil go náisiúnta agus san AE i rith chruinnithe Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide, a chéad chruinniú airí in Lima san áireamh. Chuimsigh sé seo ceannaireacht agus comhairle a thabhairt in idirbheartaíocht agus obair go dlúth le saineolaithe ó bhallstáit eile agus ón gCoimisiún.

Thacaigh an GCC le ranna rialtais éagsúla chomh maith i dteagmháil náisiúnta le Meithleacha Choiste an AE ar Athrú Aeráide ar cheisteanna amhail úsáid talún, athrú úsáide talún agus oiriúnú.

Cosaint Raideolaíoch

Buaileann an GCC lena contrapháirteanna sa Ríocht Aontaithe go rialta chun ceisteanna raideolaíocha agus núicléacha a phlé. Bhí an plé seo dírithe in 2014 ar Sellafield, stáisiúin nua núicléacha a bheith á dtógáil sa RA, gníomhartha sábháilteachta núicléiche tar éis thimpiste Fukushima, pleananna an RA Áis Diúscartha Geolaíche a fhorbairt le haghaidh dramhaíl núicléach, scaoileadh núicléach isteach sa chomhshaol, straitéis dramhaíola radaighníomhaí na hÉireann agus pleanáil éigeandála núicléiche agus forbairtí idirnáisiúnta sa réimse seo.

AN GHNÍOMHAIREACHT EORPACH COMHSHAOIL (GCE)

Lean an GCC ar aghaidh agus é ag feidhmiú ina ról mar Phointe Comhtheagmhála Náisiúnta d'Éirinn le comhordú a dhéanamh ar mhalartú faisnéis comhshaoil leis an GCE agus le forbairt agus cothabháil an líonra náisiúnta agus le teagmhálacha, iarratais agus seachadtaí a éascú agus a chomhordú idir leibhéal náisiúnta agus leibhéil an Aontais Eorpaigh. Mar chuid de seo, déanann an GCC comhordú ar sheoladh isteach tuairiscí sonraí tosaíochta náisiúnta chuig an GCC maidir le réimse ábhar éagsúil amhail cáilíocht aeir, bithéagsúlacht agus cáilíocht uisce. D'éirigh le hÉirinn ráta comhlíonta 100% leis na riachtanais tuairiscithe a bhaint amach in 2014, rud nach raibh bainte amach ach ag tír amháin eile.

D'oibrigh an GCC go gníomhach leis an GEC le tacú le forbairt na chéad tuarascála uile-Eorpaí eile ar Staid an Chomhshaoil. Chuimsigh sé seo measúnú náisiúnta a ullmhú agus ionchur i measúnuithe téamacha comhshaoil éagsúla.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ NÁISIÚNTA

LCFCÉ (NIECE)

Cuireann an *Líonra um Chloí agus Forfheidhmiú Comhshaoil na hÉireann* (LCFCÉ) creat ar fáil le haghaidh cur chuige comhtháite náisiúnta i leith fhorfheidhmiú na reachtaíochta comhshaoil ag na gníomhaireachtaí seo a leanas:

- 34 údarás áitiúil a bhfuil ról ríthábhachtach acu in éineacht leis an GCC i bhforfheidhmiú comhshaoil;
- an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra;
- An Garda Síochána;
- Iascaigh Intíre na hÉireann
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Tá sé de chomhfhreagracht ar na húdaráis áitiúla agus ar an GCC rialáil a dhéanamh ar bhreis is 8,600 cead ar fud na hÉireann, agus breis is 500 riachtanas cosanta comhshaoil atá i mbreis is 100 mír reachtaíochta a fhorfheidhmiú.

Déantar 152,000 cuairt chigireachta ar shuíomhanna ar an meán gach bliain. Astu seo, bhí 134,000 acu pleanáilte agus bhí an 18,000 atá fágtha mar fhreagra ar ghearáin, teagmhais nó imscrúduithe.

Pléitear le gearáin phoiblí trí chórais chórasacha freagartha gearán, línte náisiúnta gearán, feidhmchlár fón cliste agus foirmeacha gearáin ar líne a chur i bhfeidhm. Leanann an Líne Náisiúnta le haghaidh Gearáin Chomhshaoil (LNGC) de chuidiú le línte fóin na n-údarás áitiúil le haghaidh gearáin chomhshaoil.

Príomhchuid den líonra ná na meithleacha cleachtóirí cleachtacha ó ghníomhaireachtaí bainteacha le dul i ngleic le ceisteanna feidhmithe ar leith. Is grúpaí fócais beaga iad seo a bhfuil tascanna ar leith acu mar atá sainmhínithe ina dtéarmaí tagartha.

Cuimsíonn na meithleacha réimse ábhar amhail cigireacht RMCEI, imscrúdú gearán, ceadanna náisiúnta bailithe dramhaíola, dramhaíl phacáistithe, dramhaíl agus boinn mar dhramhaíl, ionaid stairiúla líonta talún, péinteanna tuaslagóra agus 'deco', aer agus torann, dabhcha séarachais, cáilíocht uisce, pleananna sábháilteachta uisce óil, lotnaidicídí, DTLL agus rialacháin cadhnraí.

Scaiptear aschur na meithleacha (m.h. gníomhartha forfheidhmithe, pleanáil forfheidhmithe, doiciméid treorach, prótacail, oiliúint) ar fhoireann forfheidhmithe na n-údarás poiblí bainteach trí Líonraí náisiúnta Forfheidhmithe nó trí chomhdhálacha náisiúnta.

Bhí an tríú comhdháil ar Dhlí Comhshaoil curtha i láthair ag an GCC agus Ionad na hÉireann um an Dlí Eorpach. Déantar ionadaíocht thar ceann an GCC sa Líonra Eorpach Ionchúisitheoirí ar son an Chomhshaoil agus Líonraí Ionchúisitheoirí Comhshaoil na hÉireann. Chuir an dara dream acu sin seimineár i láthair le Cumann Dlí Comhshaoil na hÉireann.

Comhaontuithe Meamram Tuisceana (MT)

Tá 14 Mheamram Tuisceana (MT) i bhfeidhm ag an GCC anois le heagraíochtaí éagsúla a bhfuil páirt acu i, nó a chuireann le cúrsaí a bhaineann leis an gcomhshaol. Tá ocht gcinn de na MTanna seo foilsithe ar shuíomh gréasáin an GCC i láthair na huaire, agus tá athbhreithniú agus nuashonrú á dhéanamh ar na sé cinn eile agus foilseofar iad chomh luath is a bheidh siad críochnaithe – nuair a bheidh siad comhaontaithe leis an bpáirtí eile.

Comhairliúcháin Náisiúnta

Rinne an GCC roinnt aighneachtaí foirmiúla ar fhorbairt beartais náisiúnta in 2014.

Aighneacht an GCC ar an Dréacht-Chlár Náisiúnta Foraoiseachta
Seo an aighneacht a bhí déanta ag an nGníomhaireacht ar an Dréacht-Chlár Náisiúnta Foraoiseachta agus an MST ghaolmhar

Aighneacht an GCC ar an Dréacht-Chlár Forbartha Tuaithe
Aighneacht a bhí déanta ag an GCC ar an Dréacht-Chlár Forbartha Tuaithe agus ar an MST ghaolmhar

Aighneacht an GCC ar an Dréacht-Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha d'Éirinn, 2014
Aighneacht na Gníomhaireachta ar Dhréacht-Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha 2014 agus an Tuarascáil Comhshaoil MST ghaolmhar

Aighneacht an GCC ar an Dréacht-Straitéis Náisiúnta Tailte Móna
Seasamh na Gníomhaireachta ar an Dréacht-Straitéis agus MST ghaolmhar

Aighneacht an GCC chuig an RCPRÁ maidir le gnéithe DTLL agus Cadhnraí de thuarascáil athbhreithnithe an Tionscnaimh Freagrachta Táirgeoirí
Tráchtanna agus Tuairimí an GCC ar Thuarascáil Deiridh an Athbhreithnithe TFT (PRI) – Caibidlí DTLL agus Cadhnraí

Freagra an GCC ar Chomhairliúchán Poiblí an RCPRÁ
Freagra an GCC ar an bPáipéar Uaine ar Bheartas Fuinnimh in Éirinn

An Doiciméad Comhairliúcháin ar Rialáil Bailithe Dramhaíl Tí

Comhairliúchán ar an tuarascáil ar Bhoinn agus Boinn mar Dhramhaíl san Earnáil TFT in Éirinn
Aighneacht an GCC don chomhairliúchán ar an tuarascáil ar Bhoinn agus Boinn mar Dhramhaíl in Earnáil an Tionscnaimh Freagrachta Táirgeoirí

Maidir le: Comhairliúchán ar an tuarascáil ar Fheithiclí Deireadh Saoil in earnáil an Tionscnaimh Freagrachta Táirgeoirí in Éirinn

Gníomhaíochtaí Coiste Náisiúnta

Chuir an GCC tacaíocht agus comhairle shaineolach ar fáil do roinnt ranna rialtais amhail na Ranna Comhshaoil, Talmhaíochta, Fuinnimh, Cosanta, Airgeadais, Sláinte, Caiteachais Phoiblí agus Gnóthaí Eachtracha ar fhorbairt ísealcharbóin, forbairt straitéis oiriúnaithe earnála, ceisteanna úsáide talún agus athrú úsáide talún, rioscaí sláinte ó ghás radóin, pleanáil éigeandála, úsáidí leighis radaíochta ianúcháin agus airgeadais aeráide.

Bhí an GCC páirteach sna coistí agus grúpaí stiúrtha seo a leanas:

- Grúpa Feidhmithe Ardleibhéil le haghaidh Creat Rialtais "Ár dTodhchaí Inbhuanaithe"
- Grúpa Trasearnála Éire Shláintiúil
- Coiste Feidhmithe Fhómhar Bia 2020
- Grúpa Stiúrtha an Athbhreithnithe Oifigiúil ar Rialú Bia
- Grúpa Stiúrtha na Straitéise Náisiúnta um Rialú Radóin.
- An Grúpa idir-rannach/idirghníomhaireachta ar ADR (iompar earraí dainséaracha ar bhóithre)
- An Coiste Náisiúnta Sábháilteachta Radaíochta (cosaint othar)
- An Coiste Feidhmithe Náisiúnta um Dhramhaíl Radaighníomhach
- Bord Clárúcháin na Radagrafaithe
- Tascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála.
- An Grúpa Náisiúnta Straitéise um Thaighde Fuinnimh
- An Coiste Náisiúnta Comhairleach um Beartas Uisce
- An Grúpa Straitéise Náisiúnta Saotharlann
- Coiste Stiúrtha an Líonra Náisiúnta Forfheidhmithe
- An Coiste Stiúrtha Nua um Pleanáil Réigiúnach Bainistíochta Dramhaíola
- Coiste Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl
- Coiste Bhogaigh Ramsar in Éirinn
- Fóram na hÉireann ar Chaipiteal Nádúrtha
- Coiste Straitéis Agraibhia 2025

Sa ról atá aici mar cheann de na húdaráis reachtúla comhshaoil le haghaidh Measúnacht Straitéiseach Comhshaoil, bhí an GCC páirteach chomh maith i/sa(n):

- An Fóram Náisiúnta Teicniúil MST (Údaráis Comhshaoil)
- Grúpa Feidhmithe na Straitéise Náisiúnta Tailte Móna
- An Grúpa Stiúrtha ar an bPlean Fuinnimh In-athnuaite amach ón gCósta agus Meitheal Comhshaoil an GSFIAC
- An Grúpa Stiúrtha Pleanála Creata Náisiúnta um Fhorbairt Leictreachais In-athnuaite/MST
- Grúpa Stiúrtha Mheasúnacht Timpeallachta Straitéiseach na hÉireann um Ola agus Gáis Amach ón gCósta (MSTÉAC5)
- An Coiste Comhordaithe Náisiúnta um Pleananna Réigiúnacha Bainistíochta Dramhaíola
- Tuarascálacha Staidéir Measúnaithe agus Bainistíochta Rioscaí Tuilte Abhantraí TSMBRTA
- An Grúpa Comhordaithe Náisiúnta Teicniúil agus TSMBRTA ar leith
- Grúpa Stiúrtha Plean Creata Comhtháite agus Meitheal Comhshaoil na Sionainne

Agus í mar bhall de Thascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála, cuireann an GCC le forbairtí ar phleanáil náisiúnta éigeandála le haghaidh éigeandálaí radaíochta agus comhshaoil. Chuimsigh a leithéid d'fhorbairtí socruithe náisiúnta le haghaidh drochtheagmhais raideolaíocha, measúnú riosca náisiúnta agus cumarsáid éigeandála in 2014

Tacaíocht don Phlean Náisiúnta Éigeandála um Thimpistí Núicléacha (PNÉTN)

Thosaigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil athbhreithniú ar Phlean Náisiúnta Éigeandála na hÉireann um Thimpistí Núicléacha (PNÉTN) in 2014. Déanfaidh an t-athbhreithniú nuashonrú ar an bPlean i bhfianaise na gceachtanna a aithnítear ó phríomhfhorbairtí ar ullmhacht agus freagra éigeandála le blianta beaga anuas, lena n-áirítear:

- an taithí ar fhreagra a thabhairt ar thimpiste Fukushima agus éigeandálaí (neamhradaíochta) eile,
- conclúidí athbhreithniú an AE ar ullmhacht éigeandála núicléiche i dtíortha Eorpacha agus
- torthaí dhá phríomh-mheasúnú nua guaise a rinne staidéar ar thimpistí féideartha ag láithreán athphróiseála núicléach Sellafield agus ag an ocht n-ionad nua cumhachta núicléiche atá beartaithe sa Ríocht Aontaithe.

Chuir an GCC na comhchodanna measúnaithe agus maolaithe rioscaí den athbhreithniú ar fáil.

RANNPHÁIRTÍOCHT PÁIRTITHE LEASMHARA IN ULLMHACHT AGUS FREAGRA AR ÉIGEANDÁIL RADAÍOCHTA

Tá an GCC páirteach i dtionscadal atá urraithe ag an AE darb ainm PREPARE, rud atá ag díriú ar cheisteanna ullmhachta núicléiche agus raideolaíche a aithníodh tar éis thimpiste núicléach Fukushima in 2011. Tá an GCC ag cur go háirithe le forbairt straitéisí, treorach agus uirlisí chun earraí éillithe a bhainistiú, agus tuairimí táirgeoirí, próiseálaithe, tionscail mhiondíola agus tomhaltóirí á gcur san áireamh. D'fhonn seo a dhéanamh, chuir an GCC painéal ildhisciplíneach ar bun chun na ceisteanna a bhaineann le hábhair bhia Éireannacha a chur ar an margadh (in Éirinn agus taobh amuigh di) tar éis timpiste núicléach thar lear.

Cuimsíonn an painéal baill ó ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, agus ionadaithe ó na hearnálacha feirmeoireachta, déiríochta, feola, barr, bia mara, miondíola bia agus tomhaltóirí. Ba iad na ceisteanna a bhí breithnithe ag an bpainéal in 2014 ná bainistíocht ar tháirgeadh agus díol bia tar éis timpiste núicléach agus féidearthacht réimse gníomhartha cosanta a d'fhéadfaí a úsáid chun leibhéil na radaighníomhaíochta i mbia a laghdú go leibhéil atá inghlactha go hidirnáisiúnta. Úsáidfear na torthaí ón bplé seo san athbhreithniú ar an bPlean Náisiúnta Éigeandála um Thimpistí Núicléacha.

4

ATHRÚ AGUS LEASÚ A CHUMASÚ

Tá an GCC tiomanta do bheith ina heagraíocht ardfheidhmíochta agus don chleachtas is fearr a bhaint amach ina bainistíocht, a rialachas agus a húsáid teicneolaíochta

4.1 Daoine agus struchtúir

4.2 Próisis agus Teicneolaíocht

4.3 Rialachas

4.4 Cumasc leis an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch (IÉCR)

4.1

DAOINE AGUS STRUCHTÚIR

ACMHAINNÍ DAONNA

Is é sprioc leanúnach an GCC ná a chinntiú go mbeidh lucht saothair tiomanta againn a fheidhmeoidh ar feadh a chumais.

I gcomhréir leis an gComhaontú Seirbhíse Poiblí agus cumasc an GCC leis an IÉCR, ba é líon foirne an GCC ná 365 faoi dheireadh 2014. Bhí céad daichead is a haon bhall foirne lonnaithe i gCeanncheathrú an GCC i Loch Garman agus fuílleach na foirne lonnaithe go straitéiseach i gcúig Chigireacht Réigiúnacha agus i dtrí Oifig eile ar fud na tíre.

Tá athruithe oiriúnaithe agus bealaí oibre níos éifeachtúla curtha i bhfeidhm go leanúnach ag an GCC, ós iad na bealaí is éifeachtaí chun a feidhmeanna reachtúla a chur i gcrích le foireann agus acmhainní airgeadais laghdaithe. Tá an struchtúr eagraíochtúil tar éis a bheith athraithe le bheith i gcomhréir le hacmhainní nua foirne tar éis an chumaisc leis an IÉCR agus le freastal ar thosaíochtaí agus dúshláin éiritheacha.

Tá dearcadh thar a bheith dearfach ag an GCC i leith socrúcháin oibre, agus lean sí de bheith páirteach sa Scéim Náisiúnta Intéirneachta i rith 2014. D'éirigh le cuid mhaith de na hintéirnigh a bhí páirteach sa scéim fostaíocht lánaimseartha a bhaint amach mar thoradh ar a socrúcháin sa GCC. Ag deireadh Nollaig 2014, bhí iomlán ochtar intéirneach ann.

Cuireadh tús le cur i bhfeidhm an Chórais nua chomhtháite Faisnéise Bainistíochta Acmhainní Daonna i rith 2014. Bhí cur chuige céimnithe leagtha amach chun an córas a chur i bhfeidhm agus na príomh-mhodúil ghnó á gcur i bhfeidhm i gCéim 1 i rith 2014. Mar thoradh ar uasghrádú córais, tarlóidh cur i bhfeidhm na modúl atá fágtha in 2015.

BEALAÍ NUA OIBRITHE

Forbraíodh Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn in 2014 le haghaidh na tréimhse ó Iúil go Nollaig 2013 ar Phlean Soláthair Athchóirithe Chomhtháite (PSAC) an GCC agus forbraíodh PSAC athmheasta le haghaidh 2014.

meitheal

Tugann an plean seo éifeacht do na bearta atá leagtha amach i bPlean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus i gComhaontú Bhóthar Haddington, agus déanann sé cur síos ar na gníomhartha ar leith atá le bheith déanta ag an GCC chun éifeachtúlacht agus coigilteas a bhaint amach.

Rinneadh dul chun cinn suntasach i gcur i bhfeidhm an phlean agus cuireadh béim leanúnach ar chomhoibriú inmheánach tras-oifige don GCC maidir lena Clár Oibre Bliantúil sa bhliain 2014 a sholáthar.

Lean an GCC d'obair a dhéanamh i gcomhar le gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara eile chun deiseanna a aithint le haghaidh éifeachtúlachta agus comhsheirbhísí. Ar na samplaí a bhí ann, bhí:

- Tionscnamh a bhí bainistithe ag an GCC mar thionscadal, rud a raibh soláthar treorach náisiúnta don tseirbhís phoiblí maidir le Soláthar Glas Poiblí mar thoradh air, agus é mar sprioc inghnóthaithe faoi Phlean Gníomhaíochta an Rialtais um Poist (Gníomh 301).
- Chuir an GCC roghanna chun cinn le haghaidh roghanna roinnte in 2014 idir an GCC agus seirbhísí saotharlainne na n-údarás áitiúil d'fhonn cur chuige níos comhtháite a bheith ann i leith soláthar seirbhíse riachtanas reachtúil.
- Rinneadh feabhsuithe breise ar fheidhmiúlacht an Líonra Malartaithe Sonraí Comhshaoil (LMSC). Ligeann an chomhsheirbhís seo d'údaráis áitiúla agus phoiblí, an GCC agus comhlachtaí rialtais eile sonraí comhshaoil a roinnt agus teacht ar sheirbhísí agus feidhmchlár a chuirtear ar fáil ar bhonneagar láraithe.
- Tá feabhsú déanta ar an soláthar seirbhíse ar líne d'úsáideoirí seirbhíse trí fhorbairt tairseacha gréasáin amhail *Mo Chomhshaol Áitiúil, SPLASH* agus an *Innéacs Cáilíochta Aeir le haghaidh Sláinte*.

COMHPHÁIRTÍOCHT

Tá Coiste Comhpháirtíochta (Meitheal) ar bun ag an GCC ó 1999 i leith. Is trí Ghrúpaí Tras-Oifige a dhéanann Meitheal formhór a chuid oibre. Lean Meitheal dá ról i rith 2014 i bhforbairt leanúnach ghníomhaíochtaí na Foirne Glaise, staid foirne, comhairliúchán le foireann maidir le cumasc an IÉCR leis an GCC, agus ionchur i bPlean Soláthair Athchóirithe

Chomhtháite Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí, 2010–2014, agus Tuarascálacha ar Dhul Chun Cinn. Comhaontaíodh struchtúr nua comhpháirtíochta don eagraíocht chumaiscthe agus ceapadh Coiste nua ag deireadh 2014, agus an t-ainm Meitheal air go fóill.

SCILEANNA AGUS CUMAS

Tairgeann an GCC réimse leathan tacaí don fhoireann go léir a chabhraíonn leo an ról atá acu faoi láthair a chur i gcrích agus a fhorbairt, ullmhú le haghaidh ról amach anseo agus feabhsú a dhéanamh ar dhoimhneacht na scileanna agus an eolais ar feadh na heagraíochta. Tá an tiomantas seo léirithe i leithdháileadh buiséid ar Fhoghlaim agus Forbairt, méid arb ionann é agus tuairim is 2.5% den chaiteachas ar phárolla. Bhí an fhoireann páirteach i mbreis is 360 ócáid foghlama i rith 2014, amhail cúrsaí oiliúna, ceardlanna, comhdhálacha agus seimineáir. San áireamh sna hócáidí seo, bhí deiseanna neamhfhoirmiúla foghlama a mheasann an GCC a bheith ina bhfóram suntasach foghlama. B'ionann seo agus iomlán 2,309 lá oiliúna – 6.31 lá oiliúna in aghaidh an duine ar an meán.

Leagann an Plean Foghlama agus Forbartha amach conas a thacóidh F agus F le baint amach spriocanna an GCC, fad is a thacófar le riachtanais forbartha foirne agus daoine aonair.

CEANNAIREACHT LÁIDIR

Tá roinnt tionscnamh ar fáil do cheannairí sa GCC, amhail cur i bhfeidhm leanúnach an chláir um Scileanna Riachtanacha Bainistíochta agus Ceannaireachta. Chuireamar tús in 2014 le clár píolótach darb ainm "Dul i mbun Ceannaireachta – taobh anonn d'Fheabhas Teicniúil", rud a dhírigh ar:

- Comhdhlúthú a dhéanamh ar an eolas agus scileanna ceannaireachta a bhfuil infheistíocht déanta iontu cheana féin;
- Creat ceannaireachta iompraíochta agus caighdeán atá dearfach, forghníomhach agus aireach a fhorbairt agus leabú agus;
- Tacú le baint amach spriocanna straitéiseacha an GCC.

CÓRAS BAINISTÍOCHTA COMHSHAOIL AN GCC

Tá an GCC tiomanta do laghdú a dhéanamh ar thionchair a chuid oibríochtaí féin ar an gcomhshaol. Déanann comhlacht creidiúnaithe seachtrach iniúchadh ar Chóras Bainistíochta Comhshaoil (CBC) an GCC dhá uair sa bhliain le cinntiú go gcomhlíontar riachtanais Chaighdeán ISO 14001, rud atá aitheanta ar fud an domhain.

SÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS AG AN OBAIR

Tá an GCC tiomanta do shábháilteacht, sláinte agus leas a foirne a chinntiú trí chláir chuí oiliúna, iniúchóireachta, measúnaithe riosca agus feasachta ar shábháilteacht a chur ar fáil. Tá teist mhaith ar an GCC ó thaobh sábháilteachta de go fóill agus níor tharla timpiste ná gortú tromchúiseach ar bith ag an obair le linn 2014.

FORBHREATHNÚ AR ÚSÁID FUINNIMH IN 2014

Baineann an príomhchaitheamh fuinnimh ag oifigí agus saotharlanna an GCC le téamh spáis, soilsiú, cumhacht, uisce te agus breosla iompair. B'ionann ídiú iomlán fuinnimh an GCC in 2014 agus 2723MWh, agus b'ionann seo agus laghdú 5% ar ídiú fuinnimh na bliana roimhe sin. Tá miondealú ar an bhfuinneamh a d'úsáideamar ar taispeáint thíos i bhFigiúr 18.

Bhí rath mór ar an GCC i gcomhlíonadh sprioc choigiltis éifeachtúlachta fuinnimh na hearnála poiblí, is é sin, 33%



Figiúr 18 Úsáid fuinnimh an GCC, 2014 (MWh)

faoi 2020, mar atá leagtha amach sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Éifeachtúlacht Fuinnimh go dtí 2020. Tá éirithe ag an GCC laghdú a dhéanamh ar ídiú fuinnimh bliain i ndiaidh bliana agus tá sí 11% faoi bhun sprioc na bliana 2020 cheana féin.

BORD AN GCC

Tá seisear Stiúrthóirí Feidhmiúcháin lánaimseartha ar Bhord an GCC. Tionóladh iomlán 51 cruinniú den Bhord in 2014; chuimsigh sé seo 14 chruinniú ghinearálta ag ar pléadh le ceisteanna corparáideacha beartais, straitéise, airgeadais agus pleanála, chomh maith le 37 cruinniú teicniúil ag ar pléadh le hiarratais ar cheadúnais, ionchúisimh agus ceisteanna oibriúcháin.

AN COISTE COMHAIRLEACH

Bhí 6ú Coiste Comhairleach an GCC ceaptha ag an Uas. Phil Hogan, TD, Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, ar 13 Feabhra 2013. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire in 2014, agus lean sé air ag cur comhairle úsáideach agus thráthúil ar an GCC faoi réimse ceisteanna.

4.2

PRÓISIS AGUS TEICNEOLAÍOCHT

ATHRÚ AGUS LEASÚ A BHÍ CUMASAITHE AG TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE

Bíonn teicneolaíocht faisnéise á húsáid ag an GCC i gcónaí chun athrú agus athchóiriú a chumasú:

- trí shimpliú, caighdeánú agus pé áit ar féidir, uathoibriú príomhphróisis agus príomhthascanna rialaitheacha;
- uasmhéadú líon na seirbhísí ar líne agus comhsheirbhísí, rud a chuireann seirbhís níos fearr ar fáil do chustaiméirí, a fheabhsaíonn teacht ar shonraí agus a laghdaíonn costais ar an gcáiníocóir agus ár n-úsáideoirí seirbhíse;
- glacadh agus forbairt eolais, cumarsáide agus teicneolaíochtaí measúnaithe spásúil úrscothacha chun torthaí éifeachtacha agus ár dtosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach;
- trí theacht feabhsaithe ar shonraí agus uirlisí tacaíochta ríthábhachtacha cinnteoireachta a chur ar fáil a ligeann do na páirtithe leasmhara a dtascanna a chur i gcrích ar bhealach níos éifeachtúla.

Lean an GCC d'fheabhsuithe móra a dhéanamh i rith 2014 ar a próisis chomhshaoil agus gnó chorparádaigh trí athbhreithniú leanúnach ar chleachtais ghnó chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht a chinntiú sa chaoi a mbímid ag obair, lena n-áirítear glacadh le teicneolaíocht nua. Is príomhbhealach cumarsáide é an suíomh gréasáin, agus 1.9 milliún cuairt á tabhairt air in aghaidh na bliana, agus leanann an GCC de phróifíl ghníomhach a fhorbairt ar na meáin shóisialta.

Mar chuid de chumasc an GCC agus an IÉCR, cuireadh líonra aonair ríomhairí i bhfeidhm a chuir seirbhís agus bonneagar comhtháite teicneolaíochta faisnéise ar fáil don fhoireann go léir san eagraíocht chumaiscthe.

CUMARSÁID GHUTHA AGUS SONRAÍ

Táthar tar éis córas cumarsáide inmheánach gutha agus sonraí an GCC a dhéanamh níos éifeachtúla trí chóras aontaithe cumarsáide leictreonaí a thabhairt isteach, rud a chuireann áiseanna fóin chliste agus teileafón deisce ar fáil, chomh maith le háiseanna físchomhdhála agus seimineáir ghréasáin. Bíonn an córas cumarsáide á úsáid ag foireann an GCC i ngach aon ionad den GCC agus i rith cigireacht/cuairteanna láithreáin. D'fhonn tacú leis na héilimh leanúnacha agus mhéadaitheacha ar chumarsáid sonraí idir láithreáin an GCC, méadaíodh an toilleadh naisc leictreonacha sonraí idir gach láithreán go mór chomh maith.

Figiúr 19: Córas Cumarsáide Aontaithe

LEMA

Figiúr 20: LEMA

D'fhás córas comhtháite rialaitheach an GCC, LEMA, go mór in 2014. Cuireann an córas LEMA léargas comhtháite ar fáil ar ghníomhaíochtaí ceadúnaithe le hais stádas cloí agus gníomhaíochtaí forfheidhmithe. Cuireann an t-ardán LEMA teacht leictreonach ar fáil do mhuintir an phobail trí shuíomh

gréasáin an GCC agus cuireann sé teacht leictreonach ar fáil do bhreis is 2,000 ceadúnaí tríd an tairseach EDEN. Feabhsaíonn an comhtháthú seo cumarsáid agus laghdaíonn sé an t-ualach riaracháin ar cheadúnaithe agus foireann an GCC.

Feabhsuithe in 2014:

- Cuireadh seirbhísí ar líne ar fáil do cheadúnaithe, le cabhrú leo cloí le riachtanais nua reachtúla faoin Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha.
- Is féidir le ceadúnaithe iarratas a chur isteach ar líne ar Athruithe agus Aistriú Ceadúnas.
- Rinneadh uathoibriú ar phróisis inmheánacha chun measúnú a dhéanamh ar cheadúnais Dramhuisce Uirbigh, lenar áiríodh comhéadan CFG atá bunaithe ar léarscáileanna do chigirí chun suíomh pointí astaíochtaí a dheimhniú lena súile féin.
- Tá córas aonair le haghaidh cuairteanna láithreáin ag cur éifeachtúlachta leis na pleananna forfheidhmithe atá bunaithe ar rioscaí ar fud réimse leathan réimis forfheidhmithe. Thug cigirí forfheidhmithe cuairt ar bhreis is 1,300 láithreán agus eisíodh tuairiscí ó LEMA tríd an tairseach ar líne.
- Rinneadh measúnú uathoibríoch ar bhreis is 10,000 líne de shonraí monatóireachta astaíochtaí Dramhuisce Uirbigh ó 2013, rud a chuir na sonraí ar fáil do na cigirí arís i bhfoirm achomair inrochtana.

AIRGEADAS

Úsáideadh córas nua buiséadaithe a chuireann trédhearcacht agus rialú níos fearr ar fáil maidir le bainistíocht buiséid, úsáideadh é chun buiséad 2014 a ullmhú.

SAOTHARLANNA

Lean an GCC d'athrú i dtreo struchtúr comhtháite saotharlann ina bhfuil comhdhearbhú agus comhrialú cáilíochta tar éis do chóras nua comhtháite bainistíochta faisnéis saotharlainne a bheith roghnaithe. Éascóidh an córas nua comhtháthú gníomhaíochtaí saotharlainne an GCC agus cuirfidh sé eolas ríthábhachtach ar fáil ar chórais tuairiscithe monatóireachta, measúnaithe agus reachtúla an GCC.

LMSC

Chuir an GCC comhsheirbhís ar fáil in éineacht le húdaráis áitiúla agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil darb ainm an Líonra Malartaithe Sonraí Comhshaoil (LMSC/EDEN). Cumasaíonn an LMSC roinnt na bhfeidhmchlár gréasáin agus sonraí comhshaoil idir chomhlachtaí poiblí. Críochnaíodh uasghrádú mór ar an mbonneagar agus an tairseach trína mbíonn comhlachtaí poiblí ag idirghníomhú i rith 2014. Rinne an t-uasghrádú feabhsuithe ar eispéireas na n-úsáideoirí agus bhunaigh sé ardán láidir chun leathnú seirbhísí amach anseo a chumasú. Bhuaigh an LMSC catagóir na "húsáide is nuálaíche a baineadh as bonneagar teicniúil i

Agus iad ag glacadh leis an ngradam as an bh*Feidhmchlár Faisnéise Geografaí Is Fearr san Earnáil Phoiblí*, bhí Gavin Smith, Deirdre Kirwan, Fiona O' Rourke agus Ann Marie Donlon.

réiteach Faisnéis Geografaí" ag gradaim Spáis agus Áite an EÉFG (An Eagraíocht Éireannach um Fhaisnéis Gheografach) 2014.

LÉARSCÁILEANNA

Cuireadh sonraí breise ar fáil trí Léarscáileanna GeoPortal an GCC i rith 2014, lenar áiríodh léarscáileanna nua le haghaidh láithreáin mhonatóireachta radóin agus radaíochta. Foilsíodh na sonraí a bhaineann le cáilíocht uisce (stádas CTU) i Nollaig le haghaidh 2010-2012 sa GeoPortal ar mhaithe le bheith úsáidte ag an bpobal agus eagraíochtaí eile. Bhuaigh an GeoPortal catagóir "an Fheidhmchláir Faisnéise Geografaí Is Fearr san Earnáil Phoiblí" chomh maith ag gradam Spáis agus Áite an EÉFG in 2014.

AN CTU

Rinneadh dul chun cinn i bhforbairt feidhmchláir nua le tacú le cur i bhfeidhm na Creat-Treorach Uisce (CTU) in 2014 agus leanfar de seo. Is córas nua eolais é Feidhmchlár an CTU atá beartaithe le tacú le soláthar Pleananna Bainistíochta Abhantraí agus bhí na hoibreacha in 2014 dírithe ar thacú le tréithriú rioscaí uiscí na hÉireann.

Rinne dul chun cinn i bhforbairt feidhmchlár soghluaiste le haghaidh suirbhéireacht allamuigh ag bitheolaithe abhann agus locha. Cruthaíonn an obair seo éifeachtúlacht i mbailiú sonraí ar cháilíocht uisce atá de dhíth le haghaidh chur i bhfeidhm an CTU agus feabhsaíonn sí bainistíocht agus teacht ar na sonraí seo.

GAMIS

Chuir an GCC tús in 2014 le córas nua tacaíochta eolais um chosaint raideolaíoch (GAMIS), rud a ligfidh do cheadúnaithe um chosaint raideolaíoch ról níos mó a bheith acu i mbainistíocht a sonraí ceadúnaithe ar líne. Chomh maith leis sin, déanfaidh sé cur ar fáil do thabhairt isteach cur chuige ghrádaithe i leith údarú sna blianta amach romhainn, agus nuair a bheidh sé curtha i bhfeidhm, feabhsóidh sé éifeachtúlacht an phróisis údaraithe do cheadúnaithe agus do GCC araon.

4.3

RIALACHAS



RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Leanann an GCC de chloí leis an gCód athmheasta Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2009. Tá Aonad lánaimseartha Rialachais Chorparáidigh ag an GCC, agus é freagrach as maoirseacht agus tuairisciú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus cloí leis an gCód Cleachtais.

INIÚCHADH INMHEÁNACH

Cathaoirleach seachtrach atá ar Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí (CII) an GCC chomh maith le lucht saineolais eile ón taobh amuigh in ionad ionchuir ó Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin, in éineacht le hionadaí sinsearach ón GCC féin. Tar éis don chumasc leis an IÉCR tarlú, méadaíodh ballra an CII ó sheisear go seachtar in 2014 agus cuireadh ball seachtrach eile leis, duine a bhfuil eolas aige ar rioscaí a bhaineann go sonrach le cosaint raideolaíoch.

Rinneadh trí Iniúchadh Inmheánacha in 2014 sna réimsí seo a leanas:

- Rialachas agus bainistíocht thionscadal feabhsúcháin Bhaile Chairdif;
- Athbhreithniú ar Ghníomhaíochtaí Ceadúnaithe; agus
- Nósanna imeachta rialachais le haghaidh oibriú an Chláir Trádála Astaíochta ag an GCC.

Críochnaíodh athbhreithnithe eile sna réimsí seo a leanas:

- Bhí Tionscadal Athbhreithnithe Cloí dearfach curtha i láthair ag an gCoimisiún don ATA (ETU) i mí na Nollag. D'aithin an t-athbhreithniú sé dhea-chleachtas sa GCC.
- Críochnaíodh athbhreithniú dhá lá de chuid an Choimisiún sa tír ar chur i bhfeidhm na Treorach Trádála Astaíochtaí ag Éirinn maidir le Ceadúnú, Monatóireacht, Tuairisciú agus Fíorú i mí an Mheithimh.

BAINISTÍOCHT RIOSCA

Mar chuid de phróiseas Bainistíochta Riosca an GCC, déantar teagmhais agus gníomhaíochtaí a aithint, a aicmiú, a mheas, agus a rialú agus déantar monatóireacht orthu mar atá léirithe thuas.

Cuireann an córas atá i bhfeidhm sa GCC timthriall nósanna imeachta bainistíochta rioscaí ar fáil chomh maith le creat chun rioscaí a bhainistiú de réir mar a thagann siad chun cinn.

Tháinig Coiste Riosca an GCC le chéile trí huaire in 2014. Críochnaíodh athbhreithniú ar rioscaí oifige in 2014 agus nuashonraíodh an Clár Rioscaí Oifige.

Rinneadh an Clár Rioscaí Corparáideacha a nuashonrú chun na hathruithe a léiriú a cuireadh i bhfeidhm maidir le rioscaí agus maoluithe príomha. Leagtar amach ann na príomhrioscaí a bhfuil ann dóibh faoi na naoi gceannteideal seo a leanas:

- Clú,
- Rialúcháin Oibriúcháin agus Ghnó,
- Pearsanra,
- Dlíthiúil agus Rialaitheach,
- Bainistíocht agus Teicneolaíocht Faisnéise,
- Calaois agus Caimiléireacht,
- Buiséadach/Airgeadas,
- Sláinte agus Sábháilteacht, agus
- Idirghníomhaireachta.

Déantar monatóireacht rialta ar na Cláir Rioscaí Oifige agus Corparáideacha araon.

Aithníodh na príomhrioscaí seo a leanas a bheith roimh an GCC, tríd an bpróiseas Bainistíochta Riosca:

- Dúnadh/leachtú áiseanna móra ceadúnaithe a bhfuil oidhreachtaí agus costais ghaolmhara dliteanas comhshaoil ag baint leo;
- Caillteanas eolas agus scileanna speisialtóra toisc daoine ag dul ar scor, srianta ar fhoireann na hearnála poiblí agus an spleáchas ar acmhainní seachtracha;
- Athruithe féideartha ar ioncam, amhail laghdú ar ioncam tuillte agus spleáchas leanúnach ar an gCiste Comhshaoil;
- Cloí le nithe dlí agus rialaitheacha a bhfuil an chastacht agus an dúshlán a bhaineann leo ag dul i méid.

PLEAN STRAITÉISEACH

Lean an GCC in 2014 de chur i bhfeidhm na bpríomhghníomhartha tosaíochta a bhí aitheanta i bPlean Straitéiseach an GCC 2013–2015 – *Obair le Daoine Eile chun Comhshaol Níos Fearr a Chruthú*. Tá cur síos ar dhul chun cinn na ngníomhartha seo ar fud na Tuarascála Bliantúla seo faoin na príomh-cheannteidil chaibidle maidir le Rialáil, Eolas agus Abhcóideacht. Rinneadh nuashonrú chomh maith ar Mhisean, Fís agus Luachanna an GCC i rith 2014 le bheith i gcomhréir leis an eagraíocht mhéadaithe tar éis don chumasc rathúil a bheith déanta leis an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch i mí Lúnasa.

ATHBHREITHNIÚ AN GCC

Tar éis d'athbhreithniú neamhspleách a bheith déanta ar an GCC in 2011, foilsíodh Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn faoi chur i bhfeidhm na moltaí i Lúnasa 2014. Ar an iomlán, tá dul chun cinn suntasach déanta i gcur i bhfeidhm na moltaí, agus tá an chuid is mó den 58 moladh tar éis a bheith críochnaithe go hiomlán, nó táthar tar éis díriú orthu mar ghníomhaíochtaí leanúnacha. Foilsíodh sonraí na tuarascála ar dhul chun cinn ag an am céanna ar shuíomhanna gréasáin an GCC agus na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

CEISTEANNA COMHSHAOIL

Leanann an GCC trínár nAonad Ceisteanna Comhshaoil de chur chuige comhordaithe a chur ar fáil maidir le heolas comhshaoil ar leith ar cheisteanna a chuireann muintir an phobail orainn ar an teileafón, trí ríomhphost agus ar an Idirlíon. Bhí tuairim is 2,650 ceist próiseáilte ag an Oifigeach Ceisteanna Comhshaoil in 2014, duine a chuireann ardleibhéal seirbhíse ar fáil do chustaiméirí i gcomhréir lenár gCairt do Chustaiméirí. Réimse suime ar leith a bhaineann leis an bpobal ná córais chóireála dramhuisce tí (dabhcha séarachais), dumpáil mhídhleathach, cáilíocht uisce óil, truailliú torainn agus truailliú ginearálta comhshaoil. Anuas air sin, forbraíodh sraith Ceisteanna Coitianta don suíomh gréasáin ar roinnt ábhar a bhfuil suim ag an bpobal iontu.

TEACHT AR EOLAS

Tá an GCC tiomanta do bheith ina heagraíocht oscailte agus inrochtana. Is dhá mhodh iad an tAcht um Shaoráil Faisnéise (SF) agus na Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol (RFC) le teacht ar eolas do na daoine sin den phobal nach raibh in ann teacht ar an eolas a bhí de dhíth orthu ar bhealaí malartacha go dtí seo.

Fuair an GCC 12 iarratas SF i rith 2014. Astu seo, ceadaíodh naoi n-iarratas nó ceadaíodh go páirteach iad agus diúltaíodh do thrí cinn acu. Faoi na Rialacháin RFC, fuair an GCC 35 iarratas agus tugadh trí cinn ar aghaidh ó 2013. Astu seo, ceadaíodh 26 ceann acu go hiomlán nó go páirteach, diúltaíodh do 11 cheann acu agus tarraingíodh ceann amháin acu siar. As na hiarratais a diúltaíodh, bhí leath acu mar dhiúltú teicniúil .i. ní raibh an t-eolas ag an GCC, bhí an t-eolas ar fáil cheana sa chomhad poiblí nó ar ár suíomh gréasáin, nó níor measadh gur eolas comhshaoil é an t-eolas a iarradh faoi na Rialacháin. Bhí diúltú na n-iarratas eile bunaithe ar na forálacha díolúine san Acht SF agus na cúiseanna éigeantacha agus discréideacha le diúltú atá mínithe sna Rialacháin RFC.

Phróiseáil an GCC dhá Athbhreithniú Inmheánacha agus deimhníodh an cinneadh bunaidh sa dá chás. Bhí trí achomharc ón achomharcóir céanna chuig an gCoimisinéir um Eolas Comhshaoil ar feitheamh ag deireadh na bliana go fóill.

4.4

AN CUMASC LE IÉCR

Office of Radiological Protection

CUMASC AN GCC AGUS IÉCR

Chuimsigh Plean Athchóirithe Earnála Poiblí an Rialtais a foilsíodh i Samhain 2012 gealltanas an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch (IÉCR) a chumasc leis an GCC. Cuireadh tús leis an obair ullmhúcháin chun an cumasc a chur i gcrích ag tús 2013.

Chinn an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil gur chóir na comhlachtaí a chumasc trí Oifig bhreise a chruthú taobh istigh de struchtúr an GCC, rud a mhéadaigh líon iomlán na nOifigí go cúig cinn, agus Stiúrthóir i gceannas ar gach ceann acu. Ina theannta sin, chuirfí Coiste Comhairleach saincheisteanna radaíochta ar bun a mbeadh sé mar aidhm aige ionchur saineolaíoch a chur ar fáil don eagraíocht chomhcheangailte.

Tar éis do cheadú a bheith faighte ón Aire, foilsíodh an Plean Gníomhaíochta le haghaidh Chumasc an GCC/IÉCR in Iúil 2013, rud a shonraíonn 43 gníomh ardleibhéil ar fud na seacht réimse théamacha seo a leanas:

- Rialachas/Bord
- Acmhainní Daonna
- Bearta Reachtúla
- Ceisteanna Airgeadais
- Cóiríocht
- TFC

CUMARSÁID AGUS CEISTEANNA CORPARÁIDEACHA EILE

Bhí na struchtúir a úsáideadh chun an Plean Gníomhaíochta a fhorbairt i bhfeidhm go fóill i rith phróiseas an fheidhmithe mar seo a leanas:

- Chuir an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (RCPRÁ) maoirseacht agus treoir ar fáil.
- Bhí Ard-Stiúrthóir an GCC agus POF an IÉCR i **Meitheal an Chumaisc**, rud a raibh an Rúnaí Cúnta, Rannóg an Chomhshaoil, an RCPRÁ mar chathaoirleach uirthi.
- Rinneadh ionadaíocht ar son an GCC, an IÉCR agus an RCPRÁ i n**Grúpa Thionscadal an Chumaisc**, rud a raibh Stiúrthóir na hOifige Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha (OCSC) sa GCC mar chathaoirleach air.
- Bhí **Rúnaíocht** an Tionscadail curtha ar fáil ag an RCPRÁ.

Forbraíodh Straitéis Chumarsáide ag céim luath den phróiseas seo le cinntiú gur coinníodh páirtithe leasmhara (idir inmheánach agus sheachtrach) ar an eolas faoi dhul chun cinn an chumaisc.

Rinneadh comhairliúchán le foireann an dá eagraíocht, na Coistí Comhpháirtíochta agus na Ceardchumainn i rith fhorbairt an Phlean Ghníomhaíochta agus nuair a cuireadh i bhfeidhm é.

Bhí na gníomhartha ardleibhéil a aithníodh sa Phlean Gníomhaíochta mar bhonn le forbairt Plean Feidhmithe mionsonraithe, le hachair ama, táirgí insoláthartha agus bainisteoirí tascanna ar leith. Tosaíodh an cur i bhfeidhm i Meán Fómhair 2013, agus gach gníomh a bhí de dhíth chun an cumasc a chur i gcrích déanta faoi 1 Lúnasa 2014. Bhí sé aitheanta ó thús ag na páirtithe go léir a bhí páirteach sa chumasc go mbeadh próiseas casta i gceist agus go gcuimseodh sé achtú reachtaíochta, athbhreithniú agus athmheas nósanna imeachta agus cleachtas sa dá eagraíocht

Ann McGarry agus Laura Burke, agus iad i láthair ag cumasc an GCC agus an IÉCR

a mbeadh impleachtaí ag baint leo go teicniúil agus ó thaobh daoine de. Admhaíodh chomh maith go ndéanfaí gníomhartha breise chomh maith tar éis an chumaisc.

Cé go raibh achar ama an-ghearr curtha ar leataobh chun an cumasc a chur i gcrích faoi lár 2014, cumascadh an GCC agus an IÉCR go foirmiúil in am agus de réir an bhuiséid ar 1 Lúnasa 2014.

Tá an *tAcht um Chosaint Raideolaíoch (Forálacha Ilghnéitheacha) 2014* mar bhonn agus taca ag cumasc an dá eagraíocht, lena n-áirítear díscaoileadh an IÉCR agus a Bhord neamhfheidhmiúcháin, chomh maith le haistriú a foirne agus a feidhmeanna go dtí an GCC. Bunaíodh an cúigiú hoifig nua agus Stiúrthóir i gceannas uirthi. Tá Oifig an GCC um Chosaint Raideolaíoch (OCR) freagrach anois as a chinntiú go mbíonn daoine agus an comhshaol in Éirinn cosanta ar iarmhairtí díobhálacha na radaíochta ianúcháin.

Ba é fís an chumaisc ná go dtabharfadh sé foireann thiomanta agus dhíograiseach an dá eagraíocht le chéile chun eagraíocht láidir eolaíoch a chruthú a chomhcheanglaíonn acmhainní saineolais agus sárchlú an GCC agus an IÉCR, agus a leanann den luach ard céanna a chur ar chosaint comhshaoil agus raideolaíoch.

Bhí nuashonrúcháin rialta ar phróiseas an chumaisc foilsithe ar shuíomh gréasáin an GCC.

A

AGUISÍNÍ

A.1 Foilseacháin an GCC in 2014

A.2 Sainchomhairleoirí agus Comhairleoirí arna bhFostú in 2014

A.3 An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

A.4 Na Ráitis Airgeadais

A.1

GCC FOILSEACHÁIN 2014

Tá an chuid is mó d'fhoilseacháin an GCC ar fáil le bheith íoslódáilte ó shuíomh gréasáin an GCC ag www.epa.ie/downloads. Is féidir foilseacháin a cheannach chomh maith ar líne nó ó Dhíolacháin Foilseacháin an GCC ag +353 916 0642.

AER

Tá na tuarascálacha aeir seo a leanas ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC ag http://www.epa.ie/pubs/reports/air/

- Cáilíocht an Aeir in Éirinn in 2013: Príomhthásciairí Cháilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh
- Láithreáin Cheadúnaithe an GCC: Tuarascáil 2013 ar Astaíochtaí Aeir
- Leibhéil Dé-ocsainí i gComhshaol na hÉireann 2012

TUARASCÁLACHA CORPARÁIDEACHA

Tá na tuarascálacha corparáideacha seo a leanas ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC ag http://www.epa.ie/pubs/reports/other/

- Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais an GCC, 2013
- Ráiteas Dheireadh na Bliana, 2013
- Díriú ar Fhorfheidhmiú Comhshaoil 2009–2012

DRAMHAÍL

Tá na tuarascálacha seo a leanas ar dhramhaíl ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC ag http://www.epa.ie/pubs/reports/waste/

- Tuarascáil Náisiúnta Dramhaíola 2012
- Tuarascáil Bhliantúil an Chláir Náisiúnta um Chosc Dramhaíola (CNCD), 2013
- Feasachán Dramhaíola Bardasaí 2013
- Éire agus í Éifeachtúil ó Thaobh Acmhainní de: Straitéis Náisiúnta go dtí 2020
- An Plean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl Ghuaiseach 2014–2020
- Ionaid Phíolótacha 'Fág Anseo' le haghaidh Dramhaíl Ghuaiseach ó Fheirmeacha in 2013

UISCE

Tá na tuarascálacha uisce seo a leanas ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC ag http://www.epa.ie/pubs/reports/water/

- Cáilíocht an Uisce Snámha in Éirinn 2013
- Tuarascáil Chomhtháite ar Cháilíocht Uisce le haghaidh Dhúichí Abhantraí an Iar-Thuaiscirt agus Loch nEathach/na Banna, 2013
- Tuarascáil Chomhtháite ar Cháilíocht Uisce le haghaidh Dhúiche Abhantraí an Oir-Dheiscirt, 2013
- Tuarascáil Chomhtháite ar Cháilíocht Uisce le haghaidh Dhúiche Abhantraí an Iarthair, 2013
- Díriú ar Chóireáil Uirbeach Dramhuisce in 2013
- Plean Náisiúnta Cigireachta: Córais Chóireála Dramhuisce Tí in 2013: Athbhreithniú Eatramhach

NÓTAÍ TREORACH

Tá na nótaí treorach seo a leanas ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC ag www.epa.ie/pubs/advice/

- Soláthar Glas: Treoir don Earnáil Phoiblí
- Treoir ar Údarú Doirte Dhírigh isteach sa Screamhuisce
- Bileog do mhiondíoltóirí ar na rialacháin nua DTLL
- Nóta treorach ar Chumhdach Laethúil agus Eatramhach ag Ionad Líonta Talún
- Nóta Treorach Monatóireachta Astaíochtaí Aeir Uimh. 2
- Bileoga Treorach d'Earnálacha a mBaineann an Cosc ar Ghás Cuisneáin R22 Leo
- Bileoga Treorach d'Earnálacha a mbaineann rialacháin F-Gháis leo

Tuarascálacha Taighde Comhshaoil

Athrú Aeráide

Tá an tuarascáil taighde seo a leanas ar athrú aeráide ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC ag http://www.epa.ie/pubs/reports/research/climate/

- Ceapadh carbóin ag fálta sceach i dtírdhreach na hÉireann (TTAA (CCRP) 32)

Bithéagsúlacht

Tá an tuarascáil taighde bithéagsúlachta seo a leanas ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC ag http://www.epa.ie/pubs/reports/research/biodiversity/

- speicis ionracha agus neamhdhúchasacha na hÉireann: treochtaí sa tabhairt isteach

Uisce

Tá na tuarascálacha taighde uisce seo a leanas ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC ag http://www.epa.ie/pubs/reports/research/water/

- An bhfuilimid sásta íoc as dea-cháilíocht uisce abhann? (Taighde an GCC, 129)
- Éifeachtaí bitheolaíocha agus tomhais cheimiceacha in uiscí mara na hÉireann
- Céard is fiú ár n-uisce? Meastachán a dhéanamh ar luach na dtairbhí a bhaineann le seirbhísí éiceachórais uisce do shochaí na hÉireann (Taighde an GCC, 127)
- Roghanna bainistíochta le haghaidh bailiú, cóireáil agus diúscairt sloda a bhaintear de chórais chóireála dramhuisce tí (STRIVE 123)
- Tacú le coincheap anailís an rabhaidh luaith (STRIVE 125)
- Léarscáiliú a dhéanamh ar an dáileadh spásúil ama torainn faoi uisce in uiscí na hÉireann (STRIVE 121)

Radón

Tá na tuarascálacha taighde radóin seo a leanas ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC ag http://www.epa.ie/pubs/reports/radiation/

- Suirbhé radóin taobh amuigh agus íoslaghdú na héiginnteachta i dtomhais leibhéil ísil le braiteoirí CR-39. G. A. Gunning, D. Pollard agus E. C. Finch. Journal of Radiological Protection 34 (2014) 457–467.
- Úsáid na heacnamaíochta sláinte i bhforbairt straitéis náisiúnta rialaithe radóin in Éirinn. D. Pollard agus D. Fenton. Dáileogmhéadracht um Chosaint in aghaidh Radaíochta 160 (1–3) (2014) 30–34.

ÚSÁID TALÚN, ITHREACHA AGUS IOMPAR

Is féidir na tuarascálacha taighde seo a leanas ar úsáid talún, ithreacha agus iompar a aimsiú ar shuíomh gréasáin an GCC ag http://www.epa.ie/pubs/reports/research/land/

- Idirghníomhú idir hidreolaíocht ithreach, úsáid talún agus an t-athrú aeráide agus an tionchar a imríonn siad ar cháilíocht na hithreach (SoilH) (STRIVE 18).
- Cur i bhfeidhm geoifisice ar roinnt bagairtí ar ithir na hÉireann (STRIVE 126)
- Córas Eolais Ithreacha na hÉireann (STRIVE 130)

BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA AGUS ACMHAINNÍ

Tá na tuarascálacha taighde seo a leanas ar bhainistíocht acmhainní ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC ag http://www.epa.ie/pubs/reports/research/waste/

- Léarscáil le haghaidh Plean Náisiúnta Éifeachtúlachta Acmhainní d'Éirinn (Taighde an GCC,128)
- Teicneolaíochtaí athchúrsála urscothacha le haghaidh taispeáintí leachtchriostail (STRIVE 122)

TEICNEOLAÍOCHTAÍ COMHSHAOIL

Tá na tuarascálacha taighde seo a leanas ar theicneolaíocht chomhshaoil ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC ag http://www.epa.ie/pubs/reports/research/tech/

- Monatóireacht atá bunaithe ar an Idirlíon ar astaíochtaí gáis ó ionaid líonta talún le hardáin féinrialaitheacha braiteora (STRIVE 124)

A.2

COMHAIRLIGH AGUS COMHAIRLEOIRÍ A FOSTAÍODH IN 2014

Achilles Procurement Services	Ionad na Teicneolaíochta Glaine	LHM Casey McGrath
Adaptive HVM	Compass Informatics Ltd	Mason, Hayes & Curran
Aether Ltd	Cue Vision	Seirbhísí Meantóireachta
Antaris Consulting	Deloitte	Mott McDonald Pettit Ltd
Amec Earth & Environmental UK Ltd	EnviroGuide	Penna Plc
Barry Doyle & Company	Fehily Timoney & Company	Noonan
CDM Smith (Ireland) Ltd	Geosyntec Consultants	Environmental River Crossing Business Solutions Ltd
CAAS Ltd.	IP Forensics Ireland Ltd	RPS Group
Capita Business Solutions Ltd	An Foras Riaracháin	Sinclair Knight Merz (Ireland) Ltd
Carr Communications Ltd	Kefron Consulting	Tobin Environmental Services
		URS Ireland Ltd

A.3

AN T-ACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS, 1997

Tagann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) faoi théarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, rud a tháinig in éifeacht ar 2 Eanáir 1998, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002, rudaí a tháinig i bhfeidhm ar 7 Lúnasa 2002.

Is é beartas an GCC féachaint chuige go n-íoctar gach sonrasc go pras. Cuireadh córais agus nósanna imeachta ar leith i bhfeidhm le go bhféadfaí sonraisc a thaifeadadh agus lena chinntiú go ndéanfar íocaíochtaí roimh an dáta dlite. Déantar sonraisc cheannaigh a thaifeadadh ar bhonn laethúil i Rannóg na gCuntas, agus leantar iad go córasach lena chinntiú go ndeimhnítear agus go gcuirtear ar ais lena n-íoc iad gan mhoill. Eisítear íocaíochtaí de réir mar is gá chun íoc pras a chinntiú.

Ceapadh na rialúcháin seo chun neamhchloí ábhartha leis an Acht agus leis na Rialacháin a chosc chomh fada agus is féidir, cé nach féidir dearbhú iomlán a thabhairt.

Bhí trí íocaíocht dhéanacha ar luachanna os cionn €317 i rith 2014 agus rinne siad seo sárú lae amháin ar an dáta dlite íocaíochta ar an meán. Ba é luach na n-íocaíochtaí déanacha seo ná €13,819.05. Ar an iomlán, b'ionann íocaíochtaí déanacha agus 0.04% de luach iomlán na n-íocaíochtaí a bhí cumhdaithe ag an Acht, agus ús pionóis iomlán gaolmhar €3.22 i gceist.

Laura Burke
Ard-Stiúrthóir an GCC

A.4

RÁITIS AIRGEADAIS NA BLIANA DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2014

RÁITEAS UM FHREAGRACHTAÍ NA GNÍOMHAIREACHTA

De réir Alt 50(1) den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, ní mór don GCC ráitis airgeadais a ullmhú i bhfoirm a cheadódh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus an GCC ag ullmhú na ráiteas airgeadais sin, ní foláir di:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- breithiúnais a thabhairt agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh seachas má tá sé neamhoiriúnach talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an GCC ag feidhmiú;
- aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an GCC freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a nochtann le cruinneas réasúnta tráth ar bith staid airgeadais an GCC agus a chuireann ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 50 d'Acht an GCC. Tá an GCC freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus céimeanna réasúnta a ghlacadh le calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Laura Burke

Ard-Stiúrthóir
31/07/2015

Micheál Ó Cinnéide

Stiúrthóir

RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS 2014

1. Thar ceann Stiúrthóirí an GCC, aithním an chomhfhreagracht atá orainn as a chinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear go hinmheánach córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais maidir le cuntais an GCC a ullmhú agus gach dualgas reachtúil a bhaineann leis an GCC a chomhlíonadh.

2. Admhaíonn Stiúrthóirí an GCC freisin gur cinnteacht réasúnach amháin seachas cinnteacht iomlán is féidir a chur ar fáil maidir le córas na rialúcháin airgeadais inmheánacha go ndéantar na sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go ndéantar iad a bhrath go tráthúil. Cé go bhféadfadh éifeachtacht córais rialaithe inmheánaigh athrú de réir a chéile, déanann an GCC athbhreithniú agus nuashonrú ar a leithéid de chórais de réir mar is gá.

3. Príomhnósanna Imeachta chun Rialú Inmheánach Airgeadais Éifeachtach a Sholáthar

i) Tá bearta déanta ag Stiúrthóirí an GCC chun an timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú taobh istigh den GCC:

- Trí fhoilsiú Phlean Straitéiseach an GCC, 2013-2015 Obair le Dreamanna Eile chun Comhshaol Níos Fearr a Bhaint Amach. Leagann an Straitéis seo amach Fís, Spriocanna agus naoi dTosaíocht Straitéiseacha an GCC. Déantar monatóireacht ar chur i bhfeidhm na Straitéise agus cuirfear tuairiscí chuig Bord an GCC ina leith go tréimhsiúil.
- Clár oibre mionsonraithe a chomhaontú gach bliain agus monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh go míosúil ar dhul chun cinn in aghaidh an chláir oibre sin.
- Cruinnithe Boird a reáchtáil go rialta, lena n-áirítear cruinnithe bainistíochta míosúla ina mbíonn ceisteanna straitéiseacha ar nós Rialachas Corparáideach, Bainistíocht Airgeadais, Straitéis Chorparáideach agus gnóthaí foirne san áireamh sa Chlár Oibre.
- Sraith nósanna imeachta airgeadais a ghlacadh chun gnéithe airgeadais suntasacha a bhaineann le gnó an GCC a rialú agus iad seo a fhoilsiú i Lámhleabhar Airgeadais na foirne.
- Sceideal cuimsitheach ar shocruithe árachais a choimeád chun leasanna an GCC a chosaint.
- Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí a bhunú mar chuid d'athbhreithniú leanúnach córasach ar an timpeallacht rialaithe agus ar nósanna imeachta rialachais laistigh den GCC, maoirseacht a dhéanamh ar fheidhm na hIniúchóireachta Inmheánaí agus comhairle a chur ar an mBord maidir leis an gcaoi a bhfuil an fheidhm sin á cur i bhfeidhm agus á forbairt.
- Beartas agus Creat Bainistithe Riosca a bhunú agus a chur i bhfeidhm, Coiste Riosca agus Príomhoifigeach Riosca a cheapadh.
- Glacadh le Beartas chun monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar chloí le reachtaíocht chorparáideach.
- Freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir, feidhmeanna oiriúnacha a tharmligean, agus beartais agus nósanna imeachta uile an GCC a athbhreithniú agus a fhaomhadh.
- Cód Iompair Ghnó maidir le Stiúrthóirí agus Baill Foirne a ghlacadh chucu féin de réir na gceanglas sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.
- Cinntiú go gcomhlíontar ceanglais na nAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí agus Ailt 37 agus 38 d'Acht an GCC, 1992, a bhaineann le Leasanna a Dhearbhú agus a Nochtadh.

ii) Tá Beartas agus Struchtúir Bhainistíochta Riosca an GCC ag cloí leis an gCód Cleachtais athmheasta um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Bhí Príomhoifigeach Riosca ceaptha agus Coiste Riosca bunaithe sa GCC in 2011.

Tháinig an Coiste Riosca le chéile trí huaire in 2014. Críochnaíodh athbhreithniú ar rioscaí oifige in 2014 agus nuashonraíodh an Clár Rioscaí Uile-Oifige. Rinneadh an Clár Rioscaí Corparáideacha a nuashonrú chun na hathruithe a léiriú a cuireadh i bhfeidhm maidir le rioscaí agus maoluithe príomha. Leagtar amach ann freisin na príomhrioscaí a bhfuil ann dóibh don Ghníomhaireacht.

Déantar monatóireacht go rialta ar an gClár Rioscaí Oifige agus ar an gClár Rioscaí Corparáideacha agus déanann an Coiste Rioscaí athbhreithniú orthu. Déanann an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí agus Bord an GCC athbhreithniú bliantúil ar an gClár Rioscaí Corparáideacha. Cuireann gach Stiúrthóir ráitis dhearbhaithe ar fáil don Bhord go ráithiúil ag admháil freagrachta maidir le nuashonrú, monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach ar an gClár Rioscaí dá (h)oifig féin agus le cinntiú go gcuirtear an Beartas Bainistithe Rioscaí i bhfeidhm.

iii) Tá córas na rialuithe inmheánacha airgeadais bunaithe ar chreat oibre d'fhaisnéis bainistíochta rialta, ar chóras tarmligin agus cuntasachta, ar thacar nósanna imeachta airgeadais agus ar nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt na ndualgas. Áirítear leis go háirithe:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad bliantúil, a ndéanann an Bord Stiúrthóirí athbhreithniú agus faomhadh air.

- Buiséid agus údarás buiséadach agus freagracht as feidhmeanna sonracha a shannadh do bhainisteoirí áirithe. Tá Lámhleabhar Airgeadais i bhfeidhm, rud a leagann amach beartais agus nósanna imeachta maidir le saincheisteanna buiséid agus airgeadais.
- Údarás deiridh maidir le gach íocaíocht ar airgead an GCC, íoc na dtuarastal, na bpinsean, na gcreidiúnaithe, na gcostas, srl. (trí sheic nó trí ríomhaistriú airgid) a theorannú do Stiúrthóirí agus do thriúr Bainisteoirí Cláir ainmnithe.
- Na dualgais phróiseála maidir le hidirbhearta íocaíochta a leithscaradh in dhá chéim: (a) deimhniú go bhfuarthas earraí/seirbhísí agus go raibh tuarastail, pinsin agus speansais dlite, ag baill foirne a bhí freagrach as na hidirbhearta seo agus (b) ríomh an airgid iomláin atá dlite ag an Aonad Airgeadais, sula lorgaítear údarú íocaíochta.
- Déanfar agus rialófar socruithe maidir leis an gceannach go léir trí chóras agus nósanna imeachta bainistíochta airgeadais an GCC.
- Athbhreithniú rialta agus leanúnach ar íocaíochtaí a dhéanann an lucht bainistíochta sinsearach.
- Athbhreithniú rialta ag an mBord ar fhaisnéis agus ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla (lena n-áirítear faisnéis bhainistíochta airgeadais agus ceangaltais cheannaigh atá fíorthábhachtach), ina léirítear an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis na buiséid.
- Disciplíní bainistíochta tionscadal a chur chun feidhme maidir le cláir thógála agus mórthionscadail eile.
- Córas rialúcháin maidir le faomhadh iomlán conarthaí caipitil.
- Próiseas agus Nósanna Imeachta um Bainistíocht Sócmhainní a fhorbairt.
- Glacadh le agus nuashonrú tréimhsiúil ar Phlean Corparáideach Soláthair.

iv) Rinneadh staidéar ar na himpleachtaí airgeadais a bhaineann le rioscaí gnó tríd an bpróiseas foirmiúil chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí gnó agus maidir le Pleananna Iniúchóireachta Inmheánaí an GCC a ullmhú. Déantar iad seo a iniúchadh agus a mheasúnú a thuilleadh le cur i bhfeidhm céimnithe Phlean Iniúchóireachta Inmheánaí an GCC. Tá tacar cuimsitheach de Nósanna Imeachta Airgeadais curtha i bhfeidhm chun gnéithe airgeadais suntasacha a bhaineann le gnó an GCC a rialú lena n-áirítear teorainneacha ar údarú do cheannach/ chaiteachas.

v) Cathaoirleach seachtrach atá ar Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí an GCC chomh maith le lucht saineolais eile ón taobh amuigh (in ionad ionchur ó Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin) agus ionadaí sinsearach ón nGníomhaireacht féin. Tar éis don chumasc leis an IÉCR tarlú, méadaíodh ballra an CII go seachtar in 2014 agus cuireadh ball seachtrach eile leis, duine a bhfuil eolas aige ar rioscaí Cosanta Raideolaíche.

Cuireadh Plean Iniúchóireachta Inmheánaí an GCC le haghaidh 2014–2015 i bhfeidhm de réir a chéile i rith na bliana agus críochnaíodh iniúchtaí sna réimsí seo a leanas:

- Bainistíocht agus Rialachas Thionscadal Feabhsúcháin Líonta Talún Bhaile Chairdif; agus
- Gníomhaíochtaí Ceadúnaithe.

Críochnaíodh athbhreithniú Luacha ar Airgead (LAA) ar an gClár asfhoinsithe Monatóireachta Aeir agus cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Bhoird. Cuirfear an Tuarascáil faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí in 2015. Rinneadh an t-athbhreithniú LAA i gcomhréir leis an treoir a leagadh amach i Lámhleabhar LAA na Roinne Airgeadais.

Is iad an Coiste Iniúchóireachta agus Bord an GCC a dhéanann na Pleananna Feidhmithe le díriú ar mholtaí an iniúchta a fhaomhadh. Déantar athbhreithniú rialta ar an dul chun cinn atá á dhéanamh i gcur i bhfeidhm na mbeart atá i ngach aon cheann de Phleananna Feidhmithe na hIniúchóireachta Inmheánaí agus tugtar tuairisc don Choiste Iniúchóireachta agus do Bhord an GCC ina leith.

Forbraíodh an Plean Iniúchóireachta Inmheánaí le haghaidh na tréimhse 2015–2016 in 2014 agus rinneadh é a fhaomhadh i mí na Samhna 2014. Léirítear rioscaí ann a sonraíodh i gClár Rioscaí Corparáideacha an GCC, chomh maith le ceanglais an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus forbairtí/ ceisteanna maidir le Rialachas Corparáideach atá tagtha chun cinn san Earnáil Phoiblí i gcoitinne. Rinne an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí agus Bord an GCC an Plean Iniúchóireachta Inmheánaí seo a fhaomhadh.

4. Athbhreithniú Bliantúil ar na Rialuithe

Dearbhaím, i dteannta leis na hiniúchtaí inmheánacha a cuireadh i gcrích agus a ndéantar tagairt dóibh i mír 3 (v) thuas, gur shocraigh an GCC go ndéanfaí athbhreithniú neamhspleách foirmiúil, i mí an Mhárta 2013, ar chomhlíonadh an Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus ar na córais rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm sa GCC. Rinne saineolaithe seachtracha an t-athbhreithniú seo, athbhreithniú ina ndearnadh mionscrúdú ar rialachas, ar an mbainistíocht airgeadais agus ar an doiciméadúcháin rialaithe.

Fuarthas san athbhreithniú go n-infheistíonn an GCC i bpróisis Rialachais Chorparáidigh agus Rialaithe Inmheánaigh. Tugadh faoi deara go bhfuil Aonad

Rialachais Chorparáidigh lánaimseartha ag an GCC a bhfuil sé de fhreagracht air maoirseacht agus tuairisciú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar chomhlíonadh an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Sonraíodh san athbhreithniú freisin go bhfuil iliomad beartas agus nósanna imeachta ag an GCC a chumhdaíonn príomhréimsí an rialachais agus an rialaithe inmheánaigh. Rinneadh athbhreithniú ar bheartais agus tugadh faoi deara gur leor iad agus gur chloígh siad leis an dea-chleachtas i gcoitinne.

Tugadh faoi deara sa tuarascáil freisin go dtionóltar cruinnithe agus ceardlanna don lucht bainistíochta go minic a bhaineann leis an rialachas agus rialú inmheánach. Tugadh faoi deara freisin go bhfuil ardleibhéal feasachta ann maidir le riachtanas a bheith le córas láidir rialaithe ar fud na heagraíochta.

Seo a leanas conclúid fhoriomlán an athbhreithnithe:

- go bhfuil córas láidir maidir le Rialachas Corparáideach i bhfeidhm san GCC agus go gcloíonn an GCC go substaintiúil leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.
- go bhfuil an Rialachas Corparáideach forbartha go maith sa GCC nuair a chuirtear i gcomparáid í le gníomhaireachtaí stáit eile,
- gur leor an timpeallacht rialaithe sa GCC i gcoitinne, ach go bhfuil líon beag réimsí ann ar cheart feabhas a chur orthu.

Bhí Plean Feidhmithe faofa ag an mBord le díriú ar mholtaí an athbhreithnithe thuas chun an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a fheabhsú tuilleadh, agus rinneadh dul chun cinn leis faoi dheireadh 2014, agus díreofar ar na nithe atá fágtha in 2015 mar chuid de Chóras nua Airgeadais agus Modúl nua in CORE.

Dearbhaím freisin go ndearna Stiúrthóirí na Gníomhaireachta athbhreithniú ar chóras na rialúchán inmheánach sa GCC le haghaidh na tréimhse dar críoch 2014.

Sínithe thar ceann an Bhoird.



Laura Burke
Ard-Stiúrthóir
31 Iúil 2015

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE LENA CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014 faoin Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992. Is éard atá sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach iontu, ná na beartais chuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, ráiteas faoi ghnóthachain agus chaillteanais aitheanta iomlána, an clár comhardaithe, an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Rinneadh na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi Alt 50 den Acht, agus de réir an chleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis go ginearálta in Éirinn.

Freagrachtaí Bhaill na Gníomhaireachta

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú do dtugtar léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na Gníomhaireachta agus ar a hioncam agus a caiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Táim freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisciú a dhéanamh orthu de réir an dlí infheidhme.

Rinne mé iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainistíochta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit.

Rinneadh m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus de réir Chaighdeáin Iniúchóireachta Eiticiúla an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

Raon Feidhme na hIniúchóireachta ar na Ráitis Airgeadais

Is éard a bhíonn i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil maidir leis na méideanna agus nochtadh sna ráitis airgeadais, ionas gur féidir dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar earráid eile. Mar chuid den iniúchadh, déantar measúnú ar na nithe seo:

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca na Gníomhaireachta, ar cuireadh i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach iad agus ar nochtadh go sásúil iad
- réasúnacht na meastachán cuntasaíochta suntasach a rinneadh nuair a bhí na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht faisnéis a fháil freisin maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais i rith na hiniúchóireachta.

Ina theannta sin, léim Tuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta chun neamhréireachtaí ábhartha i leith na ráiteas airgeadais iniúchta a aithint. Breithním na himpleachtaí i leith mo thuarascála i gcás go gcuirfí ar an eolas mé maidir le haon mhíráitis nó neamhréireachtaí ábhartha.

Tuairim maidir leis na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh go cuí de réir cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis go ginearálta in Éirinn, léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na Gníomhaireachta an 31 Nollaig 2014 agus ar a hioncam agus a caiteachas don bhliain dar críoch an dáta sin.

Is é mo thuairim gur choinnigh an Ghníomhaireacht leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Ábhair ar a ndéanaim tuairisciú ar bhonn eisceachta

Déanaim tuairisciú ar bhonn eisceachta má tá aon cheann de na ráitis seo a leanas fíor:

- Ní bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaime chun críocha m'iniúchóireachta, nó
- tugadh faoi deara i m'iniúchadh aon teagmhas ábhartha nuair nár úsáideadh airgead le haghaidh na gcuspóirí a bhí beartaithe dó nó nuair nach raibh na hidirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis lena ndéantar iad a rialú, nó
- níl an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil bhliantúil na Gníomhaireachta ag teacht leis na ráitis airgeadais ghaolmhara, nó ní léiríonn an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais géilliúntas na Gníomhaireachta don Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- cinnim go bhfuil nithe ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach inar seoladh gnó poiblí.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis na nithe ar a ndéantar tuairisciú ar bhonn eisceachta.



Seamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
15 Lúnasa 2015

AN GHNÍOMHAIREACHT UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL

Beartais Chuntasaíochta

1 Nithe Ginearálta

Tar éis don athbhreithniú criticiúil a bheith críochnaithe, d'fhógair an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i nDeireadh Fómhair 2012 go ndéanfaí an GCC agus an IÉCR a chumasc. Déanann an tAcht um Chosaint Raideolaíoch (Forálach Ilghnéitheacha), 2014, foráil le haghaidh dhíscaoileadh an IÉCR agus aistriú a feidhmeanna, foirne, talún agus maoine eile, a ceart agus a dliteanas chuig an GCC. Cumascadh an GCC agus an IÉCR go foirmiúil ar 1 Lúnasa 2014.

Léiríonn na ráitis airgeadais oibríochtaí an GCC ar feadh iomlán na bliana 2014 agus oibríochtaí iar-chomhlacht an IÉCR ó 1 Lúnasa 2014 go dtí 31 Nollaig 2014.

Tá na Sócmhainní agus Dliteanais de chuid an IÉCR a aistríodh go dtí an GCC ar 1 Lúnasa 2014 leagtha amach thíos:

Glansócmhainní	**€'000**
Sócmhainní Seasta	478
Airgead ar Láimh agus sa Bhanc	891
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	298
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	(143)
Ioncam Roimh Ré	(465)
Deontas Caipitil Roimh Ré	(258)
Sócmhainní Maoinithe Pinsean Iarchurtha	26,778
Dliteanais Phinsin	(26,778)
Glanshócmhainní Aistrithe go dtí an GCC	**801**
Caipiteal agus Cúlchistí	
Cuntas Caipitil	478
Ioncam agus Caiteachas	323
Caipiteal agus Cúlchistí a aistríodh go dtí an GCC	**801**

2 Bonn Cuntasaíochta

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus ar shlí atá ceadaithe ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de réir Alt 50 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe, ach amháin mar a luaitear in 3 thíos, agus de réir cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis go ginearálta. Glactar le caighdeáin tuairiscithe airgeadais a mholann na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta de réir mar a thagann siad chun bheith infheidhmithe. Is é an t-aonad airgeadra ina n-ainmnítear na ráitis airgeadais ná an Euro.

3 Deontais Stáit

Is iad na figiúirí ioncaim atá ar taispeáint sna Ráitis Airgeadais faoi Dheontais Stáit na deontais iarbhír a fuarthas sa tréimhse chuntasaíochta.

4 Táillí Ceadúnais

Éilítear ar iarratasóirí ar cheadúnais chomhshaoil táille iomlán an iarratais ar cheadúnas a íoc nuair a dhéantar an t-iarratas. Cionroinntear na suimeanna a fhaightear don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais nuair a thugtar na céimeanna seo a leanas den phróiseas ceadúnaithe chun críche:

Ceadúnais um Chosc agus Rialú Comhtháite ar Thruailliú agus Ceadúnas Bainistithe Dramhaíola:

Iarratas	30%
Cinneadh Beartaithe	Ghlac 50%
Eisiúint Ceadúnais	20%

Ceadúnais Sceite Dramhuisce:

Iarratas	10%
Admháil an iarratais iomláin	40%
Cinneadh a Eisiúint faoi Cheadúnas	Ghlac 50%

Aithnítear táillí Ceadúnas Cosanta Raideolaíche mar ioncam i gcomhréir le téarmaí an cheadúnais. Tá táillí a fuarthas roimh ré ar taispeáint mar ioncam roimh ré.

5 An tAonad Trádála in Astúcháin a Mhaoiniú

Bunaíodh an tAonad Trádála in Astúcháin (ETU) laistigh den Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil in 2003. Aisíocann an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil costais riartha na scéime trádála astaíochtaí leis an GCC ó fháltais dhíol na liúntas, rud a íoctar go díreach leis an Roinn.

6 Íocaíochtaí um Dheontais Taighde

Glacann an GCC gealltanais ar láimh maidir le tionscadail taighde dá ndéantar maoiniú a bhronnadh. Gearrtar caiteachas i leith na dtionscadal taighde seo sna ráitis airgeadais ar bhonn na n-íocaíochtaí tosaigh a rinneadh ar shíniú dhámhachtain an deontais, ar bhonn na n-íocaíochtaí eatramhacha a d'fhéadfadh a bheith faoi réir ag feidhmíocht shásúil agus ar bhonn íocaíochtaí breise arna n-eisiúint ar ghlacadh agus ar fhíorú éileamh maidir le hobair a críochnaíodh. Gearrtar costais a thabhaíonn an GCC i bhfeidhmiú na gclár taighde sna ráitis airgeadais de réir mar a thabhaítear iad.

7 Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Luaitear sócmhainní seasta ag a gcostas lúide dímheas carntha. Cuimsíonn an costas costas measta diúscartha na bhfoinsí radaighníomhacha. Soláthraítear dímheas faoi mhodh an mhéid chothroim ag na rátaí atá luaite thíos a mheastar chun na sócmhainní a laghdú chuig a luachanna inréadaithe ag deireadh a saolré oibre ionchais:

Foirgnimh	2%
Troscán agus Feistis	10%
Trealamh Saotharlainne agus Allamuigh	15%
Trealamh	20%
Trealamh TF agus Ríomhaireachta	25%
Mótarfheithiclí	20%

Déantar dímheas ar fheabhsuithe léasacha i rith shaol an léasa.

8 Caipitliú Bogearraí a Forbraíodh go hInmheánach

Déantar caipitliú ar chostais sheachtracha na mbogearraí a fhorbraíonn an Ghníomhaireacht, áit ar féidir iad a aithint go leithleach mar bhogearraí ar féidir leis an GCC úsáid a bhaint astu agus áit a bhfuil súil go mbeidh buntáistí gnó ag eascairt astu ar feadh roinnt blianta amach anseo. Ní dhéantar na costais foirne inmheánaí a chaipitliú a bhaineann le bogearraí a fhorbairt le húsáid a bhaint astu go hinmheánach.

9 Maoiniú Caipitil

Comhlíontar sócmhainní seasta an GCC agus céimeanna chun cinn chun obair atá ar siúl, agus ceannachán sócmhainní, a mhaoiniú ó theaglaim de dheontais chaipitil, iasachtaí ceadaithe agus leithroinntí as ioncam reatha. Aistrítear maoiniú a thagann ó dheontais (lena n-áirítear iad sin a úsáidtear le hiasachtaí a aisíoc) chuig cuntas caipitil a amúchtar de réir dímheas na sócmhainní gaolmhara.

10 Stoic

Díscríobhtar gach stoc, lena n-áirítear stoic inchaite, sa bhliain ina gceannaítear iad.

11 Féichiúnaithe

Déantar foráil d'fhiacha amhrasacha, nuair atá sé sin ag teastáil, sna cuntais. Díscríobhtar drochfhiacha, de réir mar a thagann siad aníos, i gcoinne na forála sin.

12 Aoisliúntas

Feidhmíonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil scéimeanna pinsean a bhfuil sochar sainithe acu agus a mhaoinítear go bliantúil de réir mar a théitear ar aghaidh ó airgead atá ar fáil dó, lena n-áirítear airgead a sholáthraíonn an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, agus ó ranníocaíochta pinsin a bhaintear de thuarastail foirne.

Le héifeacht ó 1 Eanáir 2013, tá iontrálaithe nua ina mbaill de Scéim Aonair Pinsean na Seirbhíse Poiblí. Cuireann sí seo sochair athluacháilte meán gairme a bhaineann le tuilleamh ar fáil, agus iad athluacháilte i gcomhréir le méaduithe ar an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí. Déantar ranníocaíochtaí pinsean na foirne a asbhaintear maidir le Scéim Aonair Pinsean na Seirbhíse Poiblí a íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go míosúil.

Tá na baill a tháinig isteach inti roimh an dáta seo ina mbaill de scéim pinsin sochair shainithe atá bunaithe ar an tuarastal deiridh, agus na sochair/ranníocaíochtaí sainithe le tagairt do na rialacháin ar an "tsamhail" reatha scéim earnála poiblí.

Déantar fiachais na Scéime Pinsean a thomhas ar bhonn achtúireach agus modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid á úsáid.

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a bhíonn tuillte ag fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad mar ghlanmhéid ranníocaíochtaí pinsin foirne i gcás fostaithe a gcoinníonn an Ghníomhaireacht a ranníocaíochtaí. Glactar le méid a chomhfhreagraíonn don táille phinsin mar ioncam sa mhéid is gur féidir é a aisghabháil, agus go bhfuil sé clúdaithe ag deontais a fhaightear i rith na bliana chun íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a thagann ó athruithe ar thoimhdí Achtúireacha agus ó bharrachais agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas faoi Ghnóthachain agus Chaillteanais Aitheanta Iomlána don bhliain ina dtarlaíonn siad agus aithnítear ceartú comhfhreagrach sa mhéid is féidir a aisghabháil ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Tá dliteanais phinsin cothrom le luach reatha íocaíochtaí pinsin na todhchaí a thuill an fhoireann go dtí seo. Is éard atá i maoiniú pinsean iarchurtha ná an tsócmhainn chomhfhreagrach a dhéanfar a aisghabháil amach anseo ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

13 Soláthar le haghaidh Diúscairt Foinsí Radaighníomhacha

Tá roinnt foinsí radaighníomhacha ag an GCC, agus coinneofar cuid acu ar feadh roinnt blianta. Chuimsigh sé foráil le haghaidh costas diúscartha an ábhair sa bhliain ina bhfuair sé foinsí nua.

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS
LE HAGHAIDH NA BLIANA DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2014

		2014	2013
Ioncam	**Nóta**	**€'000**	**€'000**
Deontais Stáit	**1**	44,478	41,496
Costais Aisghafa maidir le Trádáil ina Astúcháin	**2(a)**	1,265	947
Seirbhísí Eile		38	35
Ioncam ó Shaotharlanna Réigiúnacha		1,045	1,104
Ioncam ó Ghníomhaíochtaí Raideolaíocha	**3**	472	0
Gníomhaíochtaí Ceadúnaithe	**4**	1,915	1,547
Gníomhaíochtaí Forfheidhmithe	**5**	7,695	7,486
Fáltais Ilghnéitheacha	**6**	185	53
Glanmhaoiniú Iarchurtha i gcomhair Pinsean	**24(c)**	7,232	6,836
		64,325	**59,504**
Caiteachas			
Tuarastail agus ÁSPC	**7**	20,663	19,020
Costais Phinsean	**24(a)**	9,104	8,464
Speansais Taistil	**8**	1,459	1,284
Costais Saotharlainne agus Allamuigh	**9**	1,798	1,432
Costais Chóiríochta	**10**	1,908	1,465
Costais Riaracháin Eile	**11**	7,363	6,463
Sainchomhairleoirí	**12**	126	53
Conraitheoirí, Deontais agus Soláthraithe Seirbhíse Seachtracha	**13**	9,602	8,160
Taighde Comhshaoil	**14**	8,220	8,794
Dímheas	**19**	3,764	3,310
		64,007	**58,445**
Aistriú go dtí/(ón) gCuntas Caipitil	**15**	376	(408)
		64,383	**58,037**
(Easnamh)/Barrachas Oibriúcháin		(58)	1,467
(Barrachas)/Easnamh ar Dhiúscairt Sócmhainní		11	(42)
(Easnamh)/Barrachas roimh Ús		**(47)**	**1,425**
Ús Faighte	**16**	9	52
Ús Iníoctha agus Muirir Chomhchosúla	**17**	(18)	(39)
(Easnamh)/Barrachas don Bhliain		**(56)**	**1,438**
Barrachas amhail an 1 Eanáir		1,738	300
Barrachas a Aistríodh ón IÉCR		323	0
Barrachas amhail an 31 Nollaig		**2,005**	**1,738**

Baineann torthaí na bliana le hoibríochtaí leanúnacha. Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an ráiteas faoi na beartais chuntasaíochta
agus an ráiteas faoi shreabhadh airgid, chomh maith le nótaí 1 go 29.

Laura Burke
Ard-Stiúrthóir
Dáta sínithe: 31/07/2015

Micheál Ó Cinnéide
Stiúrthóir

RÁITEAS NA NGNÓTHACHAN AGUS NA GCAILLTEANAS AITHEANTA IOMLÁN LE HAGHAIDH NA BLIANA DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2014

	Nóta	2014 €'000	2013 €'000
(Easnamh)/Barrachas don Bhliain		**(56)**	**1,438**
Gnóthachain ó thaithí ar dhliteanais na scéime pinsean	**24(b)**	427	6,487)
Athruithe ar an mbonn tuisceana maidir le luach reatha dhliteanais na scéime pinsean	**24(b)**	(19,466)	0
Aistriú isteach sa Scéim – Dliteanas an IÉCR glactha	**24(b)**	(26,778)	0
Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach ar Dhliteanais Phinsin		**(45,817)**	**6,487**
Coigeartú ar Mhaoiniú Pinsean Iarchurtha		45,817	(6,487)
Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána don Bhliain		**(56)**	**1,438**

Baineann torthaí na bliana le hoibríochtaí leanúnacha.

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an ráiteas faoi na beartais chuntasaíochta agus an ráiteas faoi shreabhadh airgid, chomh maith le nótaí 1 go 29.



Laura Burke
Ard-Stiúrthóir

Micheál Ó Cinnéide
Stiúrthóir

Dáta sínithe: 31/07/2015

Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2014

	Nóta	2014 €'000	2013 €'000
Sócmhainní Seasta	**19**	**36,964**	**35,973**
Sócmhainní Reatha			
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	**20**	928	741
Airgead ar Láimh agus sa Bhanc	**21**	12,318	10,712
		13,246	**11,453**
Lúide Dliteanais Reatha			
Creidiúnaithe (Suimeanna a thiocfaidh chun bheith dlite laistigh de bhliain amháin)	**22(a)**	(11,509)	(9,796)
Glansócmhainní / (Glandliteanais) Reatha		**1,737**	**1,657**
Creidiúnaithe (Suimeanna le híoc tar éis breis agus bliain amháin)	**22(b)**	(626)	(934)
Sócmhainní Iomlána lúide Fiachais Reatha roimh Phinsin		**38,075**	**36,696**
Dliteanais Phinsin	**24(b)**	176,246	123,197
Maoiniú Pinsean Iarchurtha	**24(c)**	(176,246)	(123,197)
		0	**0**
Glansócmhainní Iomlána		**38,075**	**36,696**
Arb ionann iad agus :			
Cuntas Caipitil	**15**	**36,070**	**34,958**
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		**2,005**	**1,738**
		38,075	**36,696**

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an ráiteas faoi na beartais chuntasaíochta agus an ráiteas faoi shreabhadh airgid, chomh maith le nótaí 1 go 29.





Laura Burke
Ard-Stiúrthóir

Micheál Ó Cinnéide
Stiúrthóir

Dáta sínithe: 31/07/2015

RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID LE HAGHAIDH NA BLIANA DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2014

	Nóta	2014 €'000	2013 €'000
Réiteach an Bharrachais go hAirgead Glan			
Insreabhadh ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
(Barrachas)/Easnamh na Bliana		(56)	1,438
Ús Faighte	**16**	(9)	(52)
Ús Íoctha	**17**	18	39
(Barrachas)/Easnamh ar Dhiúscairt Sócmhainní		(11)	42
Aistriú go dtí/(ón) gCuntas Caipitil	**15**	376	(408)
Muirear dímheasa don bhliain	**19**	3,764	3,310
(Méadú)/Laghdú ar Fhéichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí		(76)	480
Méadú/(Laghdú) ar Chreidiúnaithe (seachas Creidiúnaithe Iasachta)		1,105	(1,796)
Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		**5,111**	**3,053**
Ráiteas Faoi Shreabhadh Airgid			
Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		**5,111**	**3,053**
Torthaí ar infheistíochtaí agus seirbhísiú airgeadais			
Ús Bainc a Fuarthas	**16**	9	52
Ús Bainc Íoctha	**17**	(18)	(39)
Iarmhéideanna Bainc a Aistríodh ón IÉCR		891	0
Gníomhaíochtaí infheistithe			
Fáltais ó dhiúscairt sócmhainní seasta		11	26
Íocaíochtaí le sócmhainní seasta a shealbhú		(4,090)	(2,674)
Glan-Insreabhadh Airgid Roimh Mhaoiniú		**1,914**	**418**
Maoiniú			
Aisíocaíochtaí ar Iasachtaí um Shócmhainní Seasta		(308)	(296)
Méadú in Airgead		**1,606**	**122**
Réiteach ar ghlansreabhadh airgid chuig gluaiseacht in iarmhéideanna airgid			
Méadú in airgid tirim sa bhliain		1,606	122
Cistí amhail an 1 Eanáir		10,712	10,590
Cistí amhail an 31 Nollaig		**12,318**	**10,712**

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an ráiteas faoi na beartais chuntasaíochta agus nótaí 1 go 29.





Laura Burke
Ard-Stiúrthóir

Micheál Ó Cinnéide
Stiúrthóir

Dáta sínithe: 31/07/2015

NÓTAÍ AG GABHÁIL LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

1 Deontais Stáit			2014 €'000	2013 €'000
Deontais ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil:				
Deontais ó Vóta na Roinne	Reatha	Fo-Cheannteidil C3 agus C4.	15,203	13,758
	Caipiteal	Fo-Cheannteidil C3, C4 agus C7.	4,723	3,708
	Cláir Eile	Fo-Cheannteideal B3.	6,634	4,811
			26,560	**22,277**
Deontais ón gCiste Comhshaoil	Neamhphá		4,918	5,096
	Taighde		8,480	8,800
	Cláir Eile		4,520	5,323
			17,918	**19,219**
Iomlán na nDeontas ón Stát			**44,478**	**41,496**

Is leithroinnt shonrach é an Ciste Taighde faoi chomhair chostas Taighde Comhshaoil. Caitheadh €8.263M ar na gníomhaíochtaí taighde seo in 2014 (2013: €8.794M).

2 Gníomhaíochtaí an Aonaid Trádála in Astúcháin (ETU)	€'000	€'000
(a) Costas an Aonaid Trádála in Astúcháin		
Táillí Cláraithe Oibreoirí Trádála in Astúcháin, srl.	4	33
Costais le haisghabháil ó Chistí Ceantála, srl.	1,261	914
Maoiniú Iomlán Chostais an ETU	**1,265**	**947**

(b) Achoimre ar Chistí an Aonaid Trádála in Astúcháin:	€'000	€'000
Táillí Oibreoirí ETU a Fuarthas	4	28
Ús Bainc a Fuarthas	0	11
Táillí Eitlíochta a Fuarthas	0	5
Iomlán na gCistí a Gineadh	4	44
Cistí Tugtha ar Aghaidh	325	2,987
Cistí a aisíocadh leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	0	(2,987)
Cistí a fuarthas ón Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil	1,131	1,228
Costais Iomlána ATA na Bliana Reatha aisghafa	(1,265)	(947)
Iarmhéid Chistí an ATA atá Tugtha ar Aghaidh (féach Nóta 22(a)).	**195**	**325**

Sna blianta roimhe seo, rinne an GCC liúntais trádála in astúcháin a dhíol ar an margadh. Le héifeacht ó 1 Eanáir 2013 ar aghaidh, beidh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil freagrach as a leithéid de liúntais a dhíol, nuair a chuirfear ar ceant iad ar leibhéal an AE, agus íocfar an t-airgead ón díolachán go díreach leis an Roinn. Ó 2013 ar aghaidh, aisíocfaidh an Roinn costais oibriúcháin an ATA chuig an GCC ón airgead a fhaightear ó liúntais a dhíol go leanúnach.

3 Ioncam ó Ghníomhaíochtaí Raideolaíocha	€'000
Seirbhís Chalabrúcháin	16
Seirbhís Tomhaiste Radóin	48
Seirbhís Mhonatóireachta Radóin	89
Táillí Ceadúnais	316
Ioncam Ilghnéitheach/Conartha	3
Ioncam Iomlán ó Ghníomhaíochtaí Raideolaíocha	**472**

4 Gníomhaíochtaí Ceadúnaithe - CRCT, Dramhaíl agus an CTU	2014 €'000	2013 €'000
Táillí Ceadúnais réamhíoctha amhail an 1 Eanáir	4,326	5,283
Táillí a Fuarthas	387	590
Táillí Ceadúnais réamhíoctha ar 31 Nollaig (féach Nóta 22 (a))	(2,798)	(4,326)
Méid curtha chun sochair don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais	**1,915**	**1,547**

Ceadúnú: Cosc agus Rialú Comhtháite ar Thruailliú (CRCT) agus Dramhaíl

Faoi Alt 83 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 tá an GCC freagrach as ceadúnú a dhéanamh ar phróisis thionsclaíocha mhóra/chasta nó eile a bhféadfadh truailliú mór tarlú dá mbarr. Faoi Alt 40 den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 tá an GCC freagrach as ceadúnú a dhéanamh ar gach mórghníomhaíocht aisghabhála dramhaíola agus diúscartha atá á bhfeidhmiú ag na húdaráis áitiúla agus ag fiontair phríobháideacha.

Ceadúnú: Scaradh Dramhuisce (CTU)

Déantar foráil leis na Rialacháin um Scaradh Dramhuisce (Údarú) 2007 chun scaradh dramhuisce na n-údarás áitiúil a cheadúnú. Ní mór ceadúnas a fháil ón GCC i gcás scartha ó cheantair a fhreastalaíonn ar choibhéis áitritheora de breis is 500. Ní mór ceantair a fhreastalaíonn ar choibhéis áitritheora de níos lú ná 500 a bheith deimhnithe ag an GCC.

Is as táillí a ghearrtar maidir le próiseáil iarratas ar cheadúnais den sórt sin a fhaigheann an GCC a hioncam ceadúnaithe.

5 Gníomhaíochtaí Forfheidhmithe - CRCT agus Dramhaíl	2014 €'000	2013 €'000
Muirir Fhorfheidhmithe ar gearradh sonrasc orthu	7,576	7,317
Ioncam Forfheidhmithe ó Ionchúisimh	119	169
Ioncam Iomlán ó Ghníomhaíochtaí Forfheidhmithe	**7,695**	**7,486**

Faoi Alt 96 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 tá an GCC freagrach as ceadúnú a dhéanamh ar phróisis thionsclaíocha mhóra/chasta nó eile a bhféadfadh truailliú mór tarlú dá mbarr.

Faoi Alt 15 den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 tá an GCC freagrach as ceadúnú a dhéanamh ar gach mórghníomhaíocht aisghabhála dramhaíola agus diúscartha atá á bhfeidhmiú ag na húdaráis áitiúla agus ag fiontair phríobháideacha.

Faoi na Rialacháin um Scaradh Dramhuisce (Údarú) 2007, tá an GCC freagrach as scaradh dramhuisce a rialú.

Is as táillí a ghearrtar maidir leis an obair forfheidhmithe seo a fhaigheann an GCC a ioncam forfheidhmithe.

6 Fáltais Ilghnéitheacha	2014 €'000	2013 €'000
Díol foilseachán	0	1
Ilghnéitheach	185	52
	185	**53**

7 Tuarastail agus ÁSPC na Foirne	€'000	€'000
Tuarastail	19,011	17,509
ÁSPC Fostóirí	1,652	1,511
Costais Iomlána Tuarastal	**20,663**	**19,020**

Cuimsíonn an costas iomlán tuarastail €20,663K atá ar taispeáint thuas fabhrú €660K (Tuarastail €596K, ÁSPC Fostóirí €64K) maidir le teidlíochtaí saoire bliantúla carnacha foirne.

Seo a leanas líon na bhfostaithe amhail an 31 Nollaig:

	Ceanncheathrú	141	137
Cigireachtaí Réigiúnacha:	Caisleán an Bharraigh	27	28
	Corcaigh	41	43
	Baile Átha Cliath	121	73
	Cill Chainnigh	20	19
	Muineachán	12	12
	Oifigí Réigiúnacha	4	4
		366	**316**

Aistríodh 46 ball foirne an IÉCR ón IÉCR go dtí an GCC ar 1 Lúnasa 2014. B'ionann costais tuarastail na mball foirne seo le haghaidh na tréimhse ó 1 Lúnasa 2014 go dtí 31 Nollaig 2014 agus €1,126K (Tuarastail €1,067K, ÁSPC Fostóirí €59K).

Pacáiste Luach Saothair an Ard-Stiúrthóra agus Táillí na Stiúrthóirí

Fuair an tArd-Stiúrthóir tuarastal €153,162 in 2014 (2013 - €158,813) agus tá sí i dteideal pinsean a fháil freisin ag teacht le gnáth-theidlíochtaí Scéim Aoisliúntais Foirne na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (Ard-Stiúrthóir agus Stiúrthóir), 1996. D'fhaomh an tAire an scéim seo, scéim atá i ndáil le gnáth-theidlíochtaí na scéimeanna sochar sainithe comhchosúla san Earnáil Phoiblí.

Is Stiúrthóirí feidhmiúcháin lánaimseartha iad Stiúrthóirí na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil. Íoctar tuarastal cuimsitheach leo agus dá bharr sin ní íoctar aon táillí Stiúrthóirí leo.

Níl aon scéim íocaíochta bunaithe ar fheidhmíocht do phoist Ard-Stiúrthóir nó Stiúrthóir na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil agus mar sin ní dhearnadh aon íocaíochtaí bunaithe ar fheidhmíocht.

Tobhach Pinsin

In 2014 asbhaineadh tobhach pinsin €1.208M (2013: €1.197M) agus íocadh é leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

8 Speansais Taistil	2014 €'000	2013 €'000
Taisteal agus Cothú	1,311	1,119
Speansais Mhótarfheithiclí	162	178
Aisíocaíochtaí Taistil	(14)	(13)
	1,459	**1,284**

Speansais Chomhaltaí an Bhoird

Aisíoctar costais taistil agus bia a thabhaítear nuair a bhítear ag freastal ar chruinnithe Boird ar na rátaí a bhaineann leis an Státseirbhís. B'ionann na speansais a íocadh le Stiúrthóirí as freastal ar chruinnithe an Bhoird in 2014 agus €2,759, agus é miondealaithe mar €1,866 ar mhíleáiste, €543 ar bhia agus €350 ar chostais eile. Ba é an t-iomlán in 2013 ná €2,574 (€1,564 ar mhíleáiste, €910 ar bhia agus €100 ar chostais eile).

Costais Forbartha agus Oiliúna Foirne

Suim €108,127 (2013: Tá €102,418) maidir le costais taistil san áireamh faoi fhorbairt foirne agus costais oiliúna ag Nóta 11.

9 Costais Saotharlainne agus Allamuigh	2014 €'000	2013 €'000
Speansais Saotharlainne agus Allamuigh	1,373	1,145
Deisiúcháin ar Threalamh agus Cothabháil	412	276
Éadaí Cosanta	13	11
	1,798	**1,432**

10 Costais Chóiríochta	€'000	€'000
Cíos agus Rátaí	623	260
Cumhacht, Solas agus Téamh, Glantóireacht	654	569
Deisiúcháin, Cothabháil, Slándáil	631	636
	1,908	**1,465**

11 Costais Riaracháin Eile	2014 €'000	2013 €'000
Teileafón agus Postas	313	289
Cló Foilseachán agus Soláthairtí Stáiseanóireachta	291	235
Árachas	157	150
Muirir Ríomhairí agus Próiseála Sonraí	3,758	3,666
Táillí Iniúchóireachta	16	15
Rialachas Corparáideach agus Costais Iniúchóireachta Inmheánaí	40	49
Táillí Dlí	1,594	983
Ceapachán Foirne agus costais ghaolmhara eile	42	49
Ús agus Muirir Bhainc	8	6
Leabhair, Tréimhseacháin, agus Leabharlann	30	43
Costais Forbartha agus Oiliúna Foirne	598	486
Fógraíocht	81	136
Cumarsáid	306	276
Ilghnéithigh	129	80
	7,363	**6,463**

12 Costais Sainchomhairliúcháin	€'000	€'000
Sainchomhairleoirí	126	53
	126	**53**

Seo a leanas gníomhaíochtaí an chláir oibre inar baineadh úsáid as na comhairleachtaí seo:	€'000	€'000
Forfheidhmiú i Leith Cúrsaí Comhshaoil	0	38
An tAonad Trádála in Astúcháin	67	0
Cumarsáid agus Seirbhísí Corparáideacha	59	14
Aeráid, Ceadúnú agus Úsáid Acmhainní	0	1
	126	**53**

13 Conraitheoirí, Deontais agus Soláthraithe Seirbhíse Seachtracha	€'000	€'000
Conraitheoirí	3,360	4,007
Deontais	4,148	2,973
Soláthraithe Seirbhísí Corparáideacha	2,094	1,180
	9,602	**8,160**

Seo a leanas na príomhréimsí oibre inar tabhaíodh costais faoin gceannteideal seo:	€'000	€'000
Cumarsáid agus Seirbhísí Corparáideacha	687	322
An Clár um Monatóireacht agus Measúnú ar Chaighdeán an Uisce (WFD)	2,386	1,691
Forfheidhmiú i Leith Cúrsaí Comhshaoil	3,326	2,626
An Clár Náisiúnta um Chosc Dramhaíola	2,265	2,996
Measúnú Comhshaoil	419	334
An tAonad Trádála in Astúcháin	126	46
Aeráid, Ceadúnú agus Úsáid Acmhainní	303	145
Cosaint Raideolaíoch	90	0
	9,602	**8,160**

Ó 2013, tá bainistíocht déanta ag an GCC i gcomhar le Comhairle Contae na Gaillimhe ar láithreán Líonta Talún na Gaillimhe Thiar, tar éis leachtú chuideachta oibriúcháin Greenstar. Tá íocaíochtaí deontais €1,618K (2013: €838K) a rinneadh le Comhairle Contae na Gaillimhe chun an ghníomhaíocht seo a mhaoiniú san áireamh sna figiúirí maidir le Forfheidhmiú Comhshaoil thuas.

14 Taighde Comhshaoil	2014 €'000	2013 €'000
Clár Taighde an GCC	8,263	8,901
Ioncam Taighde Cómhaoinithe	(43)	(107)
Íocaíochtaí maidir leis an gClár Taighde	**8,220**	**8,794**

Seoladh clár reatha an GCC maidir le taighde comhshaoil in 2014. Tá sé á mhaoiniú tríd an gCiste Comhshaoil. Tá sé d'aidhm ag an gclár taighde an taighde a mhaoiniú ina ndíreofar ar na príomhcheisteanna bainistíochta comhshaoil, a chosnóidh agus a fheabhsóidh an comhshaol nádúrtha ar deireadh thiar thall.

Cuimsíonn caiteachas Chlár Taighde an GCC in 2014 ar luach €8.263M Íocaíochtaí Deontais €7.533M in éineacht le costais feidhmithe agus gníomhaíochta €730K.

Ar 31 Nollaig 2014, b'ionann na gealltanais a bhí déanta ach nach raibh gearrtha go fóill ar na ráitis airgeadais maidir le tionscadail taighde, b'ionann iad agus €17.445M (2013: €16.063M) leis an miondealú seo a leanas:

	2014 €'000	2013 €'000
Gealltanais Deontais le híoc amhail an 1 Eanáir	16,063	19,491
Deontais a Ceadaíodh le linn na bliana	10,963	5,583
Deontais Dídhílsithe le linn na bliana	(1,851)	(830)
Íocaíochtaí Deontais a rinneadh sa bhliain	(7,730)	(8,181)
Gealltanais le híoc amhail an 31 Nollaig	**17,445**	**16,063**

Níl costais feidhmiúcháin an GCC maidir leis na Cláir thaighde san áireamh sna figiúirí seo.

15 Cuntas Caipitil		€'000	€'000
Ar 1 Eanáir 2014			**34,958**
Móide: Cuntas Caipitil a Aistríodh ón IÉCR			**478**
Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais			
Ioncam Leithdháilte chun críche Caipitil	- Breiseanna Sócmhainní Seasta	3,792	
	- Chun Breiseanna Amach Anseo a Mhaoiniú	40	
	- Iasachtaí a Aisíoc	308	
		4,140	
Lúide:			
Diúscairtí		183	
Lúide dímheas roimhe sin ar dhiúscairtí		(183)	
		0	
Muirear dímheasa don bhliain		3,764	
Aistriú glan ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais			376
Aistriú ón Deontas Caipitil Roimh Ré (Nóta 23).			258
Ar 31 Nollaig 2014			**36,070**

Ar 31 Nollaig 2014, cuimsíonn iarmhéid an Chuntais Chaipitil €57,000 (2013: €244,000) maidir le réamhíocaíochtaí ar shócmhainní seasta (féach Nóta 20 – Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí).

16 Ús Faighte	2014 €'000	2013 €'000
Ús Iomlán ar Thaiscí Bainc a Fuarthas	9	63
Lúide Ús ar Thaiscí Saothraithe ar Chistí ETU san áireamh i gCistí Iomlána Ginte an ETU ag Nóta 2(b) thuas	0	(11)
Ús Bainc ar Thaiscí Saothraithe ar Chistí an GCC	**9**	**52**

17 Ús Iníoctha agus Muirir Chomhchosúla	2014 €'000	2013 €'000
Iasachtaí Bainc iníoctha le Tráthchodanna - Morgáiste ar fhoirgneamh na Ceanncheathrún	**18**	**39**

18 Cánachas

Tá an GCC díolmhaithe go sonrach faoi fhorálacha Alt 32, agus Sceideal 2, den Acht Airgeadais, 1994. Dá réir sin, níl aon mhuirir chánachais curtha san áireamh sna cuntais.

19 Sócmhainní Seasta

Costas	Iomlán €'000	Foirgnimh €'000	Troscán & Feistis €'000	Trealamh TF agus CE €'000	Trealamh Saotharlainne agus Allamuigh €'000	Mótarfheithiclí €'000
Amhail ar 1 Eanáir 2014	58,875	38,540	3,010	8,392	7,821	1,112
Sócmhainní a Aistríodh ón IÉCR	6,184	2,114	788	1,181	2,101	0
Aistriú	227	0	40	187	0	0
Breiseanna	4,050	146	65	2,841	832	166
Diúscairtí	(183)	0	(8)	(42)	(56)	(77)
Ar 31 Nollaig 2014	**69,153**	**40,800**	**3,895**	**12,559**	**10,698**	**1,201**
Dímheas						
Ar 1 Eanáir 2014	**22,902**	**7,633**	**2,431**	**5,153**	**6,795**	**890**
Ar Shócmhainní a Aistríodh ón IÉCR	5,706	1,881	751	1,095	1,979	0
Muirear don Bhliain	3,764	775	200	2,119	554	116
Ar Dhiúscairtí	(183)	0	(8)	(42)	(56)	(77)
Ar 31 Nollaig 2014	**32,189**	**10,289**	**3,374**	**8,325**	**9,272**	**929**
Glanluach de Réir na Leabhar						
Ar 31 Nollaig 2014	**36,964**	**30,511**	**521**	**4,234**	**1,426**	**272**
Amhail an 31 Nollaig 2013	**35,973**	**30,907**	**579**	**3,239**	**1,026**	**222**

Tógadh ceanncheathrú don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) san áit a bhfuil Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman, ar shuíomh a bhfuil a theideal dílsithe i dTeagasc. In 2013, tugadh chun críche ag an GCC léas fadtéarmach an láithreáin seo ó Teagasc. Thóg Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) foirgneamh na ceanncheathrún agus mhaoinigh sí an tógáil le hiasacht tráchtála. Maoiníonn an GCC na haisíocaíochtaí bliantúla a dhéanann an OPW. Cuirtear an ghné úis de na haisíocaíochtaí a chlúdaíonn an GCC san áireamh don bhliain ina dtagann sí chun cinn.

Tá an tsócmhainn agus na socruithe maoinithe lena mbaineann taifeadta i leabhair an GCC le substaint na n-idirbheart bunúsach a léiriú.

Tógadh foirgneamh do chigireacht réigiúnach an GCC ag Lóiste Sevilla, Cill Chainnigh ag Oifig na nOibreacha Poiblí, ar láithreán a fuarthas don GCC. Tá aistriú dlíthiúil an láithreáin chuig an GCC á phróiseáil ag OOP trí Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit.

In 2014, rinne an GCC caipitliú ar €1.377M (2013: €1.285M) i leith an chostais sheachtraigh a bhain le bogearraí a fhorbairt le haghaidh úsáid inmheánach. Tá sé seo ag teacht lenár mBeartas Cuntasaíochta maidir le *Caipitliú Bogearraí a Forbraíodh go hInmheánach*.

20 Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	2014 €'000	2013 €'000
Féichiúnaithe	871	497
Réamhíocaíochtaí i leith Sócmhainní Seasta	57	244
	928	**741**

Réamhíocaíochtaí i leith Sócmhainní Seasta:

Ar 31 Nollaig 2014, bhí réamhíocaíochtaí ar luach iomlán €57,000 (2013: €244,000) déanta mar atá leagtha amach thíos. Tá na réamhíocaíochtaí seo curtha san áireamh sna suimeanna a aistríodh ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais chuig an gCuntas Caipitil.

Réamhíocaíochtaí le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW)

Ag deireadh 2012, bhí réamhíocaíochtaí €21,130 i seilbh OOP i leith mionoibreacha caipitil agus troscáin. In 2013, íocadh €4,170 den tsuim seo le líon beag soláthraithe le haghaidh troscáin agus aistríodh an tsuim seo chuig Sócmhainní Seasta.

I Nollaig 2013, rinneadh réamhíocaíocht €40,000 le OOP as troscán. Íocadh seo le soláthraithe in 2014 agus aistríodh é go Sócmhainní Seasta. I Nollaig 2014, rinneadh réamhíocaíocht €40,000 le OOP as dallóga fuinneoige.

Réamhíocaíochtaí i leith Sócmhainní Seasta eile

In 2013, d'íoc an GCC €86,727 leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil mar ranníocaíocht le haghaidh costais ceadúnaithe agus forfheidhmithe Chóras Párolla agus Aoisliúntais AD CORE. Bhí sé seo in éineacht leis an €100,000 a íocadh in 2012.

Cuireadh gnéithe suntasacha de chóras AD CORE i bhfeidhm in 2014 agus bhí an €186,727 aistrithe go Sócmhainní Seasta in 2014.

Tagann an t-airgead go léir ó fhéichiúnaithe chun bheith dlite laistigh de bhliain amháin.

21 Airgead ar Láimh agus sa Bhanc	**2014 €'000**	**2013 €'000**
Airgead Tirim agus Iarmhéideanna Bainc	**12,318**	**10,712**

Is ionann ioncam ceadúnaithe réamhíoctha (féach Nóta 4) agus €2.798M (2013: €4.326M) de na hiarmhéideanna bainc ar dháta an chláir comhardaithe.

22 Creidiúnaithe agus Fabhruithe	**€'000**	**€'000**
(a) Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin:		
Táillí Ceadúnais (féach Nóta 4)	2,798	4,326
Táillí Réamhíoctha Ceadúnais um Chosaint Raideolaíoch	533	0
Cistí an ATA ar Láimh (féach Nóta 2(b))	195	325
Trádáil agus Speansais Eile	7,657	4,819
Tráthchodanna dlite ar cheannach Sócmhainní Seasta	326	326
	11,509	**9,796**
Tá na suimeanna seo a leanas atá dlite do na Coimisinéirí Ioncaim san áireamh i dTrádáil agus Speansais Eile thuas		
Cáin Shiarchoinneálach i leith Seirbhísí Gairmiúla	460	404
ÍMAT/ÁSPC/MSU	597	530
CBL	146	122
Cáin Chonarthaí Iomchuí	0	0
	1,203	**1,056**
(b) Méideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin:		
Tráthchodanna dlite ar cheannach Sócmhainní Seasta	**626**	**934**

23 Deontas Caipitil Roimh Ré	**€'000**	**€'000**
Is ionann seo agus Deontais Chaipitil a fuarthas maidir le tionscadail nár críochnaíodh i rith na bliana:		
Iarmhéid Tosaigh ar 1 Lúnasa a aistríodh ón IÉCR	258	
Aistriú (go dtí)/ón gCuntas Caipitil (Nóta 15)	(258)	
Iarmhéid Deiridh ar 31 Nollaig	**0**	

24 Costais Phinsin

(a) Anailís ar iomlán na gcostas pinsin gearrtha ar Chaiteachas	2014 €'000	2013 €'000
Costas Seirbhíse Reatha	4,933	4,636
Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsin	5,113	4,729
Ranníocaíochtaí Fostaithe Faighte	(942)	(901)
	9,104	**8,464**

(b) Gluaiseacht sa Ghlandliteanas Pinsin le linn na bliana airgeadais	€'000	€'000
Glandliteanas Pinsin amhail an 1 Eanáir	123,197	122,848
Dliteanas ar glacadh leis maidir le scéim pinsin an IÉCR ar 1 Lúnasa 2014	26,778	0
Costas Seirbhíse Reatha	4,933	4,636
Costais Úis	5,113	4,729
(Gnóthachan)/Caillteanas Achtúireach	19,039	(6,487)
Pinsin a íocadh sa bhliain	(2,814)	(2,529)
Glandliteanas Pinsin amhail an 31 Nollaig	**176,246**	**123,197**

(c) Cistiú Iarchurtha do Phinsin

Aithníonn an GCC gur sócmhainní a fhreagraíonn do dhliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh pinsean atá sna suimeanna sin ar bhonn na mbonn tuisceana a ndéantar cur síos orthu thíos agus roinnt teagmhas san am atá thart. Ar na himeachtaí seo tá an bonn reachtúil um bunú na scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i ndáil le maoiniú pinsean na seirbhíse poiblí, lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostaithe agus an próiseas bliantúil meastachán. Níl aon fhianaise ag an GCC nach leanfaidh leis an mbeartas maoinithe sin suimeanna den chineál sin a chlúdach i gcomhréir le cleachtas reatha.

Ba é seo a leanas an Glanmhaoiniú Iarchurtha i gcomhair Pinsean a aithníodh sna Cuntais Ioncaim agus Caiteachais:

	2014 €'000	2013 €'000
Maoiniú In-aisghabhála maidir le costais phinsin na bliana reatha	10,046	9,365
Deontas Stáit ar baineadh leas astu chun pinsinéirí a íoc	(2,814)	(2,529)
	7,232	**6,836**

Bhí €176.246M (2013 €123.197M) sa tsócmhainn mhaoiniúcháin iarchurtha pinsean ar 31 Nollaig 2014.

(d) Stair na n-oibleagáidí sochar shainithe

		2014 € M	2013 € M	2012 € M	2011 € M	2010 € M
Oibleagáidí sochar sainithe		176	123	123	104	95
Gnóthachain / (Caillteanais) ó Thaithí ar Dhliteanais Scéime:						
	Méid (€000)	0.4	6.5	–0.1	–1	10
	Céatadán na nDliteanas Scéime	0.2%	5.3%	–0.1%	–1.4%	11.0%

Is ionann an caillteanas achtúireach carnach a aithnítear sa Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas agus **€57.976M**

(e) Cur Síos Ginearálta ar na Scéimeanna

Is socruithe pinsin bunaithe ar an tuarastal deiridh iad na scéimeanna sochair shainithe le sochair agus ranníocaíochtaí arna sainiú trí thagairt do "shamhail" rialacháin scéime na hearnála poiblí i láthair na huaire. Soláthraíonn na scéimeanna pinsean do bhaill foirne (1/80 in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce chnapshuime (3/80 in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin céilí agus leanaí. Is í an Ghnáthaois Scoir ná nuair a shroicheann an ball cúig bliana is seasca d'aois, agus tá teidlíocht ag baill roimh 2004 dul ar scor ó aois 60 bliain gan laghdú achtúireach ar bith. Soláthraíonn na scéimeanna pinsean do bhaill an Bhoird (1/48 in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce chnapshuime (1/32 in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin céilí agus leanaí.

Tá baill an Bhoird i dteideal dul ar scor nuair a thagann deireadh lena gconradh. De ghnáth méadaíonn pinsin de réir bhoilsciú tuarastail, ar bhonn lánroghnach, pinsin atá á n-íoc agus iad siúd atá curtha siar araon.

Tá an luacháil a úsáidtear le haghaidh nochtadh faoi CTA 17 (Athmheasta), tá sí bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán a rinne achtúire cáilithe neamhspleách ar 26 Márta 2015 a chuir ceanglais an CTA san áireamh d'fhonn dliteanais na scéime a mheasúnú ar 31 Nollaig 2014.

Seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana achtúireacha	**2014**	**2013**
Ráta méadaithe tuarastal	2.25%	3.00%
Ráta méadaithe maidir le híocaíocht pinsean	1.75%	2.50%
Ráta lascaine	2.20%	3.75%
Ráta boilscithe	1.25%	2.00%

Tugann an bunús mortlaíochta atá glactha cead go sainráite feabhsúcháin a dhéanamh in ionchas saoil thar am, ionas go mbeidh ionchas saoil nuair a théann duine ar scor ag brath ar an mbliain ina slánaíonn an ball aois scoir (65 bliain d'aois). Léirítear sa tábla thíos an t-ionchas saoil a bheidh ag baill a bhainfidh 65 bliain d'aois amach in 2014 agus 2034.

An bhliain ina slánóidh an duine 65 bliain d'aois	**2014**	**2034**
Ionchas saoil – fir	85.8	88.3
Ionchas saoil – mná	88.4	90.5

25 Práinnfhreagairt Bhaile Chairdif

I rith 2011, bhí an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil chun tosaigh i gcomhordú na práinnfhreagartha maidir leis an tine a tharla i láithreán líonta talún faoi thalamh ag Baile Chairdif, an Nás agus ghlac sí ceannas ar bhainistíocht an tsuímh ina dhiaidh sin. Ba é costas iomlán na hoibre seo in 2014 ná €1,583,000 (2013: €1,302,000) agus tá an costas seo léirithe faoi na ceannteidil chostais seo a leanas sna ráitis airgeadais seo:

		2014	**2013**
		€'000	**€'000**
Nóta 9	Costais Saotharlainne agus Allamuigh – Oibríochtaí Láithreáin, Diúscairt Dramhaíola, srl.	716	392
Nóta 10	Costais Chóiríochta – Costais Slándála an láithreáin den chuid is mó.	392	400
Nóta 11	Costais Riaracháin eile – Cumarsáid, Sláinte agus Sábháilteacht agus Costais Árachais den chuid is mó.	36	58
Nóta 12	Costais Conraitheoirí agus Soláthraithe Seirbhíse Seachtracha – Pearsanra d'obair oibriúcháin láithreáin srl. den chuid is mó.	424	436
Nóta 18	Caiteachas Caipitil – Trealamh bainistithe soghluaiste um ghás líonta talún agus oifigí láithreáin den chuid is mó.	0	3
Nóta 8	Speansais Taistil – Costais Taistil agus Bia fhoireann an GCC.	15	13
Costais Iomlána a Tabhaíodh		**1,583**	**1,302**

Tá bainistíocht á déanamh go fóill ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar láithreán Bhaile Chairdif i 2014. Tá an GCC ag tabhairt faoi imeachtaí dlí maidir leis seo agus tá sí ag iarraidh na costais feabhsúcháin a aisghabháil.

26 Oibríochtaí an IÉCR a Aistríodh go dtí an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Cumascadh an GCC agus an IÉCR go foirmiúil ar 1 Lúnasa 2014, agus aistríodh feidhmeanna, foireann, talamh, maoin eile, cearta agus dliteanais an IÉCR go dtí an GCC ansin. Tá costais iar-chomhlacht an IÉCR le haghaidh na tréimhse ó 1 Lúnasa 2014 go dtí 31 Nollaig 2014 léirithe sna ráitis airgeadais seo, faoi na ceannteidil seo a leanas:

		2014
		€'000
Nóta 7	Tuarastail agus ÁSPC na Foirne	1,126
Nóta 8	Speansais Taistil	85
Nóta 9	Costais Saotharlainne agus Allamuigh	51
Nóta 10	Costais Chóiríochta	240
Nóta 11	Costais Riaracháin Eile	111
Nóta 13	Conraitheoirí, Deontais agus Soláthraithe Seirbhíse Seachtracha	90
Nóta 19	Ceannach Sócmhainní	251
Nóta 24	Pinsin a Íocadh	175
Costais Iomlána a Tabhaíodh		**2,129**

27 Gealltanais agus Oibleagáidí Léasa – Léasanna Oibriúcháin

3 Cearnóg Chluain Sceach

Is ionann gealltanais léasa atá le híoc sa 12 mhí amach romhainn agus €300,000 ar bhonn na rátaí reatha cíosa agus cuimsíonn siad íocaíochtaí cíosa ar leas léasa, rud a rachaidh a théarma in éag ar 1 Deireadh Fómhair 2018.

1 Cearnóg Chluain Sceach

Is ionann gealltanais léasa atá le híoc sa 12 mhí amach romhainn agus €140,000 ar bhonn na rátaí reatha cíosa agus cuimsíonn siad íocaíochtaí cíosa ar leas léasa, rud a rachaidh a théarma in éag ar 1 Deireadh Fómhair 2018. Déantar athbhreithniú ar an gcíos gach cúig bliana. Beidh an chéad athbhreithniú eile ar siúl in 2018.

Teach Mhic Cumascaigh, Richview, Bóthar Chluain Sceach,

Is ionann gealltanais léasa atá le híoc sa 12 mhí amach romhainn agus €31,743 ar bhonn comhaontú ceadúnais 50 bliain, rud a dtiocfaidh deireadh lena théarma in 2053. Tá idirbheartaíocht tosaithe idir an GCC agus COBÁC maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar na híocaíochtaí ceadúnais, mar a fhoráiltear sa chomhaontú.

Bóthar Sheáin de Móra, Caisleán an Bharraigh

Is ionann na cíosanna a íocfar sna 12 mhí amach romhainn agus €164,232 trí chomhaontú idir an GCC agus Comhairle Contae Mhaigh Eo. Tá idirbheartaíocht ar siúl idir an GCC agus Comhairle Contae Mhaigh Eo chun comhaontú foirmiúil a chur i bhfeidhm.

An tIonad Cathartha, Sráid na hEaglaise, Baile Átha Luain

Is ionann na cíosanna a íocfar sna 12 mhí amach romhainn agus €7,725 trí chomhaontú idir an GCC agus Comhairle Contae na hIarmhí.

Ionad Comhdhála an Ráithín, Bóthar an Phiarsaigh, Luimneach

Is ionann na cíosanna a íocfar sna 12 mhí amach romhainn agus €6,075 trí chomhaontú idir an GCC agus tiarna talún príobháideach.

28 Leasanna Bhaill an Bhoird

Tá modhanna oibre maidir le teacht ar chinneadh glactha ag an GCC de réir an Achta fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, agus de réir an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus na rialacháin a ritheadh faoi. Lean an GCC na nósanna imeachta sin i gcaitheamh na bliana.

29 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh Bord na Stiúrthóirí na Ráitis Airgeadais ar 21 Iúil 2015.

ENVIRONMENTAL PROTECTION AGENCY

The Environmental Protection Agency (EPA) is responsible for protecting and improving the environment as a valuable asset for the people of Ireland. We are committed to protecting people and the environment from the harmful effects of radiation and pollution.

The work of the EPA can be divided into three main areas:

Regulation: *We implement effective regulation and environmental compliance systems to deliver good environmental outcomes and target those who don't comply.*

Knowledge: *We provide high quality, targeted and timely environmental data, information and assessment to inform decision making at all levels.*

Advocacy: *We work with others to advocate for a clean, productive and well protected environment and for sustainable environmental behaviour.*

Our Responsibilities

Licensing

We regulate the following activities so that they do not endanger human health or harm the environment:

- waste facilities (*e.g. landfills, incinerators, waste transfer stations*);
- large scale industrial activities (*e.g. pharmaceutical, cement manufacturing, power plants*);
- intensive agriculture (*e.g. pigs, poultry*);
- the contained use and controlled release of Genetically Modified Organisms (*GMOs*);
- sources of ionising radiation (*e.g. x-ray and radiotherapy equipment, industrial sources*);
- large petrol storage facilities;
- waste water discharges;
- dumping at sea activities.

National Environmental Enforcement

- Conducting an annual programme of audits and inspections of EPA licensed facilities.
- Overseeing local authorities' environmental protection responsibilities.
- Supervising the supply of drinking water by public water suppliers.
- Working with local authorities and other agencies to tackle environmental crime by coordinating a national enforcement network, targeting offenders and overseeing remediation.
- Enforcing Regulations such as Waste Electrical and Electronic Equipment (WEEE), Restriction of Hazardous Substances (RoHS) and substances that deplete the ozone layer.
- Prosecuting those who flout environmental law and damage the environment.

Water Management

Monitoring and reporting on the quality of rivers, lakes, transitional and coastal waters of Ireland and groundwaters; measuring water levels and river flows.

National coordination and oversight of the Water Framework Directive.

Monitoring and reporting on Bathing Water Quality.

Monitoring, Analysing and Reporting on the Environment

- Monitoring air quality and implementing the EU Clean Air for Europe (CAFÉ) Directive.
- Independent reporting to inform decision making by national and local government (*e.g. periodic reporting on the State of Ireland's Environment and Indicator Reports*).

Regulating Ireland's Greenhouse Gas Emissions

- Preparing Ireland's greenhouse gas inventories and projections.
- Implementing the Emissions Trading Directive, for over 100 of the largest producers of carbon dioxide in Ireland.

Environmental Research and Development

- Funding environmental research to identify pressures, inform policy and provide solutions in the areas of climate, water and sustainability.

Strategic Environmental Assessment

- Assessing the impact of proposed plans and programmes on the Irish environment (*e.g. major development plans*).

Radiological Protection

- Monitoring radiation levels, assessing exposure of people in Ireland to ionising radiation.
- Assisting in developing national plans for emergencies arising from nuclear accidents.
- Monitoring developments abroad relating to nuclear installations and radiological safety.
- Providing, or overseeing the provision of, specialist radiation protection services.

Guidance, Accessible Information and Education

- Providing advice and guidance to industry and the public on environmental and radiological protection topics.
- Providing timely and easily accessible environmental information to encourage public participation in environmental decision-making (*e.g. My Local Environment, Radon Maps*).
- Advising Government on matters relating to radiological safety and emergency response.
- Developing a National Hazardous Waste Management Plan to prevent and manage hazardous waste.

Awareness Raising and Behavioural Change

- Generating greater environmental awareness and influencing positive behavioural change by supporting businesses, communities and householders to become more resource efficient.
- Promoting radon testing in homes and workplaces and encouraging remediation where necessary.

Management and Structure of the EPA

The EPA is managed by a full time Board, consisting of a Director General and five Directors. The work is carried out across five Offices:

- Office of Climate, Licensing and Resource Use
- Office of Environmental Enforcement
- Office of Environmental Assessment
- Office of Radiological Protection
- Office of Communications and Corporate Services

The EPA is assisted by an Advisory Committee of twelve members who meet regularly to discuss issues of concern and provide advice to the Board.

Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Ceanncheathrú

Bosca Oifig Phoist 3000,
Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin
Contae Loch Garman, Éire

T: +353 53 916 0600
F: +353 53 916 0699
R: info@epa.ie
G: www.epa.ie
Íosghlaoigh: 1890 33 55 99

Cigireacht Réigiúnach
Teach Mhic Cumascaigh,
Richview, Bóthar Chluain Sceach,
Baile Átha Cliath 14, Éire

T: +353 1 268 0100
F: +353 1 268 0199

Cigireacht Réigiúnach
Inis Cara, Contae Chorcaí,
Éire

T: +353 21 487 5540
F: +353 21 487 5545

Cigireacht Réigiúnach
Lóiste Sevilla, Bóthar Challainn,
Cill Chainnigh, Éire

T: +353 56 779 6700
F: +353 56 779 6798

Cigireacht Réigiúnach
Bóthar Sheáin de Móra, Caisleán an Bharraigh
Contae Mhaigh Eo, Éire

T: +353 94 904 8400
F: +353 94 902 1934

Cigireacht Réigiúnach
An Gleann, Muineachán, Éire

T: +353 47 77600
F: +353 47 84987

Oifigí Réigiúnacha

An Lárionad Cathrach
Sráid na hEaglaise, Baile Átha Luain,
Contae na hIarmhí, Éire
T: +353 906 475722

Seomra 3, Ionad Comhdhála an Ráithín,
Teach an Phiarsaigh, Bóthar an Phiarsaigh
Páirc Ghnó an Ráithín, Luimneach,
Éire
T: +353 61 224764

Arna chló ar stoc páipéir atá neamhdhíobhálach don timpeallacht